Bord Oideachais & Oiliúna
LUIMNIGH & AN CHLÁIR

LIMERICK & CLARE
Education & Training Board

# Tuarascáil Bhliantúil 2021





Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union

European Union
Investing in Your Future
European Social Fund

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Bord Oideachais & Oiliúna
LUIMNIGH & AN CHLÁIR
LIMERICK & CLARE
Education & Training Board

**Clár an Ábhair**


Teachtaireacht ón gCathaoirleach .... **3**

Réamheolas ón bPríomhfheidhmeannach .... **4**

Ráiteas Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir .... **5**

Tinreamh Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ag Cruinnithe in 2021 .... 7

Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir - An Bord .... **11**

Feidhmeanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir .... 11

Eitic .... 12

Coiste na mBord Oideachais agus Oiliúna .... 12

Cruinnithe Boird .... 13

Dualgas Earnála Poiblí .... 13

An Cód Cleachtais maidir le Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú .... 13

Tacaíocht agus Forbairt na hEagraíochta .... **15**

Achoimre Airgeadais .... **22**

Rannán na Scoileanna .... **23**

Feidhm Obair don Aos Óg .... **32**

An Rannóg Breisoideachais agus Oiliúna (FET) .... **33**

Aguisín 1 Creat Monatóireachta agus Measúnaithe: Tuarascáil Bhliantúil 2021 - Nuashonrú ar Sheachadadh Seirbhíse .... **45**

Aguisín 2 Soláthar agus Seirbhísí .... **110**

Aguisín 3 Gluais Giorrúchán .... **112**

Bord Oideachais & Oiliúna
LUIMNIGH & AN CHLÁIR
LIMERICK & CLARE
Education & Training Board

**Teachtaireacht ón gCathaoirleach**



Mar Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2021 a chur faoi bhur mbráid.

Ag smaoineamh siar, ba bhliain dhúshlánach eile í 2021, go háirithe i lár na paindéime domhanda a bhí ar siúl. Lean Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir den fhorbairt agus de dhul in oiriúint le cianobair, rud a thaispeáin solúbthacht agus inoiriúnaitheacht na heagraíochta chun tabhairt faoi dhúshlán ar bith.

Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil leis an mBord agus leis an bPríomhfheidhmeannach as ucht a dtacaíochta sa bhliain dhúshlánach seo. Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil freisin le foireann, le daltaí agus le foghlaimeoirí Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir as ucht a gcuid oibre crua leanúnaí, as ucht a ngairmiúlachta agus a dtiomantais de réir mar a oibríonn muid le chéile chun saolta dhaoine an réigiúin a chumhachtú trí oideachas agus trí oiliúint.

An Comhairleoir Kieran O' Hanlon

Cathaoirleach
**Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir**

Bord Oideachais & Oiliúna LUIMNIGH & AN CHLÁIR
LIMERICK & CLARE Education & Training Board

**Réamheolas ón bPríomhfheidhmeannach**



Tá fáilte romhaibh agus Tuarascáil Bhliantúil Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2021 á cur faoi bhur mbráid. Is ionann foilsiú ár dtuarascála bliantúla agus ár ráiteas airgeadais agus léiriú príomhúil na cuntasachta poiblí dár mBord Oideachais agus Oiliúna. Leis an tuarascáil seo cuirtear léargas ar fáil ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil agus ar an dul chun cinn a rinneadh in 2021 faoi na ceithre phríomhsprioc a sonraíodh i Ráiteas Straitéise 2017-2021 Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir arna dhéanamh ag an údarás i bPlean Seirbhíse 2021 Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir.

Ullmhaíodh Tuarascáil Bhliantúil 2021 Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i gcomhréir leis na ceanglais reachtúla atá sonraithe in Alt 28 den Acht um Bhoird Oideachais agus Oiliúna 2013. Tá sé luaite in Alt 28 (1):

> *Ní mór do gach bord oideachais agus oiliúna, tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain, tuarascáil a ghlacadh agus a chur faoi bhráid an Aire maidir le feidhmiú na feidhme dá chuid le linn na bliana go díreach roimh an mbliain ina ndéantar an tuarascáil a chur isteach, agus ní mór don Aire, a luaithe agus is féidir tar éis dó/di an tuarascáil a ghlacadh, cóipeanna den tuarascáil a chur faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.*

Chuir an t-údarás Aiseolas um Monatóireacht agus Measúnú san áireamh le hAguisín 1 den Tuarascáil Bhliantúil seo, lena ndéantar achoimre ar an dul chun cinn a rinne Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir in 2021 maidir le tiomantais a chur i bhfeidhm de réir mar a bhí sonraithe i bPlean Seirbhíse an BOO do 2021.

Sa Tuarascáil Bhliantúil do 2021 léirítear bliain eile ina ndearnadh obair le linn paindéim dhomhanda agus le linn deiseanna agus dúshláin shóisialta, eacnamaíocha agus chultúrtha nár fhacthas riamh, agus léirítear tosaíochtaí náisiúnta léi freisin de réir mar atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Ach mar gheall ar an gcur chuige comhoibritheach, ar chomhoibriú, ar sholúbthacht agus ar ghairmiúlacht na foirne, áfach, chuir an eagraíocht a cuid tiomantas i gcrích arís de réir mar atá leagtha amach inár bPlean Seirbhíse 2021.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach agus le baill uile Bhord an BOO, agus leis an bhfoireann bainistíochta sinsearaí agus leis an bhfoireann ar fud na heagraíochta as ucht a ndíograis agus a dtiomantais ar bhonn leanúnach le linn na 12 mhí seo caite.

George O'Callaghan

Príomhfheidhmeannach

**Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir**

**Ráiteas Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir**

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus tá sé freagrach agus cuntasach as stiúradh agus rialú ceart na bhfeidhmeanna dá chuid i limistéir údarás áitiúil Luimnigh agus an Chláir.

Comhlíonann Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir an Cód Cleachtais maidir le Rialú Bord Oideachais agus Oiliúna, mar atá sonraithe in Imlitir 0002/2019 na Roinne Oideachais. Is é is cuspóir don chód chun a chinntiú go gcuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir na prionsabail de dhea-rialachas agus de dhea-bhainistíocht i bhfeidhm.

**Feidhmeanna an BOO.**

Is feidhmeanna forchoimeádta iad na cinntí a ghlacann an Bord agus tá siad leagtha amach in Alt 12 (2) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus in Imlitir 0002/2019 den Chód Cleachtais maidir le Rialú Bord Oideachais agus Oiliúna, agus tá sceideal iomlán leagtha amach in Aguisín A den Chód. Meastar cinntí nach bhfuil sonraithe sa Chód le bheith ina bhFeidhmeanna Feidhmiúcháin don Phríomhfheidhmeannach. Tá an Bord sásta go ndéanann an Príomhfheidhmeannach feidhmeanna a tharmligean nuair is iomchuí agus i gcomhréir leis an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

**Freagrachtaí an Bhoird**

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntas chearta a choinneáil ina nochtar le cruinneas réasúnta ag am a ar bith staid airgeadais an Bhoird agus lena gcuirtear ar a chumas chun a chinntiú go gComhlíontar Alt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 leis na Ráitis Airgeadais. Tá an Bord freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc. Measann an Bord go léirítear ioncam agus caiteachas agus gnóthaí an Bhoird ar bhonn ceart leis na Ráitis Airgeadais Bhliantúla.

Agus na cuntais seo á n-ullmhú, ní mór don Bhord:

(a) na bearta chuntasaíochta chaighdeánacha a chur i bhfeidhm le haghaidh ráitis airgeadais an BOO a ullmhú

(b) breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama

(c) athruithe ábhartha a nochtadh agus a mhíniú ar na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha

Le linn 2021 d'fhaomh an Bord na doiciméid a leanas;

- Glacadh na Tuarascála Bliantúla
- Ráitis Airgeadais
- Glacadh an Phlean Seirbhíse
- Deimhin arna déanamh de go ndearnadh cuntais bheachta ar chruinnithe agus ar chinntí a choimeád

Bord Oideachais & Oiliúna LUIMNIGH & AN CHLÁIR
LIMERICK & CLARE Education & Training Board

**Cruinnithe an Bhoird:**

Le linn na bliana tháinig an Bord le chéile ar sheacht n-ócáid, agus tá sonraí na gcruinnithe leagtha amach sa tábla thíos

| Ainm | An Comhlacht Ainmniúcháin |
|---|---|
| An Clr Kieran O' Hanlon **(Cathaoirleach)** | Údarás Áitiúil Chathair agus Chomhairle Luimnigh |
| An Clr Clare Colleran Molloy | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An tUasal Michael Cregan | Ball as Comhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 |
| An Clr Michael Donegan | Údarás Áitiúil Chathair agus Chomhairle Luimnigh |
| An tUasal Elaina Fitzgerald | Ball as Comhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 |
| An Clr Liam Galvin | Údarás Áitiúil Chathair agus Chomhairle Luimnigh |
| An tUasal Michael Guilfoyle | Ionadaí Foirne |
| An tUasal Kate Hehir | Ionadaí Foirne |
| An tUasal Sheila Hickey | Ionadaí Tuismitheoirí |
| An Clr Gabriel Keating | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An Clr Sarah Kiely | Údarás Áitiúil Chathair agus Chomhairle Luimnigh |
| An Clr Joe Killeen | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An tUasal Sean McMahon | Ball as Comhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 |
| An Clr Paul Murphy | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An Clr Ann Norton | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An tUasal Mark O'Dea | Ball as Comhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 |
| An tUasal Dónal Ó hAiniféin | Ionadaí Tuismitheoirí |
| An tUasal Marian Petty | Ball as Comhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 |
| An Clr Elena Secas | Údarás Áitiúil Chathair agus Chomhairle Luimnigh |
| An Clr John Sheahan | Údarás Áitiúil Chathair agus Chomhairle Luimnigh |
| An Clr Brigid Teefy | Údarás Áitiúil Chathair agus Chomhairle Luimnigh |

**Tinreamh Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ag Cruinnithe in 2021**

| | 19/01/2021 | 23/02/2021 | 23/03/2021 | 20/04/2021 | 15/06/2021 | 21/09/2021 | 16/11/2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| *An Comhairleoir Clare Colleran Molloy* | X | √ | X | X | √ | √ | √ |
| *An tUasalMichael Cregan* | X | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| *An Comhairleoir Michael Donegan* | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| *An tUasalElaina Fitzgerald* | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| *An Clr Liam Galvin* | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| *An tUasalMichael Guilfoyle* | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| *An tUasalCatherine Hehir* | √ | X | √ | √ | √ | √ | √ |
| *An tUasalSheila Hickey* | X | √ | X | X | X | X | √ |
| *An Clr Gabriel Keating* | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| *An Clr Sarah Kiely* | X | √ | √ | √ | √ | X | √ |
| *An Clr Joe Killeen* | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| *An tUasalSean McMahon* | X | √ | √ | √ | X | X | X |
| *An Clr Paul Murphy* | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| *An Clr Ann Norton* | √ | √ | √ | √ | X | √ | √ |
| *An tUasal Mark O'Dea* | √ | √ | √ | √ | √ | X | √ |
| *An tUasalDonal Ó hAiniféin* | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| *An Clr Kieran O'Hanlon* | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| *An tUasalMarian Petty* | √ | X | √ | √ | X | √ | X |
| *An Clr Elena Secas* | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| *An Clr John Sheahan* | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| *An Clr Brigid Teefy* | √ | √ | √ | √ | √ | X | √ |

**Costais Bhaill an Bhoird agus a dTinreamh ag Cruinnithe**

Íoctar costais do Bhaill an Bhoird le haghaidh taistil a bhaineann le cruinnithe an Bhoird. Is féidir an fhaisnéis seo a bhreathnú i Ráitis Airgeadais Bhliantúla Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

**Coiste Airgeadais 2021 Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir**

Comhlíonann Coiste Airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ról tábhachtach i gcreat rialachais an BOO trí athbhreithniú agus tuairisciú a dhéanamh don Bhord ar an dréachtphlean seirbhíse agus maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an Príomhfheidhmeannach ag cur an Phlean Seirbhíse i bhfeidhm, de réir mar a ghlac an Bord, agus laistigh de na teorainneacha caiteachais arna leagan síos ag an Aire agus cé acu ar cheart nó nár cheart don Bhord na cuntais arna gcur i láthair ag an bPríomhfheidhmeannach a ghlacadh.

**Baill an Choiste Airgeadais**

| **Seachtrach** | **Inmheánach** |
|---|---|
| An tUasal Sean Conlon **(Cathaoirleach)** | An Clr John Sheahan |
| An tUasal Sadie Ahern | An Clr Joe Killeen |
| Mr Eugene O'Brien | An tUasal Elaina Fitzgerald |

**Tinreamh ag Cruinnithe an Choiste Airgeadais in 2021**

| | 1ú Cruinniú | 2ú Cruinniú | 3ú Cruinniú | 4ú Cruinniú |
|---|---|---|---|---|
| *Dáta:* | 23/02/2021 | 22/03/2021 | 17/11/2021 | 07/12/2021 |
| *An tUasal Sean Conlon, Cathaoirleach* | √ | √ | √ | √ |
| *An tUasal Sadie Ahern* | √ | √ | √ | √ |
| *An tUasalEugene O'Brien* | √ | √ | √ | √ |
| *An Clr John Sheahan* | √ | √ | √ | x |
| *An Clr Joe Killeen* | √ | √ | √ | √ |
| *An tUasalElaina Fitzgerald* | √ | √ | x | √ |

**Coiste Iniúchóireachta agus Riosca Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir**

Comhlíonann Coiste Iniúchóireachta agus Riosca Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ról tábhachtach i gcreat rialachais an BOO trí chuidiú leis an mBord rialú inmheánach a mhonatóiriú, lena gcuimsítear rialachas corparáideach, bainistíocht riosca, iniúchadh inmheánach agus rialuithe airgeadais/neamhairgeadais arna gcur i bhfeidhm ag an lucht bainistíochta feidhmiúcháin. Ní ghlacann an Coiste freagrachtaí bainistíochta agus ní ionadaí é le haghaidh rialuithe agus cuntasachtaí um bainistíochta eintitis.

**Baill an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca**

| **Seachtrach** | **Inmheánach** |
|---|---|
| An tUasalDonal Fitzgibbon, **(Cathaoirleach)** | An ClrGabriel Keating |
| An tUasalFergus Dunne | An ClrSarah Kiely |
| An ClrMary Howard | An tUasalSean McMahon |
| An tUasalDeclan Phillips | |
| An tUasalMatt Power | |

**Tinreamh ag Cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta & Riosca in 2021**

| | 1ú Cruinniú | 2ú Cruinniú | 3ú Cruinniú | 4ú Cruinniú | 5ú Cruinniú | 6ú Cruinniú |
|---|---|---|---|---|---|---|
| *Dáta:* | 22/02/2021 | 19/03/2021 | 30/03/2021 | 06/09/2021 | 20/10/2021 | 09/12/2021 |
| *An tUasalDonal Fitzgibbon, Cathaoirleach* | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| *An tUasalFergus Dunne* | √ | √ | x | √ | √ | √ |
| *An Clr Mary Howard* | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| *An Clr Gabriel Keating* | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| *An Clr Sarah Kiely* | √ | x | x | x | √ | x |
| *An tUasalSean McMahon* | x | x | x | x | √ | x* |
| *An tUasalDeclan Phillips* | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| *An tUasalMatt Power* | √ | √ | √ | x | √ | √ |

*D'éirigh as

**Bainistíocht Riosca**

Coimeádann an Bord maoirseacht ghníomhach ar bhainistíocht riosca agus dearbhaíonn sé gur chuir sé measúnú chun feidhme ar na príomhrioscaí, ar bhearta maolaithe gaolmhara agus go ndearna sé athbhreithniú ar éifeachtacht na mbeart sin in 2021. Bainistíonn an Bord riosca ar son na heagraíochta trí chlár bainistíochta riosca struchtúrtha. Cuidíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca leis an mBord san fheidhm bainistíochta riosca dá chuid. Bíonn an Bord ag brath freisin ar an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí (IAU) agus ar na tuarascálacha dá chuid, ar iniúchadh bliantúil C&AG (an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste) agus ar iniúchadh seachtrach ar bith amhail iniúchadh CSTE (ESF) agus ar Iniúchadh ag na Coimisinéirí Ioncaim. Sa bhreis air sin, cuirtear athbhreithniú chun feidhme ar bhonn bliantúil ar Rialuithe Inmheánacha.

Is mír bhuan í Bainistíocht Riosca ag cruinnithe uile an Bhoird agus breithnítear na nithe a leanas:

- Tuarascálacha maidir le riosca ón lucht bainistíochta sinsearaí lena n-áirítear an Príomhoifigeach Riosca (CRO)
- Tuarascálacha de chuid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca
- Athruithe ar rátálacha riosca
- An Clár Iniúchtaí

Cuireadh sonraí maidir leis na príomhrioscaí agus na bearta nó straitéisí maolaithe gaolmhara san áireamh leis an SIC mar chuid de na ráitis airgeadais iniúchta a fhoilseofar mí amháin óna bhfáil ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh.

**Córas na Rialuithe Inmheánacha**

Dearbhaíonn an Bord go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht chóras na rialuithe inmheánacha agus gur cuireadh Ráiteas an Rialaithe Inmheánaigh, atá faoi réir ag athrú go dtí go mbeidh an t-iniúchadh seachtrach curtha i gcrích, san áireamh leis na Ráitis Airgeadais Bhliantúla (AFS) don bhliain dar críoch an 31ú Nollaig 2021 a fhoilseofar mí amháin óna bhfáil ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh a cuireadh faoi bhráid an Aire

**Beartas agus Nósanna Imeachta Soláthair**

Dearbhaíonn an Bord go gcloíonn an eagraíocht le gnéithe áirithe an Chóid Caiteachais Phoiblí agus le forbairt agus le cur i bhfeidhm an Phlean Soláthair Chorparáidigh.

**Cánachas**

Dearbhaíonn an Bord gur chomhlíon an BOO a chuid oibleagáidí faoi dhlí cánach.

**Ráitis Airgeadais 2021**

Tá an Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar críoch an 31ú Nollaig 2021 faoi réir ag iniúchadh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG) nuair a fhoilsítear an Tuarascáil Bhliantúil 2021. Foilseoidh an BOO na ráitis airgeadais iniúchta a luaithe agus is praiticiúil tar éis don C&AG iad a shíniú.

**Tá sonraí airgeadais maidir leis an méid a leanas san áireamh leis an Ráiteas Airgeadais Bliantúil**

- Sonraí maidir le táillí nach mbaineann le tuarastail a íocadh le Comhaltaí an Bhoird arna n-anailísiú faoi chatagóir na dtáillí
- Sonraí comhiomlána maidir le cúiteamh do phríomhphearsanra bainistíochta arna n-anailísiú faoi na catagóirí a leanas lena n-áirítear cúiteamh iomlán don lucht bainistíochta;
    - Tuarastail agus sochair ghearrthéarma fostaithe
    - Sochair iar-fhostaíochta
    - Sochair maidir le foirceannadh
- Cúiteamh do phríomhphearsanra bainistíochta más ann dó;
- Sonraí maidir le líon na bhfostaithe a raibh a sochair fostaithe iomlána (gan costas pinsin an fhostóra) don tréimhse tuairiscithe idir €0 agus €59,999 agus laistigh de gach banda pá de €10,000 agus €60,000 agus níos mó, agus figiúr foriomlán maidir le ranníocaíochtaí pinsin iomlána an fhostóra.

Sínithe:

An Clr Kieran O' Hanlon,
BOO Luimnigh agus an Chláir

Dáta: 21ú Meitheamh, 2022

**Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir - An Bord**

Feidhmeanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

Beidh an méid a leanas san áireamh le feidhmeanna ginearálta Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, de réir mar atá luaite san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013:

a) scoileanna aitheanta, ionaid don oideachais agus saoráidí oideachais nó oiliúna a bhunú ina limistéar feidhme,
b) nuair a ordaíonn an tAire go ndéanfar é faoi *alt 20*:
    i. scoileanna aitheanta a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme,
    ii. ionaid don oideachas a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme,
    iii. ionaid don oideachas nó scoileanna aitheanta a chothabháil ina limistéar feidhme, agus
    iv. saoráidí oideachais nó oiliúna a bhunú, a chothabháil agus acmhainní a chur ar fáil dóibh ina limistéar feidhme,

c) soláthar oideachais agus oiliúna a phleanáil, a chur ar fáil, a chomhordú agus a athbhreithniú, lena n-áirítear oideachas agus oiliúna chun críocha fostaíochta, mar aon le seirbhísí coimhdeacha ina leith ina limistéar feidhme sna háiteanna a leanas:
    i. scoileanna aitheanta nó ionaid don oideachas faoi chothabháil aige,
    ii. saoráidí oideachais nó oiliúna faoi chothabháil aige nó dá gcuireann sé acmhainní ar fáil,
    iii. scoileanna coinneála páistí,
    iv. príosúin, agus
    v. saoráidí faoi chothabháil ag comhlachtaí seirbhíse poiblí eile,

d) socruithe a dhéanamh le soláthraithe oideachais nó oiliúna, agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar dóibh, i gcomhréir le halt 22,
e) scoláireachtaí a bhunú i gcomhréir le *halt 24,*
f) ráiteas straitéise a ghlacadh i gcomhréir le *halt 27,*
g) plean seirbhíse bliantúil a ghlacadh i gcomhréir le *halt 47,*
h) comhoibriú le duine ar bith arna ainmniú chun na feidhmeanna iniúchta inmheánaigh a dhéanamh faoi *alt 52,*
i) oideachas agus oiliúint a chur ar fáil ar iarratas ó dhuine ar bith, agus ar a shon, a mhaoiníonn oiliúint as airgead arna chur ar fáil don chomhlacht sin ag an Oireachtas,
j) tacaíocht a thabhairt chun seirbhísí oibre don ógra a sholáthar, a chomhordú, a riar agus a mheasúnú ina limistéar feidhme agus cibé faisnéis agus a iarrann an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige maidir le tacaíocht den sórt sin, agus
k) measúnú a dhéanamh maidir le cé acu a bhfuil nó nach bhfuil an dóigh a gcuireann sé a chuid feidhmeanna chun feidhme eacnamaíoch, éifeachtúil agus éifeachtach.

Is feidhmeanna feidhmiúcháin nó forchoimeádta iad feidhmeanna an Bhoird. Is é an Príomhfheidhmeannach a chuireann na feidhmeanna feidhmiúcháin chun feidhme agus is é an Bord a chuireann na feidhmeanna forchoimeádta chun feidhme. Tá na feidhmeanna forchoimeádta leagtha amach in Alt 12 (2) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Lé hAlt 51 den Acht sin éilítear ar an BOO cuntais chearta agus ghnáthúla uile den

airgead a fhaigheann sé nó a chaitheann sé a choinneáil ina leithéid d'fhoirm agus maidir lena leithéidí de thréimhsí cuntasaíochta agus a bhféadfadh an tAire Oideachais iad a fhaomhadh le toiliú na nAirí Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na cuntais sin á n-ullmhú, ní mór don Bhord:

(a) na bearta chuntasaíochta chaighdeánacha a chur i bhfeidhm le haghaidh ráitis airgeadais an BOO a ullmhú

(b) breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama

(c) athruithe ábhartha a nochtadh agus a mhíniú ar na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntas chearta a choinneáil ina nochtar le cruinneas réasúnta ag am a ar bith staid airgeadais an Bhoird agus lena gcuirtear ar a chumas chun a chinntiú go gComhlíontar Alt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 leis na Ráitis Airgeadais. Tá an Bord freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc. Measann an Bord go léirítear ioncam agus caiteachas agus gnóthaí an Bhoird ar bhonn ceart leis na Ráitis Airgeadais Bhliantúla.

**Eitic**

**An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001**

Ní mór do gach comhalta de Bhord BOO cloí le forálacha ábhartha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001. Déantar foráil san Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 go nochtfar leasanna inchláraithe ag sealbhóirí stiúrthóireachtaí ainmnithe agus ag sealbhóirí post fostaíochta ainmnithe in oifigí poiblí chun críocha na reachtaíochta um Eitic. Éilítear ar chomhaltaí Boird agus ar bhaill foirne ainmnithe Nochtuithe Leasanna bliantúla a sholáthar maidir le saincheisteanna a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar fheidhmiú feidhmeanna.

Coiste na mBord Oideachais agus Oiliúna

Cuid 5 44. -(1) Faoi réir ag alt 45, is féidir le Bord Oideachais agus Oiliúna coistí a chur ar bun chun na nithe a leanas a dhéanamh -

a) ceann amháin nó níos mó dá chuid feidhmeanna a chur chun feidhme a mheasann sé, ina thuairim féin, gur féidir é a chur chun feidhme níos fearr nó níos éasca ag coiste, nó
b) comhairle a thabhairt dó maidir lena fheidhmíocht i dtaca le ceann ar bith dá chuid feidhmeanna agus is féidir leis téarmaí tagartha coiste ar bith den sórt sin a chinneadh agus nós imeachta an choiste a rialáil.

(2) Beidh líon nach mó ná 12 chomhalta ar choiste arna bhunú faoi fho-alt (1) agus, faoi réir ag fo-alt (9) agus ag fo-alt (12) (c), d'fhéadfadh comhaltaí a bheith ar an gcoiste sin nach bhfuil ina gcomhaltaí den bhord oideachais agus oiliúna atá i gceist.

**Cruinnithe Boird**

1. Sceideal 3: Mír 2 (1) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 - faoi réir ag forálacha na míre sin agus alt 31 - déanfaidh gach bord oideachais agus oiliúna a leithéidí agus a oiread sin cruinnithe a thionól, ag a leithéidí sin amanna, agus ina leithéidí sin áiteanna agus a mheasann sé ceart.
2. Sceideal 3: Mír 2 (2) Déanfaidh gach bord oideachais agus oiliúna cruinniú amháin ar a laghad a thionól gach 2 mhí seachas na míonna Iúil, Lúnasa agus Meán Fómhair.
3. Sceideal 3: Mír 2 (3) Déanfaidh gach bord oideachais agus oiliúna cruinniú amháin ar a laghad a thionól le linn na tréimhse a thosaíonn an 1ú lá de mhí Iúil agus a chríochnaíonn an 30ú lá de Mheán Fómhair gach bliain.

Déantar miontuairiscí a choimeád agus a ghlacadh mar thaca le cruinnithe Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Déantar tinreamh comhaltaí ag cruinnithe Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus sonraí a gcuid speansas a thaifeadadh sa tuarascáil seo.

**Dualgas Earnála Poiblí**

In Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannais, 2014, leagtar amach an Dualgas Dearfach a éilítear ar Chomhlachtaí Poiblí, lena n-áirítear Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Agus an fheidhm dá chuid á cur chun feidhme aige, féachann an t-údarás do na nithe a leanas:

- Deireadh a chur le leithcheal
- Cothromaíocht deiseanna agus caithimh a chur chun cinn maidir lena bhaill foirne agus na daoine dá gcuireann sé seirbhísí ar fáil
- Cearta daonna a chomhaltaí, a bhall foirne agus na ndaoine dá gcuireann sé seirbhísí ar fáil a chosaint.

**An Cód Cleachtais maidir le Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú**

**Imlitir Uimh. 0002/2019**

Is í an reachtaíocht phríomhúil lena ndéantar boird oideachais agus oiliúna a rialú an tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013, nach mór í a chomhlíonadh an t-am ar fad. Cé go leagtar amach treoirlínte maidir le cásanna áirithe inti, ba cheart Imlitir Uimh.0002/2019 den Chód Cleachtais maidir le Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú a bhreithniú mar thacar caighdeán do chomhaltaí agus do bhaill foirne an Bhoird. Táthar ag súil go gcinnteoidh comhaltaí agus baill foirne go ndéantar a gcuid gníomhaíochtaí maidir leis an BOO a rialú i gcónaí ag na caighdeáin sin, de réir litir agus spiorad araon na reachtaíochta. Ba cheart an méid a leanas a thabhairt faoi deara:

- ba cheart an Cód a léamh in éineacht leis na forálacha reachtaíochta trína ndéantar an earnáil BOO agus an Earnáil Phoiblí i gcoitinne a rialú. Tá forálacha reachtaíochta reatha maidir le gnóthaí atá ina n-ábhar den Chód sin freisin fós infheidhme agus chun nach mbeadh aon amhras ann, i gcás aon choinbhleachta nó neamhréireachta, beidh na forálacha reachtaíochta fós i réim;
- féadfaidh an tAire Oideachais forálacha atá sa Chód a leasú ó am go ham;
- féadfaidh an tAire Oideachais nó an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe imlitreacha agus nótaí treoracha a eisiúint, ó am go ham, maidir leis an gCód nó le gnóthaí gaolmhara;

Cuirtear creat ar fáil leis an gCód Cleachtais le haghaidh dea-chleachtas a chur i bhfeidhm sa rialachas corparáideach i mboird oideachais agus oiliúna. Dearbhaíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir gur glacadh an Cód Cleachtais 2019 maidir le Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú a eisíodh in 2019 agus go

gcomhlíonann sé le riachtanais cothrom le dáta an Chóid sna cleachtais agus nósanna imeachta rialachais dá chuid.

Déantar Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a threorú ag na prionsabail atá leagtha amach i ndoiciméad an Chóid Chleachtais chun an fhreagracht dá chuid a chomhlíonadh d'fhonn a chinntiú go gcomhlíontar na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach leis na gníomhaíochtaí uile dá chuid.

**Dréacht-Ráitis Airgeadais Bhliantúla (AFS)**

Ráitis Airgeadais 2021 - Tá Ráitis Airgeadais Bhliantúla Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir don bhliain dar críoch an 31ú Nollaig 2021 faoi réir ag iniúchadh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas is Ciste nuair a fhoilsítear Tuarascáil Bhliantúil 2021 Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Foilseoidh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir na ráitis airgeadais iniúchta laistigh de mhí amháin óna bhfáil ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas is Ciste.

Dearbhaíonn an Bord go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht chóras na rialuithe inmheánacha agus gur cuireadh Ráiteas an Rialaithe Inmheánaigh, atá faoi réir ag athrú go dtí go mbeidh an t-iniúchadh seachtrach curtha i gcrích, san áireamh leis na Ráitis Airgeadais Bhliantúla (AFS) don bhliain dar críoch an 31ú Nollaig 2021 a fhoilseofar mí amháin óna bhfáil ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh a cuireadh faoi bhráid an Aire.

## Tacaíocht Eagraíochta agus Forbairt




**Tacaíocht agus Forbairt na hEagraíochta**

Laistigh de Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, déanann Tacaíocht agus Forbairt na hEagraíochta maoirseacht ar bhainistíocht acmhainní an BOO ar fud Acmhainní Daonna, Seirbhísí Corparáideacha, Airgeadais, TFC, agus na Ranna Caipitil agus Soláthair.

Is é ról Thacaíocht agus Forbairt na hEagraíochta chun bheith i gceannas ar thionscnaimh riaracháin straitéiseacha agus eagraíochta a chur i gcrích (struchtúir, beartas, córais, tionscnaimh agus idirghabhálacha), lena bhfeabhsófar cumas Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir chun na ceithre sprioc a bhaint amach atá sonraithe sa Ráiteas Straitéiseach dá chuid agus chun dea-chleachtas a chinntiú i dtéarmaí rialachas corparáideach an údaráis. Déantar é sin i gcomhar le Stiúrthóirí rannóga Scoileanna agus Breisoideachais agus Oiliúna an BOO.




Ag obair thar na 4 sprioc uile, is é aidhm Thacaíocht agus Fhorbairt na hEagraíochta luach méadaithe a chur ar fáil do Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir trí bheartais, trí chórais agus trí phróisis theagmhála atá fónta agus cuimsitheach a fheabhsú a thuilleadh, trína gcinntítear go gcomhlíonann an BOO an reachtaíocht, go dtarraingíonn sé agus go gcoinníonn sé foireann ardchaighdeáin, go dtaispeánann sé barr feabhais maidir le rialachas agus go dtacaíonn sé le baint amach fhís an údaráis de réir mar atá sainithe sa Ráiteas Straitéise.

Forbraíodh rath Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ar iarrachtaí tiomanta na foirne. Léiríodh an tábhacht a bhaineann le timpeallacht oibre atá tacúil, comhoibritheach, sábháilte agus sláintiúil don fhoireann uile i *Sprioc Tosaíochta 2 - Tacaíocht don Fhoireann agus Forbairt na hEagraíochta.* Is próiseas a fhorbraítear i rith an ama dearadh na heagraíochta agus imreofar tionchar air ag roinnt tionscadal náisiúnta lena n-áirítear Seirbhísí Comhroinnte Párolla agus Airgeadais. Lean Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir de bheartais agus de nósanna imeachta ábhartha a fhorbairt agus a nuashonrú le linn 2021 chun a chinntiú gur comhlíonadh an reachtaíocht ábhartha, dea-chleachtas, seirbhís do chustaiméirí agus rialachas corparáideach.

**Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide**

Rinneadh dul chun cinn maith maidir le clár feabhsúchán beartaithe le linn 2021, lenar áiríodh béim ar leith ar réitigh ríomhghnó a shainaithint agus athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis reatha. Mar gheall ar na dúshláin a bhain le paindéim COVID-19 agus an spleáchas ar theicneolaíocht chun freastal ar chianobair, bhí sé riachtanach sin a sholáthar in achar ama gairid don fhoireann, ach baineadh sin amach go rathúil. Ba chuidiú sármhaith an straitéis TFC, lena soláthraítear treochlár chun úsáid TFC a mhéadú agus a fheabhsú i dteagasc, i bhfoghlaim agus i gcleachtais riaracháin ar fud na heagraíochta, le tabhairt isteach gasta na cianoibre do na baill foirne uile. Leanadh de ról TFC a fhorbairt ar fud réimsí uile sheirbhísí an BOO le linn 2021. Méadaíodh an tábhacht a bhaineann leis don eagraíocht go suntasach agus forbraítear a raon seirbhísí agus tacaíochtaí a chuirtear ar fáil d'oifigí riaracháin agus do scoileanna/ionaid ar bhonn leanúnach. Mar roinn, áirítear na nithe a leanas le raon na seirbhísí agus tacaíochtaí a chuirtear ar fáil d'oifigí, do scoileanna agus d'ionaid:

- Bainistíocht tionscadail maidir le córais nua, agus uasghráduithe san áireamh
- Forbairt bonneagair agus bainistíocht ina leith
- Córais bhogearraí oiriúnacha agus uasghráduithe a shainaithint
- Córais chumarsáide a fhorbairt agus a chothabháil
- Tacaíocht Theicniúil agus Deasc Chabhrach a Chomhordú agus a Bhainistiú
- Conraitheoirí a Bhainistiú
- Seirbhís chomhairleach do sholáthar
- Pleananna Athshlánaithe ó Thubaiste
- Cosaint Sonraí agus Slándáil TF

Forbraíonn an Roinn TFC córais chumarsáide Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, agus déanann sí cothabháil orthu, agus í ag déanamh a dícheall chun cosaint agus slándáil sonraí a chinntiú thar chórais uile an BOO. Leanfaidh an Roinn TFC de chúnamh agus de chomhairle a thabhairt maidir le soláthar TFC uile agus chun a chinntiú go ndéantar Pleananna Leanúnachais Ghnó agus Athshlánaithe ó Thubaiste a chríochnú agus a athbhreithniú.

Rinne an BOO infheistíocht i gcórais chianrochtana, agus rinne sé forbairt orthu, lena ndéantar dóigheanna nua oibre a thacú agus a éascú. Tá an chuid is mó de na seirbhísí a theastaíonn ón bhfoireann ar fáil anois ó áit ar bith trí thairseach. Mar gheall ar fhorbairtí i néal-sheirbhísí, agus go príomha mar gheall ar fheidhmiú céimneach Microsoft Office 365 agus uirlisí táirgiúlachta eile, ní bhíonn an BOO spleách go hiomlán ar na hoifigí agus na foirgnimh dá chuid d'fhonn an gnó laethúil a dhéanamh.

**Dlí agus Comhlíonadh**

Tá taispeáint maidir le comhlíonadh ag dul ar aghaidh ar bhonn leanúnach, agus coinnítear beartais uile faoi athbhreithniú buan. Mar thoradh ar an bpaindéim, rinne Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a chuid modúl oiliúna a athbhreithniú agus a nuashonrú d'fhonn nádúr athraitheach COVID a chur san áireamh mar aon leis na srianta breise a raibh sé riachtanach iad a chur i bhfeidhm chun sláinte agus sábháilteacht ár bhfoirne, ar ndaltaí agus ár bhfoghlaimeoirí a chosaint.

Cuireadh anailís ar bhearnaí ar an gCód Cleachtais maidir le Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú i gcrích agus taispeánadh léi go raibh ardleibhéal comhlíontachta faoi C.L. (Imlitir) CL 0002/2019. Taispeántar comhlíonadh freisin trí athbhreithniú rialta agus measúnú leantach ar thorthaí iniúchtaí.

**Cosaint Sonraí**

D'fhonn cloí le hoibleagáidí reachtúla agus iad a chomhlíonadh i gcomhréir leis an Acht um Chosaint Sonraí 2018, déanann Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir méideanna móra sonraí a bhailiú, a stóráil agus a phróiseáil maidir le héagsúlacht de dhaoine is ábhair do shonraí. Tá an BOO tiomanta do pholasaí de chearta agus de shaoirsí daoine a chosaint maidir le próiseáil a gcuid sonraí pearsanta. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ainmnithe ag an údarás a ghníomhaíonn mar an duine teagmhála maidir le fiosruithe uile i dtaca le príobháideachas sonraí agus d'fhorbair sé Beartas Cosanta Sonraí d'fhonn cur lena Bheartas Príobháideachais. Leanann an BOO den fhoireann a uasoiliúint maidir leis na ceanglais faoin RGCS agus tá oiliúint ina cuid den phróiseas ionduchtúcháin do gach ball foirne nua. Cuirtear oiliúint athnuachana ar fáil ar bhonn rialta. Le linn 2021, fuair Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 6 Iarratas ar Rochtain ar Shonraí.

**Saoráil Faisnéise**

Le hAlt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 éilítear ar chomhlachtaí Saorála Faisnéise (FOI) a oiread faisnéise is féidir a ullmhú agus a fhoilsiú ar bhealach oscailte agus inrochtana ar bhonn gnáthrialta lasmuigh den FOI, ag féachaint do phrionsabail na hoscailteachta, na follasachta agus na cuntasachta de réir mar atá leagtha amach in Alt 8(5) agus in Alt 11(3) den Acht. Leis sin, ligtear d'fhoilsiú nó do rochtain a thabhairt ar thaifid lasmuigh den FOI, ar an gcoinníoll nach bhfuil a leithéid d'fhoilsiú nó de thabhairt rochtana coiscthe de réir an dlí. Leis an scéim, cuirtear de cheangal ar chomhlachtaí FOI faisnéis a chur ar fáil mar chuid dá ngníomhaíochtaí gnó normálta i gcomhréir leis an scéim sin agus d'fhoilsigh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir Scéim Foilsithe FOI an BOO ar a shuíomh gréasáin agus tá Oifigeach FOI ainmnithe aige. Le linn 2021, fuair Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 13 Iarratas FOI.

Tháinig na hiarratais sin ó iriseoirí, ó ghrúpaí leasa, agus ón bhfoireann. Ceadaíodh 9 n-iarratas, ceadaíodh 1 iarratas i bpáirt, tarraingíodh 1 iarratas siar agus diúltaíodh 2 iarratas.

**Nochtadh Cosanta**

I gcomhréir le forálacha an Achta um Nochtadh Cosanta 2014, cheap Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir oifigeach ainmnithe chun nochtuithe cosanta a ghlacadh agus chuir sé Beartas i bhfeidhm le haghaidh Nochtuithe Cosanta a Dhéanamh ag foireann Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir atá foilsithe ar shuíomh gréasáin an BOO. Leis an mbeartas sin, in éineacht leis an reachtaíocht, spreagfar an fhoireann chun éagóir fhéideartha a thuairisciú agus é ar eolas acu go nglacfar lena mbuarthaí i ndáiríre agus go ndéanfar iad a imscrúdú, nuair is iomchuí, agus go dtabharfar meas ar a rúndacht. De réir mar a éilítear ag Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, dearbhaíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir nach ndearnadh Nochtuithe Cosanta ar bith in 2021.

**Bainistíocht Riosca**

Tá Beartas um Bainistíocht Riosca Chorparáidigh i bhfeidhm agus, bunaithe ar phlean gnó, cuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir clár rioscaí ar fáil lena léirítear na rioscaí arna sainaithint.

Is doiciméad beo é an Clár Rioscaí a dhéantar a nuashonrú de réir mar a dhéantar rioscaí nua a shainaithint, nó de réir mar a dhéantar dóchúlacht/déine na rioscaí a leasú mar gheall ar rialuithe oiriúnacha a chur i bhfeidhm chun an riosca a laghdú/a bhaint.

Coimeádann an Bord maoirseacht ghníomhach ar bhainistíocht riosca agus dearbhaíonn sé gur chuir sé measúnú chun feidhme ar na príomhrioscaí, ar bhearta maolaithe gaolmhara agus go ndearna sé athbhreithniú ar éifeachtacht na mbeart sin in 2021. Bainistíonn an Bord riosca ar son na heagraíochta trí chlár bainistíochta riosca struchtúrtha. Cuidíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca leis an mBord san fheidhm bainistíochta riosca dá chuid. Bíonn an Bord ag brath freisin ar an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí (IAU) agus ar na tuarascálacha dá chuid, ar iniúchadh bliantúil C&AG (an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste) agus ar iniúchadh seachtrach ar bith amhail iniúchadh CSTE (ESF) nó iniúchadh ag na Coimisinéirí Ioncaim. Sa bhreis air sin, rinneadh athbhreithniú ar éifeachtacht chóras na rialuithe inmheánacha in 2021 - déantar an t-athbhreithniú sin gach bliain. Is mír bhuan í Bainistíocht Riosca ar chlár oibre chruinnithe bainistíochta uile agus breithnítear na nithe a leanas, i measc nithe eile:

• Tuarascálacha maidir le riosca ón lucht bainistíochta sinsearaí, lena n-áirítear an Príomhoifigeach Riosca (CRO)

• Tuarascálacha de chuid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

• Tuarascálacha maidir le riosca ón lucht bainistíochta sinsearaí, lena n-áirítear an Oifigeach um Chomhlíonadh an BOO

• An Clár Iniúchtaí

Rinne Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir roinnt gníomhaíochtaí in 2021 chun tacú le bainistiú riosca fiontair agus chun dea-rialachas a thaispeáint. Is é an bonn fianaise lena gcuirtear taca faoin obair sin an reachtaíocht atá ábhartha do Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus an Cód Cleachtais maidir le Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú (Imlitir 0002/2019). Baineadh na torthaí a leanas amach le linn na bliana:

• Athbhreithniú Ráithiúil agus an Clár Riosca Chorparáidigh a nuashonrú

• Athbhreithniú Ráithiúil agus an Clár Riosca Breisoideachais agus Oiliúna a nuashonrú

• Athbhreithniú Ráithiúil agus an Clár Riosca Scoileanna a nuashonrú

• Ailíniú lenár Ráiteas Straitéise agus le Príomhtháscairí Feidhmíochta (KPInna) arna sannadh do gach riosca ar scarbhileog

Cuireadh na príomhrioscaí arna sainaithint faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus rinneadh obair ar bhonn leanúnach ar bhainistiú na rioscaí arna sainaithint, ar riosca a laghdú agus ar réimsí riosca nua a shainaithint. Cuireadh béim ar na príomhrioscaí a shainaithint a d’fhéadfadh cosc a chur ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir as a Ráiteas Straitéise a chur i bhfeidhm agus as bearta rialaithe gaolmhara a chur i bhfeidhm d’fhonn tionchar a leithéidí de rioscaí a mhaolú.

Cuirtear na rioscaí arna sainaithint leis an gClár Rioscaí agus déantar iad a chatagóiriú mar a leanas:

Comhlíonadh, Conarthach, Airgeadais, Oibríochtúil, Cáile agus Straitéiseach. Ansin déantar na rioscaí sin a rátáil i dtéarmaí dóchúlachta agus tionchair, agus déantar iad a rangú dá réir sin mar rioscaí Dearga, Ómracha nó Glasa.

Nuair a dhéantar na rioscaí a shainaithint agus a thaifeadadh ar an gclár rioscaí, déanann an Lucht Bainistíochta athbhreithniú orthu mar a leanas: Dearg - gach ráithe, Ómrach - gach sé mhí, Glas - gach bliain. Dearbhaíonn an Bord go ndearna sé measúnú ar phríomhrioscaí an BOO agus cuireadh sonraí maidir leis na rioscaí sainaitheanta sin, lena n-áirítear bearta nó straitéisí maolaithe gaolmhara, isteach mar Aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh a cuireadh faoi bhráid an Aire.

Dearbhaíonn Cathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir go gcloíonn an eagraíocht le gnéithe ábhartha an Chóid um Chaiteachas Poiblí. Dearbhaíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir gur glacadh an Cód Cleachtais 2019 maidir le Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú a eisíodh in 2019 agus go bhfuil an BOO ag cur feidhmiú riachtanais cothrom le dáta an Chóid chun cinn sna cleachtais agus nósanna imeachta rialachais dá chuid ar fud na heagraíochta. Is féidir féachaint ar réimsí neamhchomhlíontachta sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla.

**Saincheisteanna Árachais agus Dlí**

Lean an roinn Seirbhísí Corparáideacha de thacaíocht agus de chomhairle a chur ar fáil don fhoireann uile ar fud na heagraíochta in 2021 maidir le saincheisteanna dlí a tháinig chun cinn, éilimh fhéideartha, agus éilimh maidir le gortuithe pearsanta.

**Sláinte agus Sábháilteacht**

Is é aidhm Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, trí rioscaí a rialú agus trí bheartas leanúnach de laghdú rioscaí, chun a chinntiú go ndéantar timpistí/teagmhais nó cásanna de neastimpistí a sheachaint, agus ar an mbealach sin sábháilteacht, sláinte agus leas na foirne, na ndaltaí/foghlaimeoirí agus na gconraitheoirí a bhfuil cúis acu dul isteach i bhfoirgnimh ar bith an údaráis a chosaint. Rinne an BOO roinnt cúrsaí oiliúna a fheidhmiú go céimneach trí Privacy Engine d'fhonn comhlíonadh na reachtaíochta a chinntiú. Úsáidtear córais ar líne freisin chun an BOO a chur ar an eolas faoi athruithe ar bith ar reachtaíocht maidir le Sláinte agus Sábháilteacht. Bhí 3 thimpiste ag an BOO a raibh sé riachtanach iad a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta le linn 2021.

**Scéim na dTeangacha Oifigiúla**

Déantar Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a threorú ag prionsabail Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus tá sé tiomanta do chur i bhfeidhm na n-oibleagáidí a eascraíonn as. Chuir an BOO tús le Scéim Teanga nua le haghaidh thréimhse 3 bliana in 2021 a cuireadh faoi bhráid an Aire Cultúir, Oidhreachta agus na Gaeltachta.

**Acmhainní Daonna**

Cuireann roinn Acmhainní Daonna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir raon iomlán seirbhísí, feidhmeanna agus tacaíochtaí ar fáil a bhaineann le hAcmhainní Daonna don lucht bainistíochta uile agus don fhoireann uile ar fud na heagraíochta.

In 2021 rinne an roinn Acmhainní Daonna an próiseas earcaíochta agus roghnúcháin a bhainistiú maidir le 2,234 iarratas a raibh 342 cheapachán ina dtoradh orthu rud a chinntigh soláthar leanúnach de chatagóirí éagsúla foirne d'fhonn riachtanais ár ndaltaí agus ár bhfoghlaimeoirí uile inár scoileanna agus inár nIonaid FET a shásamh. Rinne an roinn Acmhainní Daonna feachtais earcaíochta uile a bhainistiú go rathúil in 2021 trí ardáin fhíorúla a úsáid de réir mar a bhí iomchuí d'fhonn srianta agus treoirlínte maidir leis an bpaindéim a chomhlíonadh.

Sa bhreis ar an méid thuas cheap iar-bhunscoileanna an údaráis 85 phost freagrachta in 2021. Rinne an roinn Acmhainní Daonna an próiseas earcaíochta inmheánaí seo a bhainistiú, agus mar thoradh air neartaíodh na foirne Ceannaireachta agus Bainistíochta laistigh de scoileanna an BOO, le béim ar na caighdeáin is airde de thorthaí oideachasúla a bhaint amach do mhic léinn d'fhonn timpeallacht a choimeád ag imeacht lena gcuirtear taca faoi ardchaighdeán i gcúram do dhaltaí, faoi fhoghlaim agus faoi theagasc.

Rinne an roinn Acmhainní Daonna feidhmiú céimneach ár modúl Ionduchtaithe ar líne a bhainistiú freisin in 2021 do bhaill foirne nua-cheaptha uile.

**Caipiteal agus Soláthar**

Lean Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir d'infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar oideachasúil ar fud Luimnigh agus an Chláir in 2021. Le linn 2021, ghlac baill foirne ón roinn Caipitil agus Soláthair páirt i bhforbairt ghairmiúil ar bhonn foirmiúil agus neamhfhoirmiúil, agus chuir an fhoireann oiliúint ar fáil d'Fhoirne Bainistíochta Sinsearaí FET agus scoileanna, agus do bhaill foirne i scoileanna agus bunaithe in ionaid maidir leis an mBeartas Náisiúnta Soláthair agus Plean Soláthair Ilbhliantúil do BOOnna (MAPP).

Dearbhaíonn an Cathaoirleach go gcloítear leis an mbeartas agus leis na nósanna imeachta soláthair ábhartha agus go bhfuil an Plean Soláthair Corparáideach á fhorbairt agus á chur i bhfeidhm.

Rinneadh an comhoibriú dlúth idir an roinn Caipitil agus Soláthair agus an roinn Airgeadais a choimeád ag imeacht in 2021. Thuairiscigh an tOifigeach Caipitil agus Soláthair don Choiste Iniúchóireachta agus don Choiste Airgeadais araon maidir leis an gClár Caipitil agus feidhm an tSoláthair le linn 2021, agus leantar de thuarascálacha a eisiúint maidir le tairiscintí uile de luach níos mó ná €100,000 do gach cruinniú den Choiste Airgeadais. Taispeánadh éifeachtacht an chomhoibrithe idir na ranna Airgeadais agus Caipitil agus Soláthair sa fhreagairt chomhordaithe ar riachtanais PPE (trealamh cosanta pearsanta) agus soláthairtí do scoileanna agus d'ionaid a chomhlíonadh d'fhonn athoscailt saoráidí oideachasúla a chumasú tar éis na dianghlasála in 2021. Bhí comhoibriú dlúth riachtanach freisin le haghaidh an Plean Soláthair Ilbhliantúil (MAPP) a chur i gcrích, a cuireadh faoi bhráid BOOÉ in am i Meán Fómhair 2021.

**Straitéis Airgeadais**

Is é cuspóir na roinne Airgeadais tacú leis an mBord chun cuspóirí a bhaint amach, laistigh den bhuiséad, atá leagtha amach sa Phlean Seirbhíse bliantúil. Áirítear le tacaíocht airgeadais tacaíocht do chinnteoireacht, rialú corparáideach ar airgead poiblí, próiseáil idirbheart agus cuntasacht reachtúil, agus ag cinntiú gur comhlíon an BOO a chuid oibleagáidí faoi dhlí cánach. Dearbhaíonn Cathaoirleach an Bhoird gur comhlíon Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a chuid oibleagáidí faoi dhlí cánach.

**Cuntasacht Reachtúil**

Dearbhaíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir go bhfuil sé freagrach as ullmhúchán na tuarascála bliantúla agus na ráiteas airgeadais dá chuid agus measann sé go léirítear go ceart ioncam agus caiteachas an údaráis agus staid gnóthaí an údaráis leis na ráitis airgeadais.

**Foinsí Maoinithe**

Is féidir breathnú ar mhiondealú mionsonraithe de na foinsí maoinithe inár Ráitis Airgeadais Bhliantúla (AFS).

**Ráitis Airgeadais 2021**

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir freagrach as ullmhúchán na tuarascála bliantúla agus na ráiteas airgeadais dá chuid agus, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil dó, measann sé go léirítear go ceart ioncam agus caiteachas an údaráis agus staid gnóthaí an údaráis leis na ráitis airgeadais.

Tá Ráitis Airgeadais Bhliantúla Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir don bhliain dar críoch an 31ú Nollaig 2021 faoi réir ag iniúchadh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG).

Tar éis don C&AG an t-iniúchadh a shíniú, foilseoidh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir na ráitis airgeadais iniúchta laistigh de mhí amháin óna bhfáil ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas is Ciste.

**Achoimre Airgeadais**

**don bhliain dar críoch an 31ú Nollaig 2021**

**Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir**

**Ráiteas Oibriúcháin don bhliain dar críoch an 31ú Nollaig 2021***

Ullmhaítear Ráitis Airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir do 2021 agus cuirtear iad faoi bhráid na Roinne Oideachais agus an Ard-Reachtaire Cuntas is Ciste le haghaidh iniúchta. Tar éis don C&AG na ráitis airgeadais a shíniú agus tar éis don Roinn Oideachais iad a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais, foilseofar na Ráitis Airgeadais ar shuíomh gréasáin Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus nascfar iad leis an Tuarascáil Bhliantúil.

**Tá sonraí airgeadais maidir leis an méid a leanas san áireamh leis an Ráiteas Airgeadais Bliantúil**

- Táillí Nach mBaineann le Tuarastail a íocadh le Comhaltaí na gcoistí;
- Tuarastail agus sochair ghearrthéarma fostaithe;
- Sochair iar-fhostaíochta;
- Sochair maidir le foirceannadh;
- Cúiteamh do phríomhphearsanra bainistíochta, más ann dó;
- Líon na bhfostaithe a raibh a sochair fostaithe iomlána idir €0 agus €59,999;
- Líon na bhfostaithe a raibh a sochair fostaithe iomlána idir €60,000 agus €69,999 agus laistigh de gach banda pá de €10,000; agus
- Figiúr foriomlán maidir le ranníocaíochtaí pinsin an fhostóra.

**Rannán na Scoileanna**

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir freagrach as 2 scoil náisiúnta pobail agus 18 n-iar-bhunscoil a bhainistiú agus a oibriú i Luimneach agus sa Chlár. Tá an BOO ina phátrún comhpháirteach freisin maidir le 4 Phobalscoil. Sa bhreis ar bhainistíocht na mbunscoileanna agus na n-iar-bhunscoileanna, tá freagracht ag an rannán as Seirbhísí Oibre don Ógra agus as an gComhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach (LCYP)

## Rannán Scoileanna

- **4** SCOILEANNA POBAIL
- **30,000** DUINE ÓG TACAITHE AG AN BHFEIDHM OBAIR ÓIGE
- **2** SCOILEANNA NÁISIÚNTA POBAIL
- **18** COLÁISTÍ POBAIL
- **13,000** DALTAÍ
- **47%** DE ROLLÚ IOMLÁN MAC LÉINN IAR-BHUNSCOILE SA RÉIGIÚN

**Tacaíocht do Scoileanna le linn COVID-19**

Leis an bhfógra an 12 Márta 2020 maidir le dúnadh scoileanna, coláistí, ollscoileanna, agus saoráidí oiliúna agus foghlama eile uile, cuireadh tús le sraith dúshlán ar fud na hearnála oideachais.

**Foghlaim, Teagasc agus Measúnú ar bhonn Cianda**

D'fhógair an Taoiseach, Micheál Martin TD, Déardaoin an 6 Eanáir 2021, go ndúnfar scoileanna go dtí an 1 Feabhra 2021. Ón Luan, an 11ú Eanáir bhí ar dhaltaí, agus páistí ag a raibh riachtanais speisialta san áireamh, atosú ar chlár cianfhoghlama ar aon dul le cuid eile de shrianta an Rialtais.

**Ag Tacú leis an Aistriú go Cianfhoghlaim agus go Cianteagasc**

Thacaigh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir le scoileanna trí fhorbairt ghairmiúil agus trí cheardlanna maidir le dea-chleachtas a chomhroinnt i dtaca le huirlisí agus córais ar líne a úsáid. Bhí cruinnithe foirne uile agus laethanta Forbartha Gairmiúla uile dírithe ar gach duine a uasoiliúint le bheith níos oilte agus níos compordaí le Córas Bainistíochta Foghlama (LMS) sármhaith na scoile, le G Suite don Oideachas (Google) nó Microsoft 365 (Microsoft). Fuair scoileanna oiliúint agus tacaíocht freisin maidir le Zoom a úsáid. Chuaigh daltaí inár scoileanna i dtaithí ar an gCóras Bainistíochta Foghlama sin agus tá Tairseach Chianfhoghlama thiomnaithe ag gach scoil ar an suíomh gréasáin dá cuid. Sin an príomhthairseach chun rochtain a fháil ar ranganna ar líne agus ar aiseolas ó mhúinteoirí.

Rinne na scoileanna uile suirbhé ar thuismitheoirí/caomhnóirí, ar dhaltaí agus ar bhaill foirne uile maidir le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha do thréimhse na Cianfhoghlama a thosaigh an 11 Eanáir 2021.

Roghnaigh Cigireacht na Roinne Oideachais Coláiste Pobail Mhungairit chun páirt a ghlacadh i measúnú píolótach atá á fhorbairt mar shamhail le haghaidh síneadh breise níos déanaí sa bhliain - *Evaluation of Remote Teaching and Learning (ERTAL) [Measúnú ar Chianteagasc agus ar Chianfhoghlaim].* Bhí an tuarascáil ar an measúnú sin thar a bheith dearfach.

**Na chéad trí seachtaine de dhúnadh scoileanna i Mí Eanáir 2021**

Dhírigh na scoileanna a gcuid iarrachtaí le linn na dtrí seachtaine de Chianfhoghlaim ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar aiseolas éifeachtach a sholáthar do dhaltaí. Bhí cumasc de ranganna 'beo' ar líne, de cheachtanna 'malairt foghlama', de thascanna, agus d'obair bhaile ag na daltaí. Chuir múinteoirí an fhaisnéis sin in iúl do dhaltaí trí Chóras Bainistíochta Foghlama (LMS) na scoile.

**Tacaíocht do Dhaltaí lenar áiríodh Naisc Idirlín agus Cuacha Sonraí le Soláthraithe Fón Móibíleach**

Rinne Príomhoidí agus Leas-phríomhoidí suirbhé ar dhaltaí agus ar theaghlaigh chun a chinntiú gur cuireadh gléasanna ar fáil do dhaltaí chun tacú leo agus iad sa bhaile.

**Folláine agus gníomhaíocht choirp san áireamh**

Thug scoileanna tús áite don fholláine le linn dhúnadh na scoileanna agus bhain siad úsáid as acmhainní ó NEPS, Seirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais na Roinne, arna forbairt chun Paistí agus Daoine Óga a choinneáil sláintiúil le linn COVID-19. Is í aidhm na n-acmhainní sin chun tacú le foghlaim agus le folláine páistí agus daoine óga.

**Ag Tacú le Daltaí ag a bhfuil Riachtanais Bhreise Oideachais**

Choimeád na scoileanna teagmháil rialta le daltaí agus lena dtuismitheoirí agus lena gcaomhnóirí nuair a bhí riachtanais bhreise oideachais ag teastáil. D'fhorbair an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta acmhainní do thuismitheoirí páistí ag a raibh riachtanais bhreise a bhféadfadh comhairle shainiúil bheith ina tairbhe dóibh le linn thréimhse dhúnadh na scoileanna.

**Pleananna Freagartha COVID-19**

Lean Rannán na Scoileanna de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir de cháilíocht na dtorthaí oideachasúla a chinntiú do pháistí uile, go speisialta paistí leochaileacha agus faoi mhíbhuntáiste, agus rinneadh iad a uasmhéadú ó Eanáir 2021. Leanadh de chruinnithe físchomhdhála Príomhoidí agus Leas-phríomhoidí in 2021 agus rinneadh an dea-chleachtas sin a choimeád ó shin. Forbraíodh acmhainní ar feadh 2021 lenar áiríodh pleananna, teimpléid, foirmeacha ar líne, etc. chun leanúnachas an oideachais agus folláine na ndaltaí a choimeád; agus tugadh tacaíocht do mhúinteoirí trí dheiseanna forbartha gairmiúla ábhartha d'fhonn freagairt a dhéanamh ar an aistriú mear go Cianteagasc agus go Cianfhoghlaim.

Tugadh tacaíocht do scoileanna maidir le plean na Roinne Oideachais chun scoileanna a athoscailt i Márta agus in Aibreán 2021. Thacaigh Rannán na Scoileanna le cur i gcrích agus le cur i bhfeidhm an Phlean Freagartha COVID-19 mar mheáin trína raibh scoileanna in ann tabhairt isteach agus leathadh COVID-19 i dtimpeallacht na scoile a chosc ar an dóigh is fearr. Leanadh den doiciméad beo tábhachtach sin a chur in oiriúint thar am d'fhonn comhthéacs athraitheach COVID-19 a léiriú. Tacaíodh le rath mhéid sin na hullmhachta agus na bainistíochta leanúnaí Phleananna Freagartha COVID-19 ag cuairteanna agus tuarascálacha ó Chigireacht na Roinne Oideachais i gcomhréir le Tacaíocht do Sholáthar Sábháilte Scolaíochta (SSPS) agus cuirtear Cigireachtaí chun feidhme i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. Le linn na gcigireachtaí sin, d'fhéach na cigirí ar an dóigh a raibh na scoileanna ag cur plean freagartha COVID-19 na Roinne i bhfeidhm maidir le hoibriú sábháilte agus inbhuanaithe bunscoileanna agus scoileanna speisialta. Ag deireadh gach cigireachta sholáthair an chigireacht aiseolas ó bhéal

don scoil mar aon le tuarascáil i scríbhinn. Foilsíodh an tuarascáil ó gach cigireacht freisin ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais. Deartar an próiseas de chuairteanna cigireachta SSPS a chur chun feidhme d'fhonn dearbhú a chur ar fáil don phobal go bhfuil treoirlínte na Roinne á gcur i bhfeidhm agus chun tacú le scoileanna iad a chur i bhfeidhm.

Tabharfar tacaíocht do scoileanna chun leanúint de bheith thar a bheith cruthaitheach agus solúbtha maidir le meáin chomhroghnacha a éascú de thráthnónta faisnéise do thuismitheoirí, cruinnithe tuismitheoirí le múinteoirí, agus cruinnithe le tuismitheoirí daltaí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) a reáchtáil. Reáchtáil scoileanna uile cruinnithe tuismitheoirí le múinteoirí go cianda agus MS Teams, Zoom nó Google Meet á n-úsáid. Reáchtáladh tráthnónta Faisnéise do Thuismitheoirí agus Oícheanta Oscailte agus Zoom á úsáid.

**Leibhéal na Bunscoile**

Is bunscoileanna atá dírithe ar an bpáiste, ionchuimsitheach, il-sainchreidmheacha, arna dtacú ag an stáit iad an dá scoil náisiúnta phobail dár gcuid ina soláthraítear bunoideachas ardchaighdeáin do gach páiste i gcomhréir le Curaclam Náisiúnta na Bunscoile de chuid na Roinne Oideachais. Chláraigh na scoileanna 232 dhalta in 2021.

Baineann ár Scoileanna Náisiúnta Pobail leas as líonra tacaíochta na bPríomhoidí arna eagrú ag Stiúrthóir na Scoileanna. Faigheann na scoileanna treoir agus cúnamh ó Fhoireann Tacaíochta Rannán na Scoileanna agus fuair bord bainistíochta gach scoile oiliúint maidir lena chuid freagrachtaí agus feidhmeanna ar feadh 2021 trí Sheimineár Gréasáin Zoom mar gheall ar shrianta COVID-19.

Glacann gach scoil páirt sa líonra náisiúnta tacaíochta arna eagrú ag BOOÉ maidir leis an gclár *Goodness Me, Goodness You* do Scoileanna Náisiúnta Pobail.

| **Líon Iarbhír agus Réamh-mheasta ar Rollaí (Bunscoil)** | | | |
|---|---|---|---|
| **Uimhir Rolla** | **Scoil** | **Líon ar an Rolla 2021** | **Líon Réamh-mheasta ar an Rolla 2022** |
| 20313J | Scoil Náisiúnta Phobail Mol an Óige, Inis Díomáin, Co. an Chláir | 112 | 112 |
| | Seomra Ranga Satailíte an Ghleann Rua, an Gleann Rua, Co. Luimnigh (faoi choimirce Scoil Náisiúnta Phobail Mol an Óige, Inis Díomáin, Co. an Chláir) | 21 | 26 |
| 20312H | Scoil Náisiúnta Phobail Choill Raithin, Tuaim Gréine, Co. an Chláir | 99 | 108 |
| | **Iomlán** | **232** | **246** |

**Iar-bhunscoil**

Cuireann scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir timpeallacht fáilteach agus ionchuimsitheach ar fáil, tá tiomantas acu do bharr feabhais sa teagasc agus san fhoghlaim, tá siad thar a bheith nuálach agus freagrúil maidir le riachtanas a bpobal áitiúil agus soláthraíonn siad ceannaireacht láidir scoile. Tá clú agus cáil ag ár scoileanna as cultúr scoile tarraingteach agus ionchuimsitheach a bheith acu agus tá siad tiomanta do dheimhin a dhéanamh de go mbaineann daltaí uile barr a bhfeabhais amach. I Meán Fómhair 2021, ba ionann an líon sainaitheanta ar na rollaí i scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus 9,133 dhalta, agus is ionann sin agus beagnach 40% den líon iomlán ar rollaí maidir le daltaí iar-bhunscoile don réigiún (Foinse: Staitisticí na Roinne Oideachais maidir le hIar-bhunscoileanna 2019-2021).

Is é aidhm fhoriomlán Rannán na Scoileanna éifeachtacht a fheabhsú i ngach ceann dá scoileanna BOO trí raon tacaíochtaí a sholáthar chun eispéiris daltaí agus torthaí daltaí a shaibhriú a thuilleadh. Baintear é sin amach trí chomhairliúchán le Príomhoidí agus le Leas-phríomhoidí, le grúpaí fóraim sainiúla (Fóram Comhordaitheoirí na hIdirbhliana, Fóram na dTreoirchomhairleoirí, Fóram SENCo, Fóram na bPríomhoidí Cúnta, Fóram na gCeannairí Digiteacha agus Fóram Chomhordaitheoirí na bhFoirne Tacaíochta do Dhaltaí), le múinteoirí, agus lenár bhfoireann tacaíochta trí réimsí tosaíochta a shainaithint. Tacaíonn Rannán na Scoileanna le scoileanna chun riachtanais na Roinne Oideachais a chur i bhfeidhm agus trí comhpháirtíocht dhlúth leis na príomhsholáthraithe ó sheirbhísí tacaíochta na Roinne Oideachais amhail an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí, Foireann na Sraithe Sóisearaí, an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, Tusla, an Chomhairle Náisiúnta um Riachtanais Speisialta Oideachais, an Lárionad um Cheannaireacht Scoile, agus le comhlachtaí ábhartha eile. Soláthraíonn Rannán na Scoileanna tacaíocht trí thrí phríomhchainéal seachadta seirbhísí, eadhon: Ceannaireacht i Scoileanna, Foghlaim, Teagasc agus Measúnú Ardchaighdeáin, agus Tacaíocht don Fhoireann agus do Dhaltaí

Tacaíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir le scoileanna aonair chun a ról i bpobail a fheabhsú trí chomhoibriú agus trí chumarsáid a mhéadú le páirtithe leasmhara uile, lena n-áirítear daltaí, tuismitheoirí, agus eagraíochtaí spóirt, pobail, agus deonacha áitiúla.

Baineann iar-bhunscoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir leas as tacaíocht ó líonra tacaíochta na bPríomhoidí agus na Leas-phríomhoidí arna eagrú ag Stiúrthóir na Scoileanna. Faigheann na scoileanna treoir agus cúnamh ó Fhoireann Tacaíochta Rannán na Scoileanna. Fuair bord bainistíochta gach scoile oiliúint maidir lena chuid freagrachtaí agus feidhmeanna ar feadh 2021 trí Sheimineár Gréasáin Zoom mar gheall ar shrianta COVID-19.

**Cláir Iar-bhunscoileanna**

Áirítear an méid a leanas le cláir a chuirtear ar fáil in iar-bhunscoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir:

- An Teastas Sóisearach
- Cláir na hIdirbhliana
- An Ardteistiméireacht
- Gairmchlár na hArdteistiméireachta
- An Ardteistiméireacht Fheidhmeach

Áirítear le hábhair a chuirtear ar fáil trí churaclam na scoileanna eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht, matamaitic (ETIM), teangacha, daonnachtaí, agus na healaíona ar leibhéal Sóisearach agus ar leibhéal Sinsearach araon. Is é atá i gceist leis an mbéim ar fhorbairt iomlánaíoch ár ndaltaí rannpháirteachas a spreagadh i

ngníomhaíochtaí seach-churaclaim lena n-áirítear na healaíona cruthaitheacha, spórt, drámaíocht, ceol, eolaíocht, fiontraíocht, díospóireacht agus tionscadail ilmheán. Leanann scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir de chohórt suntasach de dhaltaí iar-bhunscoile a tharraingt agus bhí líon iomlán de 9,133 dhalta cláraithe i Meán Fómhair 2021.

**Líon Iarbhír agus Réamh-mheasta ar Rollaí (Iar-bhunscoil)**

Sa tábla thíos sonraítear na líonta méadaithe ar rollaí ar fud scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir in 2021 agus na líonta réamh-mheasta ar rollaí do Mheán Fómhair 2022.

Réamh-mheasann scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir go mbainfidh na líonta ar rollaí atá ag dul i méid timpeall 9,665 dhalta amach faoi Mheán Fómhair 2021.

| Uimhir Rolla | Scoil | Líon ar an Rolla 30ú Meán Fómhair 2021 | Líon ar an Rolla Réamh-mheasta 30ú Meán Fómhair 2022 |
|---|---|---|---|
| **70830N** | Coláiste Pobail Inse, Inis, Co. an Chláir | 532 | 582 |
| **70840Q** | Gairmscoil Inis Díomáin, Inis Díomáin, Co. an Chláir | 193 | 249 |
| **70860W** | Coláiste Pobail Naomh Micheál, Cill Mhichíl, Co. an Chláir | 268 | 281 |
| **70880F** | Coláiste Pobail Naomh Iósaf, Cill Chaoi, Co. an Chláir | 139 | 176 |
| **70900I** | Coláiste Pobail na Scairbhe, an Scairbh, Co. an Chláir | 406 | 430 |
| **70901K** | Coláiste Pobail Naomh Anna, Cill Dalua, Co. an Chláir | 590 | 644 |
| **71700F** | Coláiste Mhuire, Eas Géitine, Co. Luimnigh | 339 | 321 |
| **71790J** | Coláiste Dheasumhan, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh | 408 | 464 |
| **71840V** | Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh | 693 | 718 |
| **71850B** | Coláiste Hazelwood, Droim Collachair, Co. Luimnigh | 577 | 608 |
| **76061W** | Coláiste na Trócaire, Ráth Caola, Co. Luimnigh | 482 | 500 |
| **76070A** | Coláiste Iósaf, Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh | 445 | 456 |
| **76073G** | Coláiste Chaladh an Treoigh, Caladh an Treoigh, Co. Luimnigh | 1233 | 1243 |
| **76075K** | Coláiste Pobail Naomh Eoin Bosco, Cill an Dísirt, Co. an Chláir | 265 | 269 |
| **76093M** | Coláiste Íde agus Iósaf, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh | 682 | 676 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **76101I** | Gaelcholáiste Luimnigh, Meal Sior Anraí, Luimneach | 661 | 652 |
| **76414G** | Coláiste Pobail Thuamhan, Páirce Mhaoilis, Luimneach | 573 | 595 |
| **76476F** | Coláiste Pobail Mhungairit, Mungairit, Luimneach | 647 | 801 |
| | **IOMLÁNA** | **9133** | **9665** |

**Tuarascálacha Cigireachta**

Rinne Cigireacht na Roinne Oideachais Cigireachtaí a bhain le COVID in 2021 in 8 scoil dár gcuid. Cuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i bhfios gur geal léi an t-aiseolas agus an tacaíocht a chuireann an chigireacht ar fáil.

**Comhionannas Oideachais i Scoileanna a Sheachadadh (DEIS)**

Cuireadh an clár DEIS (Comhionannas Oideachais i Scoileanna a Sheachadadh) ar fáil i 5 scoil dár gcuid. Cuireadh raon thar a bheith leathan d'ábhair ar fáil sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach araon, lenar áiríodh teangacha, na daonnachtaí, na healaíona, teicneolaíochtaí, agus eolaíocht. Spreagadh daltaí chun páirt a ghlacadh i ngnéithe uile de shaol na scoile lena n-áiríodh gníomhaíochtaí seach-churaclaim amhail ealaíona cócaireachta, drámaíocht, ceol, teicneolaíocht, agus spórt. D'fhonn an cáilíocht is airde de theagasc agus den fhoghlaim a chinntiú, mar aon leis an eispéireas oideachasúil is fearr dá ndaltaí, chuir Rannán na Scoileanna tacaíochtaí ar fáil do scoileanna uile sna réimsí a leanas: Forbairt Ghairmiúil Leanúnach, Ionduchtú Múinteoirí, Litearthacht agus Uimhearthacht Teanga, Oideachas Speisialta, Teagasc agus Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta, an clár um Múinteoirí agus Ceannaireacht, Béarla mar Theanga Bhreise, mar aon le Forbairt Ceannaireachta agus Cláir Tacaíochta do Phríomhoidí, do Leas-phríomhoidí agus do shealbhóirí post sa Mheánbhainistíocht. Eagraíodh cruinnithe le príomhoidí agus le comhordaitheoirí DEIS sna scoileanna DEIS le linn 2021 chun dea-chleachtas a scrúdú agus a chur chun cinn maidir le tacaíocht do dhaltaí i scoileanna DEIS.

**Ag Tacú le Daltaí ag a bhfuil Riachtanais Bhreise Oideachais - Ranganna Speisialta a Bhunú**

D'fhreagair Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ar an ngá le soláthar agus cúram méadaithe do dhaltaí ag a bhfuil Riachtanais Bhreise Oideachais (AEN) agus dá dtuismitheoirí agus dá gcaomhnóirí trí mhéadú suntasach ar ranganna speisialta agus ar Aonaid Neamhoird de chuid Speictream an Uathachais (ASD) ar feadh an dá bhliain seo caite. Shonraigh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir an cuspóir dá chuid chun rang speisialta nó Aonad ASD a sholáthar i ngach scoil ar fud Luimnigh agus an Chláir sna cúig bliana le teacht. Déantar foráil i ngach scoil nua do dhá Aonad ASD. Oibríonn BOOLC go dlúth le chéile leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) chun rochtain a fheabhsú ar ranganna speisialta agus ar Aonaid ASD i Luimneach agus sa Chlár.

**Soláthar Reatha agus Beartaithe do dhaltaí ag a bhfuil Riachtanais Bhreise Oideachais i scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir**

Mhéadaigh scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir líon na ranganna speisialta ó chúig in 2019 go cúig rang speisialta déag do Mheán Fómhair 2021. Sin méadú suntasach chun freastal ar riachtanais daltaí inár bpobail. Tá Rannán na Scoileanna ag obair go dlúth le NCSE chun an riachtanas réamh-mheasta le haghaidh ranganna speisialta i scoileanna ar fud an réigiúin a athbhreithniú.

Teastaíonn múinteoirí ó dhaltaí i ranganna speisialta ag a bhfuil taithí agus cáilíochtaí iomchuí agus, nuair is féidir, cúlra d'obair a dhéanamh le daltaí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais. Tá scoileanna thar a bheith réamhghníomhach maidir le riachtanais forbartha gairmiúla leanúnaí a gcuid múinteoirí i ranganna speisialta a chomhlíonadh, sa bhreis ar a mbeartais scoile iomláine a fhorbairt agus a athbhreithniú maidir le hoideachas agus ionchuimsiú do dhaltaí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais.

**Tacaíochtaí do Scoileanna**

Tacaíodh le scoileanna chun cleachtais scoile ionchuimsitheacha a fhorbairt lenar áiríodh tacaíocht leanúnach maidir le Comhordaitheoirí Riachtanas Speisialta Oideachais (SENCOnna), Foirne Riachtanas Breise Oideachais i scoileanna, Boird Bhainistíochta, ceannairí scoile, múinteoirí, agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRSanna). Áirítear faisnéis shoiléir i mBeartais Iontrála uile scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir do thuismitheoirí/do chaomhnóirí maidir le glacadh le daltaí ag a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais.

**Clárú in Iar-bhunscoileanna in Inis**

Ar ordú ó BOO Luimnigh agus an Chláir bhí sraith cruinnithe de phátrúin na n-iar-bhunscoileanna in Inis (CEIST, Deoise Chill Dalua, ERST agus BOO Luimnigh agus an Chláir) ar siúl trí Zoom chun an tsaincheist maidir le daltaí gan áiteanna scoile don bhliain acadúil 2021-2022 ar leibhéal iar-bhunscoile in Inis a phlé agus chun roghanna a iniúchadh d'fhonn an fhadhb a réiteach sna blianta le teacht agus chun creat comhoibritheach a fhorbairt maidir leis an bpróiseas cláraithe iar-bhunscoile i gceantar Inse sna blianta beaga le teacht.

***<u>Buaicphointí in 2021</u>***

**Imeacht 'Gairmeacha Luatha' an Acadaimh Shóisearaigh um Eolaíochtaí Sláinte**

D'oibrigh Rannán na Scoileanna de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir leis an Acadamh um Eolaíochtaí Sláinte, comhpháirtíocht idir Ollscoil Luimnigh, Grúpa Ospidéal OL agus Eagraíocht Cúram Sláinte Pobail an Iarthair Láir de chuid an FSS, chun an t-imeacht iontach, thar a bheith rathúil seo a eagrú. Chuir Ionad Oideachais Luimnigh an t-imeacht chun cinn ar fud líonra scoileanna Luimnigh, Thiobraid Árainn agus an Chláir. Mar gheall ar na srianta a bhí ar siúl mar thoradh ar COVID-19, bhí an t-imeacht ar siúl ar líne trí Zoom.

Cuireadh faisnéis ar fáil san imeacht fíorúil ar ghairmeacha sa tsláinte do dhaltaí, trí chomhcheangal d'fhíseáin, díospóireachtaí idirghníomhacha ar líne, ceisteanna agus freagraí agus díospóireachtaí le painéalaithe. Forbraíodh an coincheap don imeacht go comhpháirteach ag an Acadamh um Eolaíochtaí Sláinte ag Ollscoil Luimnigh agus ag Rannán na Scoileanna de chuid an BOO mar fhreagairt chomhoibritheach chun freastal ar dhaltaí agus ar scoileanna, go háirithe na daltaí sin san Idirbhliain, nach bhfuil in ann cuairt a thabhairt ar ospidéil nó ar shuíomhanna cliniciúla eile le haghaidh taithí oibre. Dearadh an t-imeacht ionas go mbeadh sé chomh faisnéiseach agus chomh idirghníomhach agus ab fhéidir, agus cúram sláinte á thabhairt chun suntais mar chonair ghairme do dhaltaí na hIdirbhliana. Rinneadh an t-imeacht a threorú ag taighde deisce, ag fócasghrúpaí daltaí agus múinteoirí i scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus ag rannpháirtíocht níos leithne Ionad Oideachais Luimnigh.  D'fhreastail níos mó ná 1,600 dalta ar an imeacht.

**Spreagann 'Cócaire Sóisearach na Bliana 2021 de chuid Réigiún na Sionainne' an Chéad Ghlúin eile de Réaltaí Cócaireachta**

Tá an tionscnamh seo, arna éascú ag Campas Choláiste Fáilteachais FET de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i Luimneach agus ag Rannán na Scoileanna, ailínithe leis an straitéis náisiúnta FET d'fhonn 'blas-chúrsaí' gairmiúla a chomhtháthú le hoideachas an dara leibhéil.

Ghlac scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir páirt in dá bhlas-chúrsa fáilteachais éagsúla arna bhforbairt go speisialta do na hidirbhlianta: 'blas-phrintíseacht' do chócairí sóisearacha agus blas-

chúrsa scileanna barista. Bhí na cúrsaí dírithe ar dhaltaí a bhfuil spéis acu san earnáil fáilteachais mar ghairm, nó i scil ríthábhachtach a fhoghlaim don saol.

Reáchtáil foireann cócairí gairmiúla ó Champas Fáilteachais an BOO agus ó Phainéal Cócairí na hÉireann cúrsa na 'Blas-phrintíseachta' do Chócairí Sóisearacha. Ag deireadh an bhlas-chúrsa bhí comórtas ann a bhí dírithe go sainiúil ar dhaltaí na hidirbhliana - Cócaire Sóisearach na Bliana 2021 de chuid Réigiún na Sionainne. Sheol an tAire Breisoideachais & Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta & Eolaíochta, Simon Harris TD, físteachtaireacht speisialta chun cuidiú leis an gcéad imeacht a cheiliúradh.

**Seimineáir do Thuismitheoirí & do Chaomhnóirí**

D'eagraigh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir sraith seimineár speisialta ar líne do thuismitheoir/do chaomhnóirí páistí a fhreastalaíonn ar scoileanna maidir le hábhair thábhachtacha do thuismitheoirí. Bhain an chéad cheann de na seimineáir sin a bhí ar siúl leis an tábhacht a bhaineann le codladh agus conas is féidir linn a chinntiú go mbaineann ár bpáistí leas as gnáthamh codlata maith agus sainchomhairleoir darb ainm Tom Coleman páirteach ann. Tá an-tóir ar na seimineáir sin anois ag tuismitheoirí agus ag caomhnóirí ar fud scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir.

**Comhoibriú le Scoil Oideachais Ollscoil Luimnigh**

D'óstáil Rannán na Scoileanna roinnt seimineár ar líne do mhic léinn Scoil Oideachais Ollscoil Luimnigh roimh dóibh dul amach ar shocrúchán scoile. Trí gach Seimineár ar líne, 'Ag Teagasc trí COVID-19: Dearcadh na Scoileanna' cuireadh léargas ar fáil ar réimsí ábhartha do na múinteoirí sin faoi oiliúint amhail Beartas & Treoirlínte Náisiúnta, ceisteanna Sláinte & Sábháilteachta, beartais COVID-19 agus tacaíochtaí do mhúinteoirí.

**Seimineáir do Mheán-cheannaireacht**

Eagraíodh trí sheimineár ar líne d'fhoirne Ceannaireachta & Bainistíochta Scoileanna BOOLC le linn 2021 agus 2022. Ba é cuspóir na seimineár sin rannpháirtithe a spreagadh agus a thacú chun an méid atá i gceist le Meán-cheannaireacht agus an méid a iarrtar orthu léi a cheistiú, agus teoiric agus cleachtas feidhmeach mar bhonn fúthu. Tugtar tacaíocht sa tsraith do rannpháirtithe chun a n-inniúlacht agus a muinín araon a fheabhsú maidir le freagairt ar athruithe i scoileanna.

**Muintearas in ár Scoileanna**

D'eagraigh Rannán na Scoileanna de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir seimineár ar líne do bhaill foirne na scoileanna uile an 30 Samhain 2021 agus an Dr. David Coleman clúiteach rannpháirteach ann. Seisiún thar a bheith spreagúil agus inspioráideach a bhí san imeacht seo agus eagraíodh é chun aitheantas a thabhairt do rannchuidiú agus do thiomantas ar fheabhas ar bhfoirne uile i scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir dár gcuid ó athosclaíodh na scoileanna i Meán Fómhair 2021.

**Eolaí Óg BT 2021**

Reáchtáladh Taispeántas Eolaí Óg BT ar líne ón gCéadaoin 6 Eanáir go dtí Dé hAoine 8 Eanáir 2021. Cháiligh cúig thionscadal is fiche (25) san iomlán ó iar-bhunscoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir,

agus bhí ionadaíocht ag ocht (8) dár scoileanna. D'éirigh le sé thionscadal déag a bheith roghnaithe mar bhuaiteoirí nó go bhfuair siad ardmholadh.

**Láithreán gréasáin náisiúnta Chomhpháirtíocht Áitiúil na hÓige Cruthaithí (LCYP).**

Bhí Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i gceannas ar dhearadh agus ar fhorbairt láithreáin ghréasáin chun na lógónna agus naisc chuig na trí Chomhpháirtíocht Phíolótacha BOO a óstáil -www.lcyp.ie.

**Feidhm Obair don Aos Óg**

Tá forbairt seirbhísí Obair don Aos Óg i mBord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir faoi shainchúram Stiúrthóir na Scoileanna. Leagtar amach in Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013, rud a ionchorpraíonn an sainmhíniú ar obair don aos óg mar atá leagtha amach san Acht um Obair don Aos Óg 2001, príomhról na hearnála reachtúla mar cheann de thacú le forbairt clár agus seirbhísí maidir le hobair don aos óg agus de níos mó comhordaithe le seirbhísí eile do dhaoine óga a chur chun cinn.

Is í feidhm reachtúil Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, mar atá leagtha amach san Acht, ná 'tacú le seirbhísí obair don aos óg a sholáthar, a chomhordú, a riar agus a mheasúnú ina limistéar feidhme agus cibé faisnéise agus a iarrann an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige a chur ar fáil maidir le tacaíocht den sórt sin'. De réir Alt 44 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013, tá Coiste Obair don Aos Óg bunaithe ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, a dhéanann moltaí don údarás maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna faoin Acht (Alt 10):

*(j) Tacaíocht a thabhairt chun seirbhísí obair don aos óg a sholáthar, a chomhordú, a riar agus a mheasúnú ina limistéar feidhme agus cibé faisnéis agus a iarrann an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige a chur ar fáil maidir le tacaíocht den sórt sin*

*(k) Measúnú a dhéanamh maidir le cé acu a bhfuil nó nach bhfuil an dóigh a gcuireann sé a chuid feidhmeanna chun feidhme eacnamaíoch, éifeachtúil agus éifeachtach.*

Agus a feidhmeanna reachtúla maidir le hobair don aos óg á gcomhlíonadh aici, oibríonn Foireann Oifigeach Óige Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i gcomhpháirtíocht le raon príomhghníomhaireachtaí, idir dheonach agus reachtúil, a bhfuil ról acu maidir le seirbhísí do dhaoine óga sa réigiún a sholáthar.

Cuimsíonn scéim Your Place Your Space UBU cuid shuntasach den mhaoiniú a riarann feidhm Obair don Aos Óg Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Soláthraíonn an scéim tacaíochtaí lasmuigh den scoil do dhaoine óga atá ainmnithe mar dhaoine faoi mhíbhuntáiste. Léirítear luach na dtionscadal seo atá bunaithe ar an obair don aos óg i gcinneadh an rialtais obair don aos óg a aithint mar sheirbhís riachtanach sa fhreagra náisiúnta ar thionchair COVID-19. D'oibrigh foireann Obair don Aos Óg Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir go dlúth i gcomhpháirtíocht leis na heagraíochtaí go léir chun tacú leo i ndálaí an-dúshlánach.

Go déanach in 2021 agus tar éis glao náisiúnta chuig BOOnna, tugadh fógra do Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir go raibh a iarratas chun suíomh nua Your Place Your Space UBU a bhunú i limistéar riaracháin an Údaráis faofa ag an DCEDIY. Ba é an ceantar sainiúil a sainaithníodh ná Ceantar Bardasach Chill Dalua i gCo. an Chláir agus beidh an próiseas chun Riachtanas Seirbhíse a dhréachtú agus cuireadh a thabhairt d'iarratasóirí chun an tseirbhís nua a sheachadadh ina thasc suntasach do 2022. Leis an suíomh nua seo beidh iomlán de 27 tionscadal Your Place Your Space UBU i limistéar Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir.

Lean Coiste Obair don Aos Óg Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir de thacú le cur i bhfeidhm Phlean Obair don Aos Óg 2018-2021 a bhfuil sé mar aidhm aige a áirithiú go n-éireoidh leis an BOO ina fhreagrachtaí chun tacú le seirbhísí obair don aos óg a sholáthar, a chomhordú, a riar agus a mheasúnú i réigiún Luimnigh agus an Chláir.




**An Rannóg Breisoideachais agus Oiliúna (FET)**

Ar cheann de phríomhcholúin na Straitéise FET náisiúnta tá Scileanna a Thógáil chun riachtanais réigiúnacha agus náisiúnta atá ag athrú go tapa a réamh-mheas agus chun freagairt dóibh. Maidir leis an Rannóg FET, ciallaíonn sé curaclam FET a sholáthar atá dearbhaithe i ndáil le cáilíocht, atá ábhartha, freagrúil agus dírithe ar an todhchaí, agus éiceachóras scileanna a fhorbairt trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha, chun bheith ailínithe go soiléir i gcónaí le príomhriachtanais scileanna an réigiúin agus na hearnála tionscail.

Trí líonrú le Fóram Scileanna Réigiúnach an Iarthair Láir, leis an IDA, leis na Comhairlí áitiúla, le IBEC, le Cuideachtaí Forbartha Pobail áitiúla, le Comhpháirtíocht PAUL, le Fiontair LEO, le FBManna, etc., forbraíodh idirghabhálacha spriocdhírithe trí Skills to Advance agus trí sholáthar eile chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais uasoiliúna an réigiúin.

In 2021, lean an Rannóg FET de ghairmchúrsaí láidre, soláthar níos solúbtha i ndáil le modúlú agus roghanna gairme méadaithe a chur ar fáil. Dírítear ar phríomhearnálacha, ag teacht le riachtanais scileanna an réigiúin.

**Fáilteachas agus Turasóireacht**

I mí Feabhra 2021, sheol an Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna, Campas Fáilteachais clár ceannaireachta nua, Ag Forbairt Ceannairí don Fháilteachas agus don Turasóireacht, Mórdhámhachtain QQI Leibhéal 6 atá dírithe ar oiliúint spriocdhírithe a sholáthar don tionscal fáilteachais ag an am dúshlánach seo. Forbraíodh trí chlár go náisiúnta i gcomhar le comhpháirtithe tionscail, ag tairiscint deiseanna uasoiliúna dóibh siúd a bhfuil róil ceannaireachta foirne agus bainistíochta maoirseachta acu. Cuireann sé bealaí gairme soiléire tarraingteacha ar fáil dóibh siúd a oibríonn san earnáil.

Bronnadh "Aitheantas d'Oideachas Cócaireachta Ardchaighdeáin, Cumann Domhanda na Sochaithe Chócairí" ar Champas Fáilteachais FET in 2021. Is é Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir an chéad BOO agus an dara coláiste in Éirinn a fuair an creidiúnú seo. Cuireann sé seo an Campas Fáilteachais sa réimse idirnáisiúnta le coláistí san Áise, san Astráil agus i SAM. Tá ardán idirnáisiúnta ag an gCampas Fáilteachais agus beidh sé i dteagmháil le comhghleacaithe agus le foghlaimeoirí idirnáisiúnta.

**Tionscal na Scannán**

Agus tionscal na scannán timpeall Stiúideonna Troy ag dul ó neart go neart, tá an gá atá ann le pearsanra oilte thar raon scileanna ag méadú freisin. In 2021, seoladh Clár um Tháirgeadh Cruthaitheach páirtaimseartha ar líne nua do léiritheoirí uaillmhianacha san Iarthar Láir, i gcomhpháirtíocht le Innovate Limerick trí Scannán i Luimneach. I mí Dheireadh Fómhair 2021, chuir tionscnamh Innovate Limerick, le tacú ó Bhord Oideachais agus

Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, i gcomhpháirtíocht leis an Sheffield DocFest iomráiteach i Sasana, clár oiliúna trí mhí ar fáil a chríochnaigh le ceithre fhoireann coimisiúnaithe a fuair maoiniú de €10,000 an ceann, chomh maith le hoiliúint agus tacaíocht bhreise chun a gcuid tionscadal faisnéise a tháirgeadh san Iarthar Láir.
Tá sé mar aidhm ag an scéim oiliúna stiúrthóirí agus léiritheoirí clár faisnéise a spreagadh agus tacú leo chun cláir fhaisnéise inspioráideacha agus tarraingteacha den scoth a chruthú a shroichfidh spriocphobal leathan idirnáisiúnta.

In 2021, ag cur leis an soláthar reatha Scannán agus Meán, thairg an Rannóg FET an tArdchlár Innealtóireachta Ceoil agus Fuaime (Táirgeadh Digiteach Meán agus Fuaime, Leibhéal 6) den chéad uair ag ár gCampas ar Shráid Mulgrave. Chuir sé sin ar chumas na bhfoghlaimeoirí Meán Leibhéal 5 atá ann cheana dul ar aghaidh chun a scileanna a fhorbairt tuilleadh agus fostaíocht a fháil ina dhiaidh sin nó dul ar aghaidh chuig ardstaidéar breise ag TUS nó MIC. Le forbairt an tsuímh/an stórais eircom in aice leis an gColáiste, éascófar forbairt agus dul chun cinn breise ar chúrsaí scannánaíochta agus meán digiteach.

**An Ciste um Maolú i gCoinne an Mhíbhuntáiste Oideachais, 2021**

Chuir an AISS isteach ar mhaoiniú chun ciste cúnaimh foghlaimeora a reáchtáil ar bhonn píolóta faoin gCiste um Maolú i gCoinne an Mhíbhuntáiste Oideachais. Cé go raibh an t-amlíne thar a bheith gearr, dáileadh timpeall EUR 30 000 ar chúnamh airgeadais ar fhoghlaimeoirí roimh dheireadh na bliana, tar éis próiseas foirmiúil iarratais agus formheasta bunaithe ar cheithre chritéar. Díríodh aird ar na riachtanais atá le Ciste Cúnaimh d'Fhoghlaimeoirí leanúnach agus thug próiseas an MAEDF aiseolas luachmhar dúinn ar conas a d'fhéadfaí é seo a fhorbairt tuilleadh.

Samplaí de Thionscnaimh MAEDF:

- Tógáil Bád Chill Rois - i gcomhpháirtíocht leis an gclub seoltóireachta áitiúil Seol Sionna, dhear, d'fhorbair agus sholáthair Seirbhís Oideachais Pobail an Chláir tionscadal cuimsitheach oiliúna pobail ag Muiríne Chill Rois. Chuimsigh sé seo Scif Rámhaíochta San Ayles a thógáil, ar bád rámhaíochta é ó thraidisiúin na hAlban a bhfuil an-tóir air, a bhí tógtha tráth ag grúpaí pobail. Baineadh úsáid as maoiniú MAEDF chun ábhair a cheannach. Agus an obair ar siúl i gCill Rois, dhíríomar ar dheiseanna fostaíochta áitiúla/ar mhionfhiontair i gceantar atá aitheanta mar cheantar ard-dífhostaíochta i gCo. an Chláir. Cuireann an tionscadal spás sábháilte ar fáil do mhuintir Iarthar an Chláir agus dóibh siúd as an gceantar máguaird chun teacht le chéile, infheistíocht a dhéanamh sa phobal, caidrimh a thógáil agus cumas sóisialta a fhorbairt.
- Chuir an maoiniú um Maolú i gCoinne an Mhíbhuntáiste Oideachais ar chumas Fhoghlaim Teaghlaigh i gContae an Chláir acmhainní a cheannach freisin agus tacú le hobair Fhoghlaim Teaghlaigh ar fud ár BOO. Seachadadh acmhainní amhail leabhair, puipéid, ábhair céadfacha, etc. chuig foireann Fhoghlaim Teaghlaigh i gCathair Luimnigh, agus in Oirthear agus Iarthar Luimnigh, chun tacú le soláthar Fhoghlaim Teaghlaigh i ngach ceantar.
- Chuir MAED maoiniú ar fáil freisin chun dul i dteagmháil leo siúd a bhfuil an dóchúlacht is lú ag baint leo go bhfreastalódh siad ar chúrsaí Breisoideachais agus Oiliúna. Bhí tionchar suntasach ag cúrsa cadhcála amháin maidir le 25 foghlaimeoir nua a mhealladh chuig cúrsa, go háirithe iad siúd ón Lucht Siúil. 'An Toradh Cuilitheach' – Na heachtraí a bhain le cúrsa cadhcála Fhoghlaim Teaghlaigh i gcomhpháirtíocht le Bunscoil DEIS Banda 1: Conas is féidir le tionscadail taobh amuigh dul i dteagmháil le tuismitheoirí atá 'deacair a mhealladh'.

**Printíseachtaí agus Tréimhsí Oiliúna a Fhorbairt**

In 2021, lean an Rannóg FET lena fócas a threisiú ar roghanna nua printíseachtaí agus tréimhsí oiliúna a fhorbairt ar champais na Sionainne agus Raithin dá cuid, ag teacht leis an straitéis náisiúnta. Bhí na nithe seo a leanas i measc na bpríomhfhorbairtí in 2021:

- Tréimhse Oiliúna Gloinithe Dearaidh Aghaidheanna (Tógáil) - Cuirfidh an mórdhámhachtain QQI Leibhéal 5 seo, rud a forbraíodh i gcomhar le comhpháirtithe tionscail, eolas bunúsach ar fhoirgníocht ar fáil d'fhoghlaimeoirí, mar aon leis an eolas agus na scileanna sonracha a theastaíonn don tionscal dearaidh aghaidheanna. Díríonn an cúrsa seo ar lucht fágála scoile agus ar dhaoine dífhostaithe idir daoine aibí agus neamhaibí agus cuireann sé deiseanna suntasacha fostaíochta agus breisoideachais agus oiliúna ar fáil.
- Tréimhse Oiliúna Leictreonaic Déantúsaíochta (Déantúsaíocht) - Soláthróidh an cúrsa seo, rud a forbraíodh i gcomhar le comhpháirtithe tionscail, eolas bunúsach d'fhoghlaimeoirí ar phróisis déantúsaíochta an tionscail leictreonaigh agus ar threalamh, lena n-áirítear Próiseas Gléasta Dromchla, Leictreonaic, Róbataic agus Dea-Chleachtais Déantúsaíochta.
- Tréimhse Oiliúna Tiomána HGV (IRHA) (Lóistíocht) - Mar fhreagra ar an nganntanas náisiúnta de thiománaithe gairmiúla tarlaithe bóthair, tairgeann an BOO an chéad atriall den Tréimhse Oiliúna Tiomána Gairmiúil HGV. Tabharfaidh an tréimhse oiliúna seo na scileanna, an t-eolas agus an ceadúnas riachtanach do rannpháirtithe chun fostaíocht a fháil mar thiománaí gairmiúil san earnáil tarlaithe bóthair.
- Tréimhse Oiliúna do Mháistir Bád Oibre - Forbraíodh an cúrsa seo mar fhreagra ar na pleananna réigiúnacha uaillmhianacha d'Inbhear na Sionainne. Beidh scileanna, deimhniúchán agus riachtanais seirbhíse ag oiliúnaithe chun oibriú mar mháistir ceadúnaithe báid oibre agus/nó báid phaisinéirí, nó chun dul ar aghaidh chuig breisoideachas agus oiliúint le Foras na Mara.
- An Phrintíseacht Náisiúnta um Ghruagaireacht - I mí na Samhna 2021, ghlac Coláiste FET, Campas Shráid Mulgrave agus Coláiste FET, Campas na hInse a gcéad chohóirt d'Fhoghlaimeoirí don Phrintíseacht Náisiúnta um Ghruagaireacht (NHA).
- Tréimhse Oiliúna Innealtóireachta Rothair - Soláthraíonn an tréimhse oiliúna creidiúnaithe City & Guilds seo scileanna réidh don obair in innealtóireacht ghairmiúil um chothabháil rothar.
- Tréimhse Oiliúna Seirbhísí Tacaíochta Custaiméirí & Airgeadais - Soláthraíonn an clár bliana seo atá maoinithe go hiomlán scileanna réidh don obair le haghaidh tacaíocht ardchaighdeáin do chustaiméirí, idir go pearsanta agus ar líne, trí úsáid a bhaint as feidhmchlár digiteach, agus taithí oibre san áireamh.
- Tréimhse Oiliúna nua i gCócaireacht Ghairmiúil (2 bhliain) do Ghrúpa Óstán iNua Collection.
- Tá Tréimhse Oiliúna Teicneolaíochta Gléasta Dromchla á forbairt faoi láthair ag Campas Raithin chun speisialtóirí oiliúna a éascú do thionscail réigiúnacha déantúsaíochta leictreonaice.

**Teagascóir Tiomána Faofa ag an RSA**

Bhí Covid-19 freagrach go páirteach as riaráiste tiománaithe faoi oiliúint a chruthú, daoine a bhí ag fanacht lena dtástáil tiomána a dhéanamh, mar gheall ar dhúnadh agus ar dhul ar scor na dteagascóirí tiomána ceadaithe. Chun freastal ar an nganntanas san earnáil, chuir an BOO cúrsa oiliúna ar fáil do Theagascóir Tiomána Faofa ag an RSA, a thabharfaidh na scileanna riachtanacha agus ceadúnas do na rannpháirtithe le bheith ina dteagascóirí tiomána ceadaithe. Tá an-tóir ar an gcúrsa seo agus tá atriallta breise beartaithe do 2022.

**Croíscileanna a Fhorbairt**

In 2021, chuir Croíscileanna Luimnigh tús le 130 rang Litearthachta d'Aosaigh i dteannta 60 rang ESOL. Fostaíodh 36 teagascóir chun an soláthar seo a sheachadadh. Seachadadh 121 cúrsa ar Champas Ascaill Uí Chonaill, agus cuireadh cúrsaí ar fáil freisin ar Champas Raithin agus ar Champas Bhóthar Chill Mocheallóg. Tharla an chuid eile in ionaid for-rochtana sa phobal, amhail scoileanna, ionaid phobail, ionaid acmhainní teaghlaigh, cuideachtaí forbartha, ionaid oideachais d'aosaigh agus ionaid soláthair dhírigh. I measc na gcúrsaí pobail bhí grúpaí riachtanas speisialta; Iníonacha na Carthanachta, Bráithre na Carthanachta, Rehab, An Líonra Náisiúnta Foghlama, Headway agus Fócas Éireann.

Chuaigh an soláthar Croíscileanna i dteagmháil le fostóirí freisin chun tacú lena bhfostaithe. Mar shampla, bhíomar i dteagmháil i Luimneach leis an Óstán Southcourt chun teagasc Béarla a chur ar fáil don fhoireann sa Roinn Tís.

Leanadh le fás agus forbairt ar an gclár tacaíochta printíseachta i Raithin in 2021. Buaileann an fhoireann tacaíochta le printísigh nua sna chéad seachtainí chun iad a chur in aithne ar na tacaíochtaí atá ar fáil, e.g. rochtain ar an mol foghlama, an tSeirbhís Tacaíochta um Chuimsiú Gníomhach, tacaíocht uimhearthachta agus litearthachta, etc. Fuair 300 foghlaimeoir ranganna tacaíochta, lena n-áiríodh trí sheisiún grúpa de dhá uair an chloig an ceann. Cuireadh tacaíocht uimhearthachta agus litearthachta duine le duine ar fáil do 30 foghlaimeoir i gcúrsaí Leictreachais, Siúinéireachta, OEM agus Gruagaireachta. Fuair 20 foghlaimeoir breise tacaíocht litearthachta agus tascanna le linn na bliana.

Cuireadh cúrsaí nua ar líne ar fáil freisin trí http://www.collegeoffet.ie chun cabhrú le daoine obair a fháil, a muinín agus a bhfolláine a fheabhsú, rudaí a thairgeann conairí chuig bealaí eile dul chun cinn/creidiúnaithe:

- Cúrsa Cumarsáid do Chúram Custaiméirí - chun scileanna cumarsáide a fheabhsú agus chun an tseirbhís a chuireann foghlaimeoirí ar fáil do chustaiméirí san ionad oibre a fheabhsú;
- Cúrsa Smaoineamh ar Fhéinfhostaíocht - treoir trí na céimeanna a bhaineann le gnó a thosú agus le pleanáil gnó, agus na chéad chéimeanna eile a aithint i gcur chuige céim ar chéim;
- Cúrsa Do Mhuinín a Thógáil tar éis COVID-19 chun dul ag obair - áiríodh ábhar ar stíleanna iompraíochta, cumarsáid a dhéanamh níos teanntásaí, feidhmiú in agallaimh & meon dearfach a fhorbairt.
- Chuir soláthar Croíscileanna blaschúrsaí ar fáil freisin i bpobail chun teacht ar chohóirt nua foghlaimeoirí. I Luimneach, soláthraíodh clár Sláinte & Aclaíochta L3 i gcomhar le CDP Gharraí Eoin agus le Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh. Ranganna cócaireachta sláintiúla agus ranganna spóirt/aclaíochta a chur ar fáil in CDP Gharraí Eoin, agus an cúrsa seo á sheachadadh ag ionadaí ó Chomhpháirtíocht Spóirt, a bhí dírithe ar dtús ar dhaoine óga atá dífhostaithe go fadtéarmach i nGarraí Eoin.
- Bhí rang ullmhúcháin don teoiric tiomána fós ina chuid thábhachtach den dul chun cinn i gCampas Chill Rois. Chuir Croíscileanna ranganna ar fáil dhá thráthnóna sa tseachtain do na foghlaimeoirí go léir.

**Scileanna Glasa**

Tá ról lárnach ag Boird Oideachais agus Oiliúna chun tacú le scileanna glasa agus cleachtais inbhuanaitheachta a fhorbairt, trí chomhpháirtíochtaí le príomhpháirtithe leasmhara réigiúnacha, trí thionscnaimh a ardaíonn feasacht agus trí chúrsaí nuálacha a sholáthar. In 2021, chuir an Rannóg FET roinnt tionscnamh nua ar fáil sa réimse seo, e.g. Campas Glas Nuálaíochta - NZEB agus Iarfheistiú, Dámhachtain Inbhuanaitheachta SOLAS, Líonra Oiliúna agus Oideachais um Fhuinneamh In-athnuaite an Iarthair Láir.

**Cuimsiú a Chothú**

Is é ceann de phríomhchuspóirí na Rannóige FET ná cuimsiú a chothú, trí na nithe seo a leanas: rochtain d'fhoghlaimeoirí a leathnú, gach cineál foghlama a aithint, timpeallachtaí foghlama agus oibre atá cuimsitheach agus atá éagsúil d'aon ghnó a fheabhsú, tacaíochtaí cuimsitheacha comhsheasmhacha d'fhoghlaimeoirí a sholáthar agus cuimsiú digiteach a chur chun cinn.

Leithdháil an Rannóg FET acmhainní suntasacha in 2021 chun tacaíochtaí foghlaimeora a shaincheapadh chun freastal ar riachtanais aonair, agus chun a áirithiú go bhfuil rochtain ag foghlaimeoirí ar acmhainní teicneolaíochta cuí le cur ar a gcumas páirt iomlán a ghlacadh i soláthar. Rinne sí dul chun cinn suntasach freisin maidir le teagmháil agus cumarsáid a choinneáil le gach foghlaimeoir, tacú le foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais bhreise acu, e.g. cóiríocht réasúnta, comhairleoireacht, rochtain ar ghléasanna agus ranganna teagaisc i ngrúpaí beaga, tacaíochtaí Béarla, etc.

**Tacaíochtaí do Chleachtóirí Foghlama FET**

Sheachaid foireann AISS thart ar 10 seisiún CPD ar ár seirbhís Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí AISS (lena n-áirítear Tacaíochtaí Míchumais) do na cohóirt foirne seo a leanas:

- Cleachtóirí Oideachais Pobail
- Croíscileanna
- Comhordaitheoirí Soláthair i roinnt campas
- Comhairleoirí Faisnéise & Treorach Earcaíochta
- Ionsamhluithe míchumais & daonraí Foghlama Éagsúla d'fhoireann AISS.
- Inrochtaineacht a Fheabhsú d'Fhoghlaimeoirí

**Clár Athlonnaithe Dídeanaithe i gCo. an Chláir**

I mí Mheán Fómhair 2021, tháinig seacht dteaghlach Siriacha go Contae an Chláir mar chuid de Chlár nua Athlonnaithe Dídeanaithe.  Tá ceithre theaghlach ina gcónaí i Sionainn agus trí theaghlach in Inis. Tá naonúr daoine fásta ón ngrúpa RRP ag freastal ar ranganna Litearthachta ESOL, chomh maith le ranganna Cócaireachta, TF ESOL agus Béarla do Thosaitheoirí. Le cabhair ón bhFoireann Athlonnaithe Dídeanaithe, táimid ag freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí sin. Bealach iontach do na teaghlaigh chun socrú isteach i saol na hÉireann ab ea freastal ar ranganna in Inis agus i Sionainn.

**Meabhairshláinte agus Folláine an Fhoghlaimeora**

Laistigh de Rannóg BOO Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, ciallaíonn cuimsiú gníomhach ár bhfoghlaimeoirí tacú le comhionannas oideachais agus cuimsiú, rannpháirtíocht agus athléimneacht daoine aonair agus pobal a chur chun cinn. Nuair a ghlactar le sainmhíniú na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO, 2013) ar mheabhairshláinte mar staid fholláine ina n-aithníonn gach duine a n-acmhainneacht féin, cuirtear Meabhairshláinte agus Folláine an Fhoghlaimeora i gcroílár ár gcuid oibre mar Rannóg FET BOO. D'fhorbair foghrúpa den Ghrúpa Stiúrtha FET, lena n-áirítear an Stiúrthóir FET, ceistneoir Féinmheasúnaithe, rud a scaipeadh ar gach ball foirne FET i mí Dheireadh Fómhair 2021. San iomlán, d'fhreagair 131 comhordaitheoir agus foireann soláthair an ceistneoir, ag soláthar féinmheasúnuithe ar na próisis agus ar na gníomhaíochtaí atá i bhfeidhm faoi láthair chun tacú le Meabhairshláinte agus Folláine an Fhoghlaimeora ar fud na rannóige FET. Roinn na freagróirí samhlacha dea-chleachtais agus sholáthair siad smaointe ar cad ba cheart a áireamh in aon chreat beartais agus plean gníomhaíochtaí amach anseo.

Forbraíodh dréacht-Phlean Creata agus Gníomhaíochtaí agus scaipeadh é ar an bhfoireann i mí na Samhna 2021.

Deis a bhí ann aird a tharraingt ar an obair shuntasach i réimse Meabhairshláinte agus Folláine an Fhoghlaimeora a rinneadh ar ár gcampais agus ar ár soláthar FET go léir. Bhí na nithe seo a leanas i measc na samplaí in 2021:

- I gcampas Ascaill Uí Chonaill, bunaíodh Grúpa Trassholáthair um Fholláine Foghlaimeora, ar a bhfuil baill foirne ó Oideachas Pobail, Croíscileanna, VESD agus Treoir chun breathnú ar imeachtaí agus tionscnaimh a phleanáil a mbeadh tionchar dearfach acu ar fholláine an fhoghlaimeora.
- I gCampas Shráid Mulgrave, d'fhorbair Foireann T&L an LCFE Clár Sláinte agus Folláine do gach Foghlaimeoir LCFE le linn na seachtaine Sláinte & Folláine.
- I gCampas Sheanghualann VTOS, eagraíodh sos gluaiseachta le linn cruinnithe, agus seinneadh amhrán a roghnaigh foghlaimeoirí, múchadh ceamaraí agus spreagadh gach duine chun rince.
- In Ógtheagmháil, lean coistí an Bhrait Ómra de bheith ag tacú le foghlaimeoirí ar líne le linn na dianghlasála. I measc na ngníomhaíochtaí bhí seisiún faisnéise Bainistíochta Airgid agus caint le "Jigsaw" ar mheabhairshláinte dhearfach do dhaoine fásta óga.
- Chuir foghlaimeoirí a ghlac páirt i dtionscadail ghrúpa, amhail gníomhaíochtaí Oíche Shamhna agus Nollag, tógáil foirne agus folláine chun cinn le linn na dtréimhsí deacra seo. In Ógtheagmháil Oirthear an Chláir, ghlac foghlaimeoirí páirt i gcruthú scannán gearr don Fresh Film Festival os comhair an cheamara nó taobh thiar de.
- Amhránaíocht Ar Líne - D'oibrigh Comhairle Contae an Chláir, Giniúint Cheoil an Chláir agus Seirbhís Oideachais Pobail an Chláir i gcomhar le Feachtas Keepwell an Chláir. Luadh san aiseolas gur chabhraigh cruthaitheacht trí cheol le meabhairshláinte agus le féinmheas.

**Clár Fanacht Ceangailte (Gearrliostaithe do Ghradaim STAR Aontas 2022)**

Bhí an clár seo dírithe ar aonrú sóisialta agus uaigneas a chomhrac agus ar mheabhairshláinte dhearfach a chur chun cinn i measc daoine scothaosta a bhfuil cónaí orthu i nDeisceart an Chláir le linn na dianghlasála COVID-19 2021.

Is iad na príomh-rannpháirtithe ná daoine fásta scothaosta idir 70 agus 93 bliain d'aois nach raibh mórán taithí acu ar an teicneolaíocht, nó taithí ar bith acu. Is éard a bhí i gceist leis an gClár 'Fanacht Ceangailte' ná trealamh TF a fháil, agus oiliúint in úsáid na teicneolaíochta. Chomh maith le ceangal le teaghlach agus le cairde, tá cuid acu ag cur a gcuid scileanna i bhfeidhm chun nascadh lena bpobal áitiúil - ag freastal go fíorúil ar sheirbhísí Aifrinn áitiúla, ag léamh nuachta ar líne, agus ag teacht ar nuachtlitreacha áitiúla. Áit a raibh TF ina bac tráth, tá sé anois mar chuid lárnach den mharthanacht. Trí scileanna saoil reatha a chothú agus scileanna nua a fhoghlaim, cuireann an clár seo foghlaim ar feadh an tsaoil chun cinn.

Tairgeadh tacaíochtaí agus acmhainní do gach ball den phobal le dul i ngleic go hiomlán, san fhoirm de ghléasanna TF, oiliúint TF, forbairt agus seachadadh clár, ábhair ranga agus tacaíocht leanúnach. Dhear, d'fhorbair agus chuir Seirbhís Oideachais Pobail Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir cláir ar líne ar fáil a bhí neamhfhoirmiúil, a bhí bunaithe ar riachtanais, a bhí oscailte agus solúbtha. I measc na ranganna a seachadadh bhí Ealaín agus Ceardaíocht, Gairneoireacht agus Aclaíocht agus Folláine.

**Foghlaim Lasmuigh**

In 2021, cuireadh tús le clár foghlama lasmuigh ar bhonn píolótach bunaithe ar ghníomhaíochtaí ar fud an tSoláthair Óige, i gcomhar le campais Oideachais Allamuigh FET. Tá sé mar aidhm ag an gclár folláine an fhoghlaimeora a chur chun cinn, eispéiris allamuigh agus eachtraíochta a sholáthar, agus bealaí chuig taithí oibre,

breisoideachas agus oiliúint a thairiscint. Spreagann sé foghlaim neamhfhoirmiúil i dtimpeallacht foghlama lasmuigh agus cuimsíonn sé 5 sheisiún do gach grúpa foghlaimeoirí.

**Oideachas Ceoil**

In 2021, d'oibrigh Coláiste FET, Campas na hInse (soláthar PLC) i gcomhar le VTOS agus le giniúint Cheoil an Chláir chun clár Léirthuiscint Ceoil/Táirgeadh Ceoil leibhéal cúrsa 5 a thabhairt isteach. Tá roinnt foghlaimeoirí ag súil le dul ar aghaidh chuig cláir chéime san Innealtóireacht Cheoil agus Fuaime.

**Comhpháirtíochtaí chun spriocghrúpaí nua a bhaint amach**

Bíonn an Rannóg FET ag obair i gcónaí i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí agus le heagraíochtaí eile chun cuimsiú a chothú do na grúpaí is imeallaithe i gcontae Luimnigh agus i gcontae an Chláir.

- In 2021, bhí sé ina phríomhfhócas fós cúrsaí a fhorbairt do Dhaoine Dífhostaithe go Fadtéarmach. Tá an BOO réamhghníomhach ina chur chuige chun deiseanna oiliúna uasoiliúna agus athoiliúna a sholáthar sna Ceantair Ard-Dífhostaíochta do chohóirt tosaíochta na hearnála FET. Tá ullmhúchán gairme, litearthacht, uimhearthacht, cumarsáid, obair bhuíne agus éifeachtacht phearsanta fite fuaite i ngach cúrsa. Comhoibrímid le raon leathan grúpaí agus eagraíochtaí pobail, chun díriú ar dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus ar dhaoine leochaileacha socheacnamaíocha, amhail daoine a fhágann an scoil go luath, agus an baol ann go mbeidh siad dífhostaithe go fadtéarmach. Oibrímid i gcomhar le hoibrithe cáis ón DEASP chun iad a chur ar an eolas faoi chúrsaí nua agus chun obair a dhéanamh ar atreoruithe. Oibrímid i gcomhar le rannóg athnuachana Chomhairle Cathrach Luimnigh agus bímid i dteagmháil le fostóirí trínár Seirbhísí Tacaíochta agus Teagmhála Fostóirí chun socrúcháin oibre agus deiseanna fostaíochta a dhaingniú.
- Bhí AISS BOO Luimnigh agus an Chláir mar chuid d'Ionchur Earnála ETBI ag comhdháil Bhliantúil AHEAD Athcheangal 2021 - Cuimsiú a Chur i gcroílár na foghlama agus na tacaíochta ar líne;
- In 2021, lean an soláthar Óige ag obair le príomhpháirtithe, amhail Ionaid Oiliúna Pobail agus LTInna amhail tionscadal promhaidh Céim ar Chéim, Cumann Meabhairshláinte Luimnigh, Headway, Feirm Shóisialta an Dúin.
- In 2021, lean Croíscileanna Luimnigh ar aghaidh ag plé le heagraíochtaí sa phobal a thacaíonn le foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais bhreise acu, amhail Headway, an Líonra Náisiúnta Foghlama, Iníonacha na Carthanachta, Bráithre na Carthanachta agus Rehab. Tá na cúrsaí in Headway dírithe ar chonair chun fostaíochta d'fhoghlaimeoirí.
- Ghlac croíscileanna an Chláir páirt freisin in dhá thionscnamh ar leith chun dul i dteagmháil leis an Lucht Siúil:
- I gcomhar le SICAP forbraíodh clár ocht seachtaine do mhná den Lucht Siúil as Bóthar Childers agus as Caladh an Treoigh ag baint úsáide as ceardaíocht agus as cócaireacht le haghaidh tógáil foirne;
- I gcomhar leis an Straitéis Choisc maidir le hOideachas Drugaí/CDP Chathair Luimnigh forbraíodh cúrsa cúram capall d'fhir ón Lucht Siúil agus dá gcuid mac;

**Conairí a Chruthú**

Tá Cruthú Conairí ar cheann de na trí cholún de bhunchuspóir Choláiste FET. Baineann sé le conairí chuig FET agus uaidh a shimpliú, agus é a chur chun cinn mar rogha luachmhar do gach foghlaimeoir.

Lean an IRGSS ar aghaidh freisin lena obair chomhpháirtíochta le scoileanna, le fostóirí, le comhpháirtithe ardoideachais agus pobail chun conairí a fheabhsú le haghaidh ár gcuid foghlaimeoirí FET. Mar shampla in 2021, bhunaigh an IRGSS meitheal oibre le Comhpháirtíocht PAUL chun soláthar treorach ar fud Chathair Luimnigh agus comhar le SICAP a athbhreithniú. In 2021, d'fhoilsigh an IRCSS a bPlean Gníomhaíochta nua ar aon dul leis an Straitéis nua FET.

**Conairí ó Scoileanna**

D'fhéadfadh aistrithe idir suíomhanna agus earnálacha oideachais a bheith dúshlánach agus ní mór iad a spreagadh agus tacú le go gníomhach. Forbairtí lárnach i 2021 ab ea oscailt Tairsí singile um roghanna CAO agus Breisoideachais, a seoladh i mí na Samhna 2021.

**Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán**

Tríd is tríd, ba bhliain dhúshlánach í 2021 agus, mar a bhí do chách, braitheadh tionchar na paindéime ar bhealaí suntasacha. Bhí athruithe suntasacha ar an mbealach a ndearnadh soláthar FET a phleanáil agus a sheachadadh, le tiomantas don chlaochlú digiteach, agus fócas ar fhorbairt ghairmiúil na foirne FET go léir chun cur lenár gcumas freastal ar riachtanais athraitheacha agus ar ionchais na bhfoghlaimeoirí agus na gcomhpháirtithe.

**Foghlaim & Forbairt Ghairmiúil (PL&D)**

Ceann de na príomhthorthaí a bhfuiltear ag súil leis ón gCreat Straitéiseach FET nua maidir le scileanna a fhorbairt ná 'go dtairgfidh ár dtimpeallacht forbartha gairmiúla raon acmhainní, am, spás agus comhpháirtíochtaí láidre don fhoireann FET a fheabhsóidh a gcuid scileanna agus a bhfolláine.' In 2021, eagraíodh 99 imeacht oiliúna ar an iomlán go lárnach, a raibh baint acu le 2,103 rannpháirtí.

I bhforbairt nua - tá rochtain ag gach ball foirne ar ár gcainéal srutha PL&D nua a cruthaíodh i Meán Fómhair 2021. Tugann sé seo, mar aon lenár cainéil TEL, QA agus Show agus TEL, am agus solúbthacht don fhoireann féachaint ar thaifeadtaí de sheisiúin PL&D nach raibh siad in ann freastal orthu, b'fhéidir, mar gheall ar a sceideal. Chomh maith leis sin, féadfaidh an fhoireann breathnú siar ar thaifeadtaí i rith na bliana agus amach anseo nuair is gá agus an fhoghlaim a chur i bhfeidhm ina réimse oibre. Bainimid úsáid freisin as an iliomad Foirne a forbraíodh chun cumarsáid ghairmiúil a dhéanamh agus chun líonraí foghlama gairmiúla a thógáil timpeall ar dhisciplíní ar leith – mar an Crios Foghlama TEL agus Spás Comhroinnte ESOL.

**Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim**

Ba chloch mhíle í 2021 dár rannpháirtíocht i Suaitheantas Digiteach an Fhóraim Náisiúnta Teagaisc agus Foghlama i nDearadh Uilíoch don Fhoghlaim. Is é seo an tríú huair againn an suaitheantas a thairiscint agus an dara huair againn a bheith páirteach sa rolladh amach náisiúnta. Bhí foireann de 5 éascaitheoirí suaitheantais againn a thug tacaíocht do chohórt rannpháirtithe ó gach cuid de sholáthar lánaimseartha agus páirtaimseartha agus seirbhísí tacaíochta FET. Tá aiseolas scéalach iontach faighte againn ón bhfoireann maidir le húsáideacht an chláir agus tá imeacht measúnaithe agus comhroinnte foghlama á phleanáil againn in 2022. Tá sé beartaithe againn freisin leanúint ar aghaidh ag tabhairt tosaíochta don chlár seo amach anseo.

**Fás agus Forbairt na Seirbhíse Tacaíochta TEL FET**

Ba í 2021 an bhliain ba shuntasaí do Sheirbhís Tacaíochta TEL ó bunaíodh an BOO. Tháinig méadú sa bhliain ar an bhfoireann faoi stiúir an Oifigigh Forbartha TEL, ar a bhfuil seachtar ball anois, lena n-áirítear bunú ceithre ról nua i bpríomhréimsí na Foghlama Ar Líne agus Cumaisc agus Tacaíocht TEL do Phrintíseacht.

Tá an tSeirbhís Tacaíochta TEL agus an tSeirbhís Tacaíochta Foghlama & Forbartha Gairmiúla araon freagrach as cur i bhfeidhm na Straitéisí TEL agus PLD faoi seach sa Rannóg FET. Is é an sprioc-chohórt ná 1,000 ball foirne na Rannóige FET, lena n-áirítear cleachtóirí foghlama, bainisteoirí agus foireann tacaíochta agus riaracháin. Oibríonn an tSeirbhís Tacaíochta PLD le TEL agus leis na Grúpaí Forfheidhmithe Straitéiseacha eile chun cabhrú le haghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí forbartha gairmiúla laistigh de gach tionscnamh straitéiseach. In 2021, áiríodh le raon tionscnamh nuálach, Cúrsa Ar Líne Teagaisc agus Foghlama V2 agus Wriggle Connect

**Foghlaim Chumaisc agus Ar Líne**

I mí Mheán Fómhair 2021, bunaíodh roinn foghlama cumaisc agus ar líne nua laistigh den tSeirbhís Tacaíochta TEL, a raibh de chúram uirthi pleanáil a dhéanamh do sholáthar cúrsaí foghlama cumaisc in 2022 agus straitéis agus doiciméid bheartais ar líne agus cumaisc a fhorbairt.

Bhí na nithe seo a leanas i measc na hoibre ag an tús:

- Ceardlanna Teagaisc agus Foghlama Ar Líne agus Cumaisc: Chomhoibrigh Seirbhísí Tacaíochta TEL, Ar Líne agus Cumaisc agus PL&D ar thionscnamh chun raon ceardlann a thairiscint do chleachtóirí foghlama agus do bhainisteoirí soláthair le saineolaí a bhfuil cáil idirnáisiúnta uirthi sa réimse, an tOllamh Gilly Salmon. Seoladh treoirthionscadail atá ag féachaint ar athdhearadh an Staidéir Timpeallachta leibhéal 5 5N1442 le haghaidh seachadadh cumaisc.
- Pleanáil agus taighde d’fhorbairt doiciméad beartais foghlama cumaisc.
- Teagmháil leis an QQI maidir leis an bpróiseas chun doiciméid foghlama chumaisc a chur isteach lena mbailíochtú.
- Oiliúint forbartha gairmiúla don fhoireann maidir le r-ghníomhaíochtaí a dhearadh don fhoghlaim chumaisc.
- Clár Oiliúna Athdheartha Cumaisc um fhorbairt ghairmiúil a dhearadh agus a fhorbairt do chomhordaitheoirí clár agus do chleachtóirí foghlama.

**Cuimsiú Digiteach**

Tá Cuimsiú Digiteach mar phríomhthosaíocht ag an Rannóg FET le blianta fada anuas, agus tá fócas méadaithe curtha ar TEL le linn na paindéime. Áirítear ar raon éagsúil freagraí cur chun cinn agus tacaíocht le prionsabail UDL a ghlacadh, tionscnamh na Mol Foghlama a fhorbairt, etc. In 2021, áiríodh le tionscnaimh nua forbairt acmhainní agus tacaíochtaí ionduchtaithe digiteacha agus rolladh amach na bpróiseas cothromais gléasanna lena n-áirítear iasachtaí ríomhairí glúine d’fhoghlaimeoirí. Dhírigh an TELSS freisin go leor dá chuid oibre ar ghnéithe cúnta ionsuite a chur chun cinn mar chuid d’ardáin ríthábhachtacha (e.g. – léitheoir tumtha, aistriúchán & caint go téacs in Office 365) chomh maith le tacaíocht a thabhairt don fhoireann maidir le scileanna a fhorbairt chun teagasc éifeachtach a dhéanamh go cianda le fócas ar ionduchtú foghlaimeora, sóisialú, scafall agus straitéisí chun tacú le foghlaimeoirí a choinneáil. Rinneadh measúnú ar an obair ar thionscnaimh chuimsithe trí Shuirbhé ar Fhoghlaimeoirí a rinne TELSS agus AISS. Tugann sé le fios go raibh na tacaíochtaí agus na cuir chuige a úsáideadh éifeachtach chun scileanna digiteacha na bhfoghlaimeoirí a fheabhsú.

Tá LCETB ina phríomhpháirtí leasmhar freisin i Meitheal Oibre Cuimsiú Digiteach Luimnigh SMART. Tá an grúpa idirghníomhaireachta seo ag obair i gcomhar lena áirithiú go bhfuil cuimsiú ag croílár na forbartha digití i Luimneach. In 2021, d'fhoilsigh an grúpa taighde arna chómhaoiniú ag an Rannóg FET, rud a rinne iniúchadh ar nádúr agus ar mhéid an eisiaimh dhigitigh i réigiún Luimnigh d'fhonn freagairt bunaithe ar fhianaise a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar eisiamh digiteach. Cuireadh torthaí an taighde i láthair i seimineár gréasáin ar líne, lena n-áirítear ionchur físe ón Rannóg FET.

**Dearbhú Cáilíochta - Athbhreithniú Tionscnaimh ar Dhearbhú Cáilíochta sna BOOnna**

Ócáid stairiúil a bhí san athbhreithniú tionscnaimh ar Dhearbhú Cáilíochta – do Cháilíocht agus do Cháilíochtaí Éireann (QQI) agus do na BOOnna araon – toisc gurbh é an chéad phróiseas athbhreithnithe dá leithéid a rinneadh laistigh den earnáil. Féachann sé le spreagadh breise a thabhairt d'fhorbairt an chultúir cháilíochta laistigh de na BOOnna agus feabhas a chur ar mhuinín an phobail i gcáilíocht an tsoláthair Breisoideachais agus Oiliúna trí thrédhearcacht agus feasacht phoiblí a chur chun cinn.

Tar éis Tuarascáil Féinmheastóireachta na Rannóige FET a bheith curtha isteach i mí na Nollag 2020, ba é Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir an chéad BOO a chuaigh trí chuairt athbhreithnithe sheachtrach le painéal saineolaithe neamhspleácha agus idirnáisiúnta.

Le linn na seachtaine 22 Márta 2021, bhuail an painéal athbhreithnithe seachtrach ar líne le breis agus 200 duine le linn 31 cruinniú aonair, lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach, Stiúrthóir FET, Bainisteoirí, Cleachtóirí Foghlama, Foghlaimeoirí (ón am atá thart agus ón am i láthair), Páirtithe Leasmhara Tionscail agus Pobail, Comhpháirtithe Ardoideachais, Dara Soláthraithe, etc., agus cuireadh 335 ceist le linn na cuairte. Foilsíodh an tuarascáil deiridh i mí na Nollag 2021, inar leagadh béim ar na príomh-ardmholtaí agus na príomh-mholtaí maidir le feabhsuithe. Tá na tuarascálacha agus na moltaí gaolmhara ar fad ar fáil ar shuíomh gréasáin/leathanach QA collegeoffet.ie. Dréachtófar plean gníomhaíochta go luath in 2022 mar fhreagra ar na moltaí.

**Guth an fhoghlaimeora**

I mí na Samhna 2021, d'oibrigh an Rannóg FET arís i gcomhar le Aontas, mar chuid de thionscadal náisiúnta Fhóram na bhFoghlaimeoirí. Tugadh deis do gach foghlaimeoir FET a gcuid aiseolais a thabhairt trí imeachtaí ar líne agus trí cheistneoir leantach.

In 2021, seoladh an Chairt um Fhoghlaimeoirí FET freisin. Treoir iomlán shothuighte é an acmhainn seo do gach foghlaimeoir a chláraíonn le cúrsa FET ar bith. Leagtar amach inti luachanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus cuirtear creat ar fáil a chuireann ar chumas foghlaimeoirí, ár bhfoirne agus cleachtóirí foghlama a gcuid freagrachtaí faoi seach a bheith ar eolas acu agus iad a thuiscint. Tá sé bunaithe ar phrionsabal an chomhair agus an chomhoibrithe idir foghlaimeoirí agus foireann FET.

Tá Rannóg FET Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir freagrach as bainistiú agus oibriú 37 Ionad FET atá cláraithe ag an QQI i Luimneach agus ar an gClár, áit ar chuir sé sraith de sholáthar lánaimseartha agus páirtaimseartha ar fáil, agus seirbhísí tacaíochta do 21,067 tairbhí in 2021, trínár gColáiste Oideachais agus Oiliúna ilchampais.

| 21,067 Tairbhí na Rannóige FET Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2021* | | |
|---|---|---|
| Printíseacht | 2016+ Printíseacht | 69 |
| Printíseacht | Céimeanna Printíseachta (2,4,6) | 1259 |
| Printíseacht | Céim Printíseachta 7 | 213 |
| Lánaimseartha | Ionaid Oiliúna Pobail | 252 |
| Lánaimseartha | Ceardlann Ceartais | 18 |
| Lánaimseartha | Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla | 74 |
| Lánaimseartha | PLC | 2,119 |
| Lánaimseartha | Sainsoláthraithe Oiliúna | 185 |
| Lánaimseartha | Sainoiliúint Scileanna | 584 |
| Lánaimseartha | Tréimhse Oiliúna Fostaithe | 98 |
| Lánaimseartha | Oiliúint Tréimhse Oiliúna | 429 |
| Lánaimseartha | Croí-VTOS | 684 |
| Lánaimseartha | Ógtheagmháil | 418 |
| Páirtaimseartha | Croíscileanna | 3,228 |
| Páirtaimseartha | Oideachas Pobail | 2,273 |
| Páirtaimseartha | ESOL | 1,102 |
| Páirtaimseartha | Oiliúint Tráthnóna | 1,771 |
| Páirtaimseartha | Uaireanta Comhoibrithe FET | 1,479 |
| Páirtaimseartha | Forbairt Scileanna Gairme agus Fostaithe | 2,390 |
| Páirtaimseartha | Scileanna chun Dul Chun Tosaigh | 795 |
| Páirtaimseartha | Aitheantas Réamhfhoghlama | 178 |
| Páirtaimseartha | Soláthar Ranganna Oíche | 1,418 |
| Páirtaimseartha | Athlonnú Dídeanaithe | 26 |
| Páirtaimseartha | r-Choláiste ar líne | 5 |

***Sonraí a bhaintear as PLSS – Cuireadh leis freisin foghlaimeoirí a d'fhreastail ar sholáthar Ranganna Oíche.**

| Cásanna Cúrsaí 2021 de réir Réimsí Foghlama | |
|---|---|
| Talmhaíocht, Gairneoireacht agus Muirshaothrú | 10 |
| Eolaíocht Ainmhithe | 10 |
| Ealaíonta & Ceardaíocht | 35 |

| | |
|---|---|
| An Timpeallacht Tógtha | 86 |
| Gnó, Riarachán | 110 |
| Croí-phearsanta | 727 |
| Innealtóireacht | 5 |
| Innealtóireacht (Leictreach) | 223 |
| Innealtóireacht (TF) | 2 |
| Innealtóireacht (Meicniúil) | 57 |
| Innealtóireacht (Iompar) | 63 |
| Fiontraíocht | 3 |
| Seirbhísí Airgeadais | 7 |
| Bia agus Deochanna | 53 |
| Foghlaim Ghinearálta & Sampláil Scileanna | 492 |
| Gruagaireacht, Scéimh agus Teiripí Comhlántacha | 34 |
| Sláinte, Teaghlach, Seirbhísí Sóisialta eile | 321 |
| Teicneolaíocht Faisnéise & Croí-TFC | 59 |
| Teanga | 6 |
| Bainistíocht | 32 |
| Déantúsaíocht | 16 |
| Cumarsáid Grafaic Meán | 24 |
| Taighde agus Oideachas - Oiliúint | 11 |
| Díolacháin & Margaíocht | 33 |
| Eolaíocht agus Teicneolaíocht | 7 |
| Seirbhísí Slándála, Gardála agus Éigeandála | 3 |
| Spórt agus Áineas | 12 |
| Turasóireacht | 23 |
| Iompar, Dáileachán & Lóistíocht | 19 |
| Forbairt & Dearadh Gréasáin | 3 |
| **Móriomlán** | **2,486** |

**Aguisín 1 Creat Monatóireachta agus Measúnaithe: Tuarascáil Bhliantúil 2021 - Nuashonrú ar Sheachadadh Seirbhíse**

Ceanglaíonn Alt 28 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013 ar BOOnna tuarascáil a ullmhú, a ghlacadh agus a chur faoi bhráid an Aire maidir le comhlíonadh a bhfeidhmeanna le linn na bliana díreach roimh an mbliain ina gcuirtear an tuarascáil isteach tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh i ngach bliain. Is ionann foilsiú tuarascála bliantúla agus ráiteas airgeadais agus léiriú príomhúil na cuntasachta poiblí maidir le BOOnna. Leagtar amach i bplean seirbhíse bliantúil an BOO na seirbhísí a bheartaíonn an bord a sholáthar mar aon le meastachán ar ioncam agus ar chaiteachas an bhoird don bhliain airgeadais sin (Alt 47, Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013). Imlíníonn an tábla seo a leanas an dul chun cinn a bhain Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir (an BOO) amach in 2021 maidir le cur i bhfeidhm na ngealltanas atá leagtha amach i bPlean Seirbhíse 2021 an BOO.

| **Sprioc Straitéiseach 1 Eispéireas Ardchaighdeáin Mac Léinn agus Foghlaimeoirí**<br>Aidhm: Deiseanna cuimsitheacha ardchaighdeáin oideachais, oiliúna agus foghlama ar feadh an tsaoil a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais phearsanta, shóisialta, eacnamaíochta agus infhostaitheachta na ndaoine inár bpobal. Baineann sé seo le heispéiris foghlama agus teagaisc den chaighdeán is airde a áirithiú ar fud ár scoileanna, ár n-ionad agus ár gclár. | | |
|---|---|---|
| Cuspóir ón Ráiteas Straitéise | Gealltanas i bPlean Seirbhíse 2021 | Éachtaí in 2021 |
| 1.1 Leanúint ag cur le heispéireas na mac léinn trí mheasúnú, trí churaclam leathan a sholáthar (lena n-áirítear gníomhaíochtaí seach-churaclaim agus comhchuraclaim) agus tacaíochtaí réamhghníomhacha agus coisctheacha do mhic léinn. | Tacóidh Rannóg Scoileanna an BOO le scoileanna in 2021 chun leanúint ar aghaidh le cleachtais chuimsitheacha scoile a fhorbairt, lena n-áirítear tacaíocht leanúnach ó Bhoird Bhainistíochta Scoile, Ceannairí scoile agus forbairt Foirne Tacaíochta Mac Léinn agus Comhordaitheoirí chun tacú le mic léinn agus le baill foirne ar leibhéal na scoile. Áirítear le gníomhartha sonracha in 2021:<br>• Bunú agus forbairt leanúnach Aonad ASD agus Ranganna Speisialta i scoileanna agus i gcoláistí BOO.<br>• Athbhreithniú, modhnú agus daingniú ar bheartais agus nósanna imeachta iontrála a chuireann cuimsiú chun cinn agus a leagann béim ar thacaíochtaí do ghrúpaí imeallaithe.<br>• Oiliúint a chur ar fáil do bhaill nua d'Fhoirne Tacaíochta Mac Léinn agus | Spreag agus leathnaigh Rannóg Scoileanna an BOO bunú Ranganna Speisialta ar fud líonra na scoileanna BOO, áit a raibh riachtanas do Ranganna Speisialta ag teastáil ón bpobal agus ón NCSE.<br>Go dtí seo, tá soláthar déanta ag gach iar-bhunscoil, seachas ceann amháin, do Ranganna Speisialta, agus beidh Ranganna Speisialta ag gach iar-bhunscoil faoi 2023.<br>Cur i bhfeidhm tionscnamh na gceannairí curaclaim a thacaíonn le scoileanna le Féinmheastóireacht Scoile, Pleananna Feabhsúcháin Scoile agus Pleanáil DEIS. Thug tuarascálacha Chigireacht na Roinne Oideachais a foilsíodh le linn 2021 moladh don tacaíocht seo do scoileanna. Tacaíodh le scoileanna le himeachtaí fíorúla Lae Cnuasaigh chun forbairt a éascú de réir spriocanna an Phlean Feabhsúcháin Scoile atá leagtha síos ag scoileanna de réir 'Ag Breathnú ar Ár Scoileanna (LAOS).<br>Lean Grúpaí Comhairleacha le teacht le chéile do gach ceann de na réimsí seo chun tacú le foghlaim agus le teagasc i scoileanna.<br>Grúpaí Comhairleacha Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir do na príomhréimsí tacaíochta seo a leanas do scoileanna:<br><br>• Clár Riosca, lena n-áirítear Cosaint |

| | | |
|---|---|---|
| | oiliúint bhreise atá oiriúnaithe d'Fhoirne Tacaíochta Mac Léinn seanbhunaithe maidir le teagmhais chriticiúla.<br>• Tacaíochtaí digiteacha a sholáthraíonn faisnéis agus treoir a fhorbairt agus a rolladh amach go leanúnach.<br>• Oibriú go dlúth le gníomhaireachtaí stáit eile chun tacú le mic léinn lasmuigh den am scoile - e.g., Tusla, FSS, Barnardos, CAMHS, Jigsaw.<br>• Cuirfear oiliúint ar fáil do Bhoird Bhainistíochta ar an Acht Iontrála 2020 agus ar Spiorad Tréithe scoileanna BOO. | • Sláinte & Sábháilteacht<br>• Riachtanais Speisialta Oideachais<br>• Scoileanna lán-Ghaeilge<br>• Tuismitheoirí & Caomhnóirí<br>• Foghlaim Dhigiteach<br>• Curaclam lena n-áirítear Teagasc & Foghlaim<br>• Comhordaitheoirí Idirbhliana<br>• Fóram Treoirchomhairleoireachta |
| | Mar chuid **d'fhreagrachtaí an BOO faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí,** tá an t-údarás tiomanta do chomhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta daonna na bhfostaithe, na bhfoghlaimeoirí, na n-úsáideoirí seirbhíse, an phobail níos leithne agus gach duine atá faoi thionchar ár mbeartais agus ár bpleananna a chosaint. Áirítear le gníomhartha sonracha in 2021:<br>• Ráiteas Luachanna um Chomhionannas agus um Chearta Daonna BOO a thabhairt chun críche agus a fhoilsiú (Márta 2021).<br>• Plean Gníomhaíochta um Dhualgas na hEarnála Poiblí a Fhorbairt.<br>• Sraith clár oiliúna um Chomhionannas agus um Chearta Daonna a sheachadadh chun feasacht a ardú agus chun rannpháirtíocht agus tacaíocht a chur chun cinn maidir le beartais, cleachtais agus tionscnaimh Chomhionannais, Éagsúlachta agus Chuimsithe | Tá éiteas láidir cuimsitheach agus foghlaimeoir-láraithe ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, agus tá sé tiomanta dá dhualgas san earnáil phoiblí mar atá sonraithe in Acht Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014. In 2021, chríochnaigh an BOO Céim an Mheasúnaithe de Thionscadal um Dhualgas na hEarnála Poiblí. Ina dhiaidh sin rinneadh Próiseas Forfheidhmithe um Dhualgas na hEarnála Poiblí (Meán Fómhair 2021) agus glacadh an dá dhoiciméad agus foilsíodh iad ar shuíomh gréasáin lcetb.ie i mí na Samhna 2021.<br><br>Tá freagracht leithdháilte ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir as a áirithiú go gcuirtear dualgas na hearnála poiblí i bhfeidhm ar fhoghrúpa de Mheitheal Oibre Comhionannais, Éagsúlachta agus Chuimsithe an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Tá an Meitheal Oibre EDI comhdhéanta d'fhoireann ó na trí rannóg den BOO a ghlac freagracht as Ráiteas Luachanna um Dhualgas na hEarnála Poiblí agus Plean Gníomhaíochta um Dhualgas na hEarnála Poiblí a fhorbairt agus as tabhairt faoi chéim Mheasúnaithe Dhualgas na hEarnála Poiblí.<br><br>Tá an próiseas forfheidhmithe seo bunaithe ar **Ráiteas Luachanna um Dhualgas na hEarnála Poiblí** de chuid an BOO agus feidhmíonn na |

| | | |
|---|---|---|
| | Clár oiliúna feasachta idirchultúrtha a fhorbairt agus a chur chun cinn don fhoireann agus d'fhoghlaimeoirí – oiliúint ghrúpa ar líne agus duine le duine araon. | Ráitis Luachanna Tosaíochta mar thagarmharcanna do thimthriall pleanála agus athbhreithnithe an BOO. Beidh cur i bhfeidhm Dhualgas na hEarnála Poiblí leabaithe i bpríomh-thráthanna i dtimthriall pleanála agus athbhreithnithe Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. |
| | I rith 2021, oibreoidh gach ceann de na ranna laistigh de Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (Airgeadas, TFC, Acmhainní Daonna, Caipitil agus Soláthair agus Seirbhísí Corparáideacha) le Stiúrthóir na Scoileanna agus leis an Stiúrthóir FET chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag gach scoil agus coláiste/ionad FET ar na hacmhainní (airgeadas, bonneagar agus pearsanra) le cur ar a gcumas eispéireas foghlama dearfach a sholáthar do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear foghlaimeoirí ó ghrúpaí imeallaithe. Áirítear le gníomhartha sonracha in 2021:<br>• Ag leanúint ar aghaidh le timthriall phleanáilte d'fheabhsúcháin ar shaoráidí tríd an Scéim Oibreacha Samhraidh, an Scéim Oibreacha Éigeandála agus Scéim na nDeontas Caipitil Spóirt.<br>• Oibriú leis an RO chun cumais TFC a fhorbairt a thuilleadh ar fud ár scoileanna agus Coláistí/Ionaid FET, lena n-áirítear rochtain a fháil ar dheontais do threalamh TFC, agus comhairle agus ábhair thacaíochta<br>• Agus iad ag obair laistigh de gach foireann, comhaontóidh APOnna spriocanna aonair, ag coinneáil taifead ar sholáthar CPD cuí agus deiseanna forbartha agus aiseolas chun tacú le dea-chleachtas. | • Leanadh le cur i bhfeidhm Chlár Infheistíochta Caipitil na Scoileanna de chuid LCETB in 2021 agus tionscadail ann ag céimeanna dearaidh agus tógála araon mar atá sonraithe i gcuid 1.7 den tuarascáil seo thíos.<br>• Le bunú DFHERIS in 2020 agus leithdháileadh Buiséad Caipitil don Earnáil FET, d'oibrigh an Roinn C & P go dlúth leis an Stiúrthóir FET agus chríochnaigh sí bunachar sonraí Saoráidí do gach Campas d'fhonn forbairt amach anseo a phleanáil.<br><br>Mar chuid den Straitéis Dhigiteach do Scoileanna, tá deontais TFC tarraingthe anuas ag gach scoil LCETB ón Roinn Oideachais. Tá a straitéis foghlama digití á cur i bhfeidhm ag scoileanna de réir riachtanas náisiúnta.<br><br>Leantar ar aghaidh le cur i bhfeidhm na foghlama feabhsaithe ag an teicneolaíocht a fhorbairt i ngach réimse den soláthar.<br><br>In 2021 cuireadh Foireann na Ceannoifige faoi oiliúint CPD sna réimsí seo a leanas: Bainistíocht Tionscadal, Labhair Gaeilge liom, Ceannaireacht agus Bainistíocht agus oiliúint i bpacáistí bogearraí ar nós EXCEL. Tugadh faoi oiliúint leanúnach freisin i réimsí sonracha a bhaineann le réimsí oibre daoine ar nós IPASS. Coinnítear taifid ar an oiliúint a dhéantar.<br><br>Cuireadh na tionscadail seo a leanas chun cinn in 2021 mar fhreagra ar riachtanais éigeandála agus ar riachtanais forbartha leanúnacha trí mhaoiniú a fháil faoi na cláir seo:<br>• Coláiste na Trócaire – Uasghrádú Leithreas<br>• Uasghrádú Teasa LCFE |

| | | |
|---|---|---|
| | | • Coláiste Pobail Thuamhan – Uasghrádú agus Athsholáthar Soilsithe<br>• Gairmscoil Inis Díomáin – Athsholáthar Fuinneog<br>• Coláiste Pobail Naomh Micheál, Cill Mhichíl – Deisiúcháin Dín<br>• Coláiste Pobail Naomh Micheál, Cill Mhichíl – Uasghrádú Raoin |
| | I rith 2021, leanfaidh **Creat** Rannóg FET an BOO **um Chomhtháthú Teanga, Litearthachta agus Uimhearthachta (LLN) agus an tSeirbhís Tacaíochta um Chuimsiú Gníomhach (AISS), lena n-áirítear Tacaíochtaí d'Fhoghlaimeoirí,** ar aghaidh le raon idirghabhálacha agus tacaíochtaí a sheachadadh ar fud ár gColáistí agus na nIonad FET atá deartha chun rochtain ar dheiseanna oideachais, oiliúna agus forbartha scileanna a mhéadú do na foghlaimeoirí is imeallaithe. Áirítear le tionscnaimh shonracha in 2021:<br>• Obair leanúnach maidir le rolladh amach na n-uirlisí measúnaithe tosaigh, lena n-áirítear oiliúint measúnaithe ar bhonn leanúnach.<br>• Leanúint ar aghaidh le deiseanna forbartha gairmiúla spriocdhírithe a sheachadadh, lena n-áirítear PD Leibhéal 6 QQI ar Chomhtháthú Litearthachta, Modúl Foghlama Cumaisc Tosaigh AHEAD um Fheasacht ar Mhíchumas, Foghlaim Teaghlaigh, TESOL.<br>• Seirbhís Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí atá comhordaithe agus láraithe a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear rochtain ar ghléasanna TFC agus ar chomhairleoireacht. | Bunaíodh an tSeirbhís Tacaíochta um Chuimsiú Gníomhach FET (AISS) in 2018 chun a áirithiú, chomh fada agus is féidir go réasúnta, go gcuirtear na tacaíochtaí riachtanacha ar fáil do gach foghlaimeoir chun gur féidir leo leas a bhaint as na deiseanna oideachais atá ar fáil agus iad ag glacadh páirte i gclár FET a chuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ar fáil. Oibríonn sé i gcomhpháirtíocht le Bainisteoirí agus Comhordaitheoirí FET chun treoirthionscadail, tacaíochtaí d'fhoghlaimeoirí agus tacaíochtaí foghlama a fhorbairt, agus chun an clár oibre um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú a chur chun cinn sa Rannóg FET.<br>• **Tacaíochtaí do Chleachtóirí Foghlama FET:** Sheachaid foireann AISS thart ar 10 seisiún CPD ar ár seirbhís Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí AISS (lena n-áirítear Tacaíochtaí Míchumais) do na cohóirt foirne seo a leanas:<br>  • Cleachtóirí Oideachais Pobail<br>  • Croíscileanna<br>  • Comhordaitheoirí Soláthair i roinnt campas<br>  • Comhairleoirí Faisnéise & Treorach Earcaíochta<br>  • Ionsamhluithe míchumais & daonraí Foghlama Éagsúla d'fhoireann AISS.<br>  • Inrochtaineacht a Fheabhsú d'Fhoghlaimeoirí<br>• **Teanga don Obair (LfW): Tacú le Foghlaim an Dara Teanga (T2) a Bhaineann leis an Obair in Éirinn**<br>Bhí áthas ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir comhoibriú le hOllscoil Luimnigh agus le saineolaithe ó Lárionad Eorpach na Nuatheangacha (ECML) chun imeacht scaipthe a óstáil ar an tionscadal Teanga don Obair. I míonna Mheán Fómhair/Dheireadh Fómhair 2021, chuireamar fáilte roimh 40 rannpháirtí ó FET agus AO araon chuig imeacht náisiúnta oiliúna agus comhairleoireachta |

| | | |
|---|---|---|
| | • Rannpháirtíocht i Suirbhé Rannpháirtíochta agus Folláine Foghlaimeora DFHERIS 2021.<br>• Leanúint ar aghaidh le seachadadh an chláir neamhchreidiúnaithe ESOL dar teideal 'ESOL for Parents of Primary School Children' in 2021.<br>• Ballraíocht de Thionscnamh Comhpháirtíochta Bia Luimnigh.<br>• Rolladh amach an Chiste um Maolú i gCoinne an Mhíbhuntáiste Oideachais (MAED) chun tacú le grúpaí faoi mhíbhuntáiste i bpobail éagsúla | rannpháirtíochta ar a raibh ionchur ó Alexander Braddell (RA), Kerstin Sjösvärd (SE) agus Matilde Grünhage-Monetti (DE).<br><br>Tá scileanna teanga a bhaineann leis an obair ríthábhachtach maidir le comhtháthú agus rannpháirtíocht imirceach agus mionlach eitneach fásta dara teanga (T2) san ionad oibre. Thug an t-imeacht náisiúnta Teanga don Obair (LfW) treoir phraiticiúil do mhúinteoirí, do lucht déanta beartas agus do dhaoine eile a bhfuil baint acu le tacú le foghlaim T2 a bhaineann leis an obair ag imircigh agus mionlaigh eitneacha fásta in Éirinn. Tugadh eolas do rannpháirtithe ar acmhainní agus ar thorthaí Thionscadal ECML Teanga don Obair a fhéachann le rannpháirtíocht agus comhtháthú a chumasú i gcomhthéacsanna san ionad oibre. Bhí na meastóireachtaí ar an imeacht thar a bheith dearfach.<br><br>**Foghlaim Chumaisc**<br>I mí Mheán Fómhair 2021, bunaíodh roinn foghlama cumaisc agus ar líne nua laistigh den tSeirbhís Tacaíochta TEL, a raibh de chúram uirthi pleanáil a dhéanamh do sholáthar cúrsaí foghlama cumaisc in 2022 agus straitéis agus doiciméid bheartais ar líne agus cumaisc a fhorbairt. Bhí na nithe seo a leanas i measc na hoibre ag an tús:<br>• Ceardlanna Teagaisc agus Foghlama Ar Líne agus Cumaisc: Chomhoibrigh Seirbhísí Tacaíochta TEL, Ar Líne agus Cumaisc agus PL&D ar thionscnamh chun raon ceardlann a thairiscint do chleachtóirí foghlama agus do bhainisteoirí soláthair le saineolaí a bhfuil cáil idirnáisiúnta uirthi sa réimse, an tOllamh Gilly Salmon. D'fhreastail breis agus 300 duine ar an Seimineár Gréasán Físithe Amach Anseo agus ar shraith ceardlann.<br>• Seoladh treoirthionscadail atá ag féachaint ar athdhearadh an Staidéir Timpeallachta leibhéal 5 5N1442 le haghaidh seachadadh cumaisc.<br>• Pleanáil agus taighde d'fhorbairt doiciméad beartais foghlama cumaisc.<br>• Teagmháil leis an QQI maidir leis an bpróiseas chun doiciméid foghlama chumaisc a chur isteach lena mbailíochtú. |

| | | |
|---|---|---|
| | | • Oiliúint forbartha gairmiúla don fhoireann maidir le r-ghníomhaíochtaí a dhearadh don fhoghlaim chumaisc.<br>• Clár Oiliúna Athdheartha Cumaisc um fhorbairt ghairmiúil a dhearadh agus a fhorbairt do chomhordaitheoirí clár agus do chleachtóirí foghlama.<br><br>**Foghlaim Teaghlaigh**<br>In 2021, leanadh le foghlaim teaghlaigh mar phríomhfhócas dár soláthar croíscileanna i Luimneach agus ar an gClár. In 2021, chomhoibrigh an Fhoireann PL&D agus TEL le Croíscileanna an Chláir chun **leagan ar líne d'Oiliúint Teagascóirí Foghlama Teaghlaigh** a fhorbairt. Is gnách go ndéantar an oiliúint seo duine le duine agus go cuirtear ar fáil í do theagascóirí ar fud na tíre.  Bhí sé mar aidhm ag an gcúrsa tacú le cur i bhfeidhm na dTreoirlínte um Litearthacht Teaghlaigh (2020) agus teagascóirí nua a thabhairt isteach ar dhisciplín na Foghlama Teaghlaigh agus ar acmhainní tábhachtacha. Bhí an clár comhdhéanta de 6 aonad féinbhainistithe agus 3 chruinniú tráthnóna ar líne ar MS Teams agus bhí 18 n-uaire an chloig d'iarracht ag foghlaimeoirí i gceist. Ar an iomlán chríochnaigh 45 rannpháirtí an cúrsa agus an measúnú, agus as foireann BOO Luimnigh agus an Chláir 20 díobh sin. Bhí meastóireacht an chláir thar a bheith dearfach agus go leor daoine ag tuairisciú gur chuir an modh seachadta ar a gcumas an cúrsa a chríochnú le linn tréimhse a bhí an-ghnóthach ar fad.<br>Áirítear le tionscnaimh eile um fhoghlaim theaghlaigh in 2021:<br>• D'fhorbair ár saineolaithe foghlama teaghlaigh FET roinnt acmhainní físe nua agus cuireadh ar www.familylearning.ie iad chun cabhrú le tuismitheoirí le linn scoileanna agus ionaid FET a bheith dúnta go náisiúnta.<br>• Seoladh sé fhíseán um Fhoghlaim Teaghlaigh a forbraíodh go háitiúil ag seimineár gréasáin arna óstáil ag Cumann Eagraithe na Litearthachta Aosach i mí Feabhra 2021. D'fhorbair ceathrar teagascóirí na físeáin aonair seo.<br>• Taispeánadh cur i láthair ar an 'Toradh Cuilitheach' – Eachtraí cúrsa cadhcála Foghlama Teaghlaigh ag Seimineár Gréasáin Foghlama Teaghlaigh de chuid NALA i mí na Samhna 2021 (féach I bhFócas thíos) |

| | | |
|---|---|---|
| | | • Mhéadaigh Croíscileanna i gCathair Luimnigh a cuid oibre foghlama teaghlaigh le grúpaí cathrach freisin. E.g. Ionad Acmhainní Teaghlaigh an Taobh Thuaidh – Ealaíona, Ceardaíocht & Súgradh Le Chéile Tuismitheoirí & Lapadán Scoil Náisiúnta – Bácáil Teaghlaigh. Tá pleananna ann le haghaidh caidreamh le roinnt scoileanna DEIS atá lonnaithe sa chathair a chlúdóidh réimsí amhail STEM, Súgradh Tuismitheoirí/Lapadán agus Rannta do Pháistí agus Litearthacht.<br>• D'éirigh le Croíscileanna i gCathair Luimnigh a gcéad chlár STEM Foghlama Teaghlaigh a reáchtáil i gcomhar le Scoil Mhuire Banríon na Síochána & le Campas Rochtana OL. Rinneadh oiliúint teagascóirí, agus forbraíodh pacaí oiliúna agus acmhainní chun tionchar agus raon feidhme an tionscadail seo a uasmhéadú.<br>• Is clár é Kayak4Dads atá dírithe ar dhaidithe ón lucht siúil. Ba é an BOO a sholáthair an clár i gcomhpháirtíocht leis an gComhordaitheoir Teagmhála Pobail Baile agus Scoile i Scoil Chríost Rí, Inis. Ghlac daidithe ón scoil páirt i gcúrsa *Buntreoir ar Chadhcáil* agus chuaigh siad ar aghaidh go dtí Teastas Leibhéal 1. Seachadadh an cúrsa i gcomhar le hIonad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh an BOO, Boirinn. Spreagadh daidithe agus múinteoirí páirt a ghlacadh d'fhonn é a dhéanamh mar chuid inbhuanaithe den tairiscint HCSL do thuismitheoirí.<br><br>**ESOL**<br>In 2021, chuir Croíscileanna Luimnigh tús le 130 rang Litearthachta d'Aosaigh i dteannta 60 rang ESOL. Fostaíodh 36 teagascóir chun an soláthar seo a sheachadadh. Seachadadh 121 cúrsa ar Champas Ascaill Uí Chonaill, agus cuireadh cúrsaí ar fáil freisin ar Champas Raithin agus ar Champas Bhóthar Chill Mocheallóg. Tharla an chuid eile in ionaid for-rochtana sa phobal, amhail scoileanna, ionaid phobail, ionaid acmhainní teaghlaigh, cuideachtaí forbartha, ionaid oideachais d'aosaigh agus ionaid soláthair dhírigh. I measc na gcúrsaí pobail bhí grúpaí riachtanas speisialta; Iníonacha na Carthanachta, Bráithre na Carthanachta, Rehab, An Líonra Náisiúnta Foghlama, Headway agus Fócas Éireann. |

| | | |
|---|---|---|
| | | Chuaigh an soláthar Croíscileanna i dteagmháil le fostóirí freisin chun tacú lena bhfostaithe. Mar shampla, bhíomar i dteagmháil i Luimneach leis an Óstán Southcourt chun teagasc Béarla a chur ar fáil don fhoireann sa roinn tís. |
| 1.2 Chun tacú lenár scoileanna agus lenár n-ionaid féinmheastóireachta agus chun a áirithiú go gcuirtear córais dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm ar fud an BOO chun na caighdeáin oideachais, oiliúna agus eiticiúla is airde a choinneáil. | Forbróidh Rannóg Scoileanna an BOO straitéisí agus acmhainní teagaisc agus foghlama chun foghlaim neamhspleách agus foghlaim chomhoibríoch a chur chun cinn do mhic léinn ina scoileanna trí dheiseanna gairmiúla líonraithe a chur chun cinn don fhoireann ar fud Luimnigh agus an Chláir.<br>Leanfaidh Rannóg na Scoileanna ag forbairt acmhainní agus tacaíochtaí do scoileanna le húsáid ag leibhéal na scoile chun aghaidh a thabhairt ar an mbaol a bhaineann le míbhuntáiste oideachais.<br>Leanfar le tacaíocht do scoileanna le hoiliúint d'Fhoirne Tacaíochta Mac Léinn i ngach scoil chun cabhrú le mic léinn a d'fhéadfadh a bheith i mbaol.<br>Oibreoidh Rannóg na Scoileanna leis an Roinn Oideachais, leis an Roinn Sláinte agus le Ranna eile in 2021 chun moltaí ón Tascfhórsa Náisiúnta ar Mheabhairshláinte na nÓg, ó Thionscadal Pathfinder Mheabhairshláinte na nÓg agus ón Straitéis Cheangal ar feadh an tSaoil (2015-2021) a chur i bhfeidhm. | I rith 2021, thacaigh Rannóg na Scoileanna BOO le scoileanna maidir leis an bpróiseas Féinmheastóireachta Scoile a chur i bhfeidhm agus in ullmhú don WSE agus do mheastóireachtaí ábhar trí chuairteanna scoile ó Stiúrthóirí Scoileanna, cruinnithe Príomhoidí agus Leas-phríomhoidí, cruinnithe leis an gCigireacht, an tionscnamh Ceannasach Teagaisc agus Foghlama a chuireann comhoibriú gairmiúil múinteoirí chun cinn.<br><br>D'fhorbair Foireann Tacaíochta Rannóg na Scoileanna sraith acmhainní agus treoracha úsáideacha chun cabhrú le scoileanna aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachais, chomh maith leis na tacaíochtaí do scoileanna DEIS.<br><br>Eagraíodh sraith cruinnithe ar líne, lena n-áirítear Comhdháil SST le haoichainteoir i rith na bliana acadúla chun tacaíocht bhreise a sholáthar do phearsanra SST.<br><br>D'fhreastail pearsanra ó Rannóg na Scoileanna ar gach cruinniú den líonra Ceangal ar feadh an tSaoil le linn 2021 agus thug siad nuashonruithe agus aiseolas do scoileanna i rith na bliana. |
| | Oibreoidh **Rannóg na Scoileanna** de chuid an BOO lena áirithiú go gcuirfidh ár scoileanna eispéiris foghlama agus teagaisc den chaighdeán is airde ar fáil in 2021. Áirítear le tionscnaimh shonracha in 2021: | D'éascaigh Rannóg na Scoileanna BOO roinnt tionscnamh le linn 2021 – Foghlaim agus Teagasc Uilechuimsitheach & Measúnú Ceannasach, Laethanta Cnuasaigh Ceannairí Digiteacha, Laethanta Cnuasach SENCo, a thacaigh go léir le scoileanna chun feabhas a chur ar na caighdeáin ar féidir le mic léinn a fháil i scoileanna agus chun idirphlé gairmiúil a chothú i measc na foirne i scoileanna BOO. Rinneadh athbhreithniú ar |

| | | |
|---|---|---|
| | ● Leanfaidh scoileanna ar aghaidh le tacaíocht a fháil ó na Grúpaí Cnuasaigh agus na Grúpaí Comhairleacha a bunaíodh in 2020 chun comhairle a thabhairt maidir le dea-chleachtas agus straitéisí éifeachtacha chun eispéiris na mac léinn a fheabhsú.<br>● Oibriú le Fóram Scileanna Réigiúnach an Iarthair Láir agus an cuspóir ann comhpháirtíocht idir scoileanna agus gnó agus tionscal agus an pobal taighde a fheabhsú.<br>● Oibriú leis an Roinn Oideachais agus le 4 Scoil ETB chun Céim 1 den Chorpoideachas nua don tSraith Shinsearach a chur i bhfeidhm.<br>● A áirithiú go n-ullmhaíonn scoileanna breise chun Corpoideachas, Ríomheolaíocht agus Polaitíocht agus Sochaí na hArdteistiméireachta don Sraith Shinsearach a thairiscint.<br>● Leanúint ar aghaidh le tacú le tabhairt isteach Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta mar ábhar i 2 iar-bhunscoil de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir in 2021.<br>● Leanúint ar aghaidh ag obair le Roinn Oideachais Ollscoil Luimnigh chun Meabhrán Tuisceana a chur le chéile idir Roinn Oideachais Ollscoil Luimnigh agus Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir.<br>● Cuirfear beartais náisiúnta éagsúla i bhfeidhm tríd an bpróiseas SSE a bheidh | LLT in 2021 d'fhonn múnla tacaíochta nua a fhorbairt do scoileanna ar Fheabhsú Scoile (SI) do 2021/22 ar a dtugtar I gCeannas ar Fhorbairt Scoile (LSI).<br><br>Eagraíodh ceithre Lá Cnuasaigh do Threoirchomhairleoirí don fhoireann Treorach mar aon le cruinnithe le Fóram Scileanna Réigiúnach an Iarthair Láir chun faisnéis bhreise a sholáthar ar bhealaí chuig FET agus chuig oideachas Tríú leibhéal.<br><br>Chuir Rannóg na Scoileanna BOO tús le comhpháirtíocht le BD Scientific chun comórtas STEM a fhorbairt do scoileanna sa réigiún. Sheachaid an Chomhpháirtíocht Tionscail & Oideachais STEM clár le scoileanna BOO sa réigiún; oideachasóirí, mic léinn agus teaghlaigh a tharraingt isteach agus a thumadh in eispéiris STEM, ag léiriú agus ag méadú na feasachta a bhaineann le tábhacht STEM, mar aon leis na deiseanna gairme atá ann. Baineadh é seo amach trí chaidreamh a bhunú le fiontar agus tionscal STEM, le scoileanna agus le hoideachasóirí, le hinstitiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais, agus leis an bpobal STEM níos leithne. D'éirigh go han-mhaith leis an gcomhpháirtíocht maidir le cultúr comhoibrithe a chothú don fhoghlaim ghairmiúil in oideachas STEM.<br>Lean Rannóg na Scoileanna BOO ag tacú le scoileanna atá ag soláthar Céim 1 den Chorpoideachas nua don tSraith Shinsearach. Tá tús curtha ag scoileanna breise leis an rogha seo a sholáthar dá gcuid mac léinn.<br><br>Leanann Rannóg na Scoileanna BOO ar aghaidh ag obair go dlúth le Scoil Oideachais Ollscoil Luimnigh maidir le tacú le múinteoirí faoi oiliúint leis an aistriú chuig socrúchán i scoileanna (scoileanna BOO agus scoileanna neamh-BOO). |

| | | |
|---|---|---|
| | nasctha le creat cáilíochta LAOS, ag a mbeidh meas ar gach pobal scoile. | |
| | I rith 2021, rachaidh **Rannóg FET** an BOO i dteagmháil le SOLAS chun **Comhaontú Straitéiseach Feidhmíochta 2021 – 2023** a fhorbairt ina leagfar amach spriocanna náisiúnta éagsúla. Bhain na sé (6) sprioc earnála bunaidh leis na nithe seo a leanas:<br>• Sprioc 1 – *Torthaí Fostaíochta:* Níos mó foghlaimeoirí ag fáil fostaíochta ó sholáthar a fhreastalaíonn go príomha ar mhargadh an tsaothair.<br>• Sprioc 2 – *Dul Chun Cinn*: Níos mó foghlaimeoirí ag dul ar aghaidh chuig cúrsaí breisoideachais nó ardoideachais eile ó sholáthar atá dírithe go príomha ar an gcuspóir seo<br>• Sprioc 3 – *Forbairt Scileanna Trasnaí:* Méadú ar an ráta deimhniúcháin ar chúrsaí atá dírithe go príomha ar fhorbairt scileanna trasnaí (soghluaisteacht shóisialta).<br>• Sprioc 4 – *Foghlaim ar feadh an tSaoil:* Méadú ar líon na ndaoine fásta, atá ag lorg soláthar ag leibhéal FET, atá ag gabháil d'idirghabhálacha foghlama ar feadh an tsaoil (d'fhéadfadh an sprioc seo a bheith faoi réir athbhreithniú aníos tar éis an phróisis tagarmharcála).<br>• Sprioc 5 – *Cáilíochtaí Ábhartha:* Méadú ar fhoghlaimeoirí atá ag fáil cáilíochtaí ábhartha in earnálacha ina bhfuil fás | Mar gheall ar thionchar COVID-19, chinn SOLAS próiseas an Chomhaontaithe um Pleanáil Straitéiseach le BOOanna a chur siar, rud a bhí le tosú in 2021. Cuirfear tús leis an bpróiseas in 2022, agus cuirfear tús le cruinnithe Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i Márta 2022.<br><br>Ócáid stairiúil a bhí san **athbhreithniú tionscnaimh ar Dhearbhú Cáilíochta** – do Cháilíocht agus do Cháilíochtaí Éireann *(QQI)* agus do na BOOnna araon – toisc gurbh é an chéad phróiseas athbhreithnithe dá leithéid a rinneadh laistigh den earnáil. Féachann sé le spreagadh breise a thabhairt d'fhorbairt an chultúir cháilíochta laistigh de na BOOnna agus feabhas a chur ar mhuinín an phobail i gcáilíocht an tsoláthair Breisoideachais agus Oiliúna trí thrédhearcacht agus feasacht phoiblí a chur chun cinn.<br><br>Tar éis Tuarascáil Féinmheastóireachta na Rannóige FET a bheith curtha isteach i mí na Nollag 2020, ba é Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir an chéad BOO a chuaigh trí chuairt athbhreithnithe sheachtrach le painéal saineolaithe neamhspleácha agus idirnáisiúnta.<br><br>Le linn na seachtaine 22 Márta 2021, bhuail an painéal athbhreithnithe seachtrach ar líne le breis agus 200 duine le linn 31 cruinniú aonair, lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach, Stiúrthóir FET, Bainisteoirí, Cleachtóirí Foghlama, Foghlaimeoirí (ón am atá thart agus ón am i láthair), Páirtithe Leasmhara Tionscail agus Pobail, Comhpháirtithe Ardoideachais, Dara Soláthraithe, etc., agus cuireadh 335 ceist le linn na cuairte. Foilsíodh an tuarascáil deiridh i mí na Nollag 2021, inar leagadh béim ar na príomh-ardmholtaí agus na príomh-mholtaí maidir le feabhsuithe. Tá na tuarascálacha agus na moltaí gaolmhara ar fad ar |

| | | |
|---|---|---|
| | fostaíochta/riachtanais scileanna aitheanta. Áirítear leis sin réimsí amhail: Tógáil, TFC, Bia agus Deochanna, Fáilteachas, Mórdhíol / Miondíol, Bithchógaisíocht / Pharmachem, Cúram Sláinte / Cúram Eile, Meáin Dhigiteacha, Spórt agus Folláine, Innealtóireacht, Scileanna Fiontair.<br>• Sprioc 6 – *Soláthar Printíseachtaí agus Tréimhsí Oiliúna*: Clárú printíseach agus oiliúnaithe nua a mhéadú | fáil ar shuíomh gréasáin/leathanach QA collegeoffet.ie. Dréachtófar plean gníomhaíochta go luath in 2022 mar fhreagra ar na moltaí.<br><br>In 2021, bhain an Rannóg FET úsáid as comhairliúcháin agus as torthaí ónár bpróiseas féinmheastóireachta féin agus as tuarascáil Athbhreithnithe QA an QQI, chun Creat Straitéiseach FET nua 2022-2025 a fhorbairt. Bhain an próiseas pleanála leas freisin as comhthéacs saibhir beartais áitiúil, náisiúnta agus Eorpach agus léiríonn sé Ráiteas Corparáideach nua an Údaráis 2021-2024, chomh maith le Straitéis náisiúnta FET SOLAS 2020-2024 agus tosaíochtaí Eorpacha a bhfuil cuntas orthu in *Eoraip 2030.*<br><br>Sa Chreat Straitéiseach nua seo, tá príomhréimsí comhdhlúthaithe aitheanta againn, chomh maith le réimsí athraithe chun a áirithiú gur féidir linn freagairt go háitiúil d'éilimh ar scileanna nua agus cur le cur chun cinn agus cur i bhfeidhm na dtosaíochtaí náisiúnta FET: *Scileanna a Thógáil, Cuimsiú a Chothú agus Conairí a Chruthú.* Ghlacamar leis na tosaíochtaí náisiúnta seo mar cholúin ár Straitéise. Tá siad mar chroílár dár misean FET, mar an t-údarás stáit oideachais agus oiliúna do réigiún Luimnigh agus an Chláir.<br><br>D'aithníomar freisin príomhstraitéisí cumasúcháin, a thugann treochlár dúinn chun na torthaí ba mhaith linn a bhaint amach thar na 5 bliana amach romhainn a sheachadadh: *Cuir Chuige Foghlaimeoir-láraithe; Cumas Foirne agus FET; Curaclam FET; Bonneagar agus Feidhmíocht; Comhpháirtíochtaí le haghaidh Aistrithe.*<br><br>Maidir le forbairt printíseachtaí agus tréimhsí oiliúna, in 2021 lean an Rannóg FET lena fócas a threisiú ar roghanna nua printíseachtaí agus tréimhsí oiliúna a fhorbairt ar champais na Sionainne agus Raithin dá cuid, ag teacht leis an straitéis náisiúnta.<br><br>**<u>Bhí na nithe seo a leanas i measc na bpríomhfhorbairtí in 2021:</u>**<br>• **Tréimhse Oiliúna Gloinithe Dearaidh Aghaidheanna (Tógáil)** - Cuirfidh an mórdhámhachtain QQI Leibhéal 5 seo, rud a forbraíodh i gcomhar le comhpháirtithe tionscail, eolas |

| | | |
|---|---|---|
| | | bunúsach ar fhoirgníocht ar fáil d'fhoghlaimeoirí, mar aon leis an eolas agus na scileanna sonracha a theastaíonn don tionscal dearaidh aghaidheanna. Díríonn an cúrsa seo ar lucht fágála scoile agus ar dhaoine dífhostaithe idir daoine aibí agus neamhaibí agus cuireann sé deiseanna suntasacha fostaíochta agus breisoideachais agus oiliúna ar fáil.<br>• **Tréimhse Oiliúna Leictreonaic Déantúsaíochta (Déantúsaíocht)** - Soláthróidh an cúrsa seo, rud a forbraíodh i gcomhar le comhpháirtithe tionscail, eolas bunúsach d'fhoghlaimeoirí ar phróisis déantúsaíochta an tionscail leictreonaigh agus ar threalamh, lena n-áirítear Próiseas Gléasta Dromchla, Leictreonaic, Róbataic agus Dea-Chleachtais Déantúsaíochta.<br>• **Tréimhse Oiliúna Tiomána HGV (IRHA) (Lóistíocht)** - Mar fhreagra ar an nganntanas náisiúnta de thiománaithe gairmiúla tarlaithe bóthair, tairgeann an BOO an chéad atriall den Tréimhse Oiliúna Tiomána Gairmiúil HGV. Tabharfaidh an tréimhse oiliúna seo na scileanna, an t-eolas agus an ceadúnas riachtanach do rannpháirtithe chun fostaíocht a fháil mar thiománaí gairmiúil san earnáil tarlaithe bóthair.<br>• **Tréimhse Oiliúna do Mháistir Bád Oibre** - Forbraíodh an cúrsa seo mar fhreagra ar na pleananna réigiúnacha uaillmhianacha d'Inbhear na Sionainne. Beidh scileanna, deimhniúchán agus riachtanais seirbhíse ag oiliúnaithe chun oibriú mar mháistir ceadúnaithe báid oibre agus/nó báid phaisinéirí, nó chun dul ar aghaidh chuig breisoideachas agus oiliúint le Foras na Mara.<br>• **An Phrintíseacht Náisiúnta um Ghruagaireacht** - I mí na Samhna 2021, ghlac Coláiste FET, Campas Shráid Mulgrave agus Coláiste FET, Campas na hInse a gcéad chohóirt d'Fhoghlaimeoirí don Phrintíseacht Náisiúnta um Ghruagaireacht (NHA).<br>• **Tréimhse Oiliúna Innealtóireachta Rothair** - Soláthraíonn an tréimhse oiliúna creidiúnaithe City & Guilds seo scileanna réidh don obair in innealtóireacht ghairmiúil um chothabháil rothar. |

| | | |
|---|---|---|
| | | • **Tréimhse Oiliúna Seirbhísí Tacaíochta Custaiméirí & Airgeadais** - Soláthraíonn an clár bliana seo atá maoinithe go hiomlán scileanna réidh don obair le haghaidh tacaíocht ardchaighdeáin do chustaiméirí, idir go pearsanta agus ar líne, trí úsáid a bhaint as feidhmchlár digiteach, agus taithí oibre san áireamh.<br>• **Tréimhse Oiliúna nua i gCócaireacht Ghairmiúil** (2 bhliain) do Ghrúpa Óstán iNua Collection.<br>• **Tá Tréimhse Oiliúna Teicneolaíochta Gléasta Dromchla á forbairt faoi láthair ag Campas Raithin** chun speisialtóirí oiliúna a éascú do thionscail réigiúnacha déantúsaíochta leictreonaice. |
| 1.3 Forbairt an dalta/an fhoghlaimeora mar dhuine aonair a chothú agus tacaí a fhorbairt le haghaidh daltaí/foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil, chun a n-acmhainn a uasmhéadú ag gach céim den phróiseas foghlama. | Leanfaidh **Rannóg Scoileanna** an BOO ar aghaidh ag tacú leis an bhfoghlaim agus an taithí ó scoileanna tacaíochta trína Fhóram Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí, a Ghrúpa Comhairleach ar fhéinmheasúnú chun dearbhú cáilíochta a chinntiú maidir le caighdeáin arda a chothabháil sa teagasc agus san fhoghlaim. Tacóidh Foireann Tacaíochta na Rannóige le cur i bhfeidhm leantach an tionscnaimh um Cheannairí Curaclaim in 2021 chun cur ar chumas ár scoileanna plé go réamhghníomhach le féinmheasúnú, Pleananna Feabhsúcháin Scoile agus pleanáil DEIS. Áirítear le gníomhartha in 2021:<br>● Próiseas Féinmheasúnaithe na Scoile a chur i bhfeidhm.<br>● Tacú le hullmhú i gcomhair Meastóireachtaí ar an Scoil Uile (MSU) agus meastóireachtaí ábhair tríd an tionscnamh chun Teagasc agus Foghlaim a Stiúradh. | Cruthaíodh bunachar sonraí de chomhordaitheoirí um Fhéinmheasúnú Scoile agus eagraíodh go leor cruinnithe le Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí agus le comhordaitheoirí SSE i scoileanna i rith 2021 chun dea-chleachtas agus taithí a roinnt.<br>Thug an Fhoireann Tacaíochta de chuid Rannóg Scoileanna an BOO faoi athbhreithniú ar na moltaí ó gach Cigireacht Ábhair, cuairt MSU, MLL ag Cigireacht na Roinne Oideachais agus cuireadh achoimre ar na fionnachtana sin i láthair do scoileanna ag cruinniú Zoom le Ceannairí Curaclaim ag tús na bliana acadúla.<br>Thug an Dr Domhnall Fleming (iar-chigire leis an Roinn Oideachais) cur i láthair do scoileanna ar fhorbairt Ghuth an Dalta i scoileanna.<br><br>Faoi Stiúrthóireacht na Scoileanna thacaigh feidhm Oibre Óige an LCETB le soláthar clár agus seirbhísí ardchaighdeáin in 2021. Agus cur chuige comhoibritheach agus dearcadh atá dírithe ar an duine a ghlacadh leis na 26 thionscadal UBU, rinneadh iniúchadh le cruinnithe ráithiúla um Measúnú Feidhmíochta ar chineál agus mhéid na seirbhíse arna soláthar do na daoine óga sprice. Thacaigh na cruinnithe sin le hEagraíochtaí Maoinithe le haithne a chur ar an scéim UBU agus beidh siad mar ghné lárnach de ról rialachais an BOO sa scéim UBU.<br>Le maoirseacht ag an nGrúpa Comhordaithe, cinntíodh go raibh gach iarratas agus moladh faoi na scéimeanna éagsúla maoinithe arna riar |

| | | |
|---|---|---|
| | ● Comhar gairmiúil le múinteoirí a chur chun cinn tríd an tionscnamh chun Teagasc agus Foghlaim a Stiúradh.<br>● Freisin eagrófar cruinnithe le haghaidh scoileanna le Cigireacht an Roinn Oideachais ar shamhlacha dea-chleachtais um scoileanna.<br>● Ceannairí Ghuth an Dalta a bhunú i ngach scoil BOO i Luimneach agus sa Chlár agus Cairt Daltaí a chumhdach le haghaidh na ndaltaí go léir.<br>● Forbairt ghairmiúil a chur ar fáil do Cheannairí Ghuth an Dalta. | in 2021 laistigh de chritéir na scéime agus go raibh údar leo ó thaobh tionchar dearfach a chinntiú le haghaidh na ndaoine óga sprice.<br>Faoin LYCGS, cinntítear trí hidirchaidreamh dlúth ag Foireann Oibre Óige an BOO le bratchomhlachtaí éagsúla na gclubanna óige go gcloítear leis na Caighdeáin Náisiúnta Cháilíochta um Ghrúpaí faoi stiúir Saorálaithe. |
| 1.4 Freagraí cuí a fhorbairt a fhreastalaíonn ar riachtanais phearsanta, sóisialta agus infhostaitheachta na ndaoine inár bpobail. | I rith 2021, leanfaidh an tSeirbhís Tacaíochta um Chuimsiú Gníomhach sa BOO ar aghaidh ag forbairt **Sheirbhís Tacaíochta Foghlama d'Fhoghlaimeoirí** ar fud BOO, a bheidh freagrúil do riachtanais mhothúchánacha, iompraíochta, sláinte agus meabhairshláinte foghlaimeoirí a chuirfidh le dianseasmhacht foghlaimeoirí. Áirítear le gníomhartha sonracha in 2021:<br>● Lámhleabhar tras-seirbhíse a fhorbairt d'fhoghlaimeoirí FET an BOO.<br>● Rochtain a thabhairt ar Thacaí Síceolaíocha chun scileanna pearsanta a fhorbairt agus a fheabhsú chomh maith le hacmhainní chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a mbíonn tionchar acu ar a bhfoghlaim.<br>● Samhail tacaíochta a phíolotú bunaithe ar chiste BOO um fhoghlaimeoirí faoi mhíchumais.<br>● I rith 2021 oibreoidh Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (FLCT) agus an tSeirbhís Tacaíochta um Chuimsiú Gníomhach | In 2021, lean an Rannóg FET ar aghaidh ag méadú an raoin de thacaí foghlaimeora a chuirtear ar fáil d'fhoghlaimeoirí BOO.<br>**Clárú Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí:** Lean tionchar Phaindéim COVID-19 ar aghaidh i rith 2021, agus mar gheall air sin ba ghá leanúint ar aghaidh le béim a chur ar theacht chun cinn nó leathnú na héagothroime oideachasúla a sheachaint. Chláraigh 1,147 foghlaimeoir san iomlán do thacaí éagsúla tríd an tSeirbhís Tacaíochta um Chuimsiú Ghníomhach in 2021. Cláraíonn go leor foghlaimeoirí le haghaidh níos mó ná taca amháin agus cé gurbh é cúnamh comhionannais fearais a iarraidh go príomha (rud nárbh ionadh mar gheall ar an leibhéal d'fhoghlaim ar líne agus d'fhoghlaim chumaisc i ndáil le COVID), fuarthas cuid mhaith iarratas ar thacaí eile, go háirithe maidir le Treoir agus tacaí ginearálta foghlama (lenar áiríodh Croí-Scileanna, Scileanna Digiteacha, Comhairleacht agus BCTL).<br><br>**Líonra Mol Foghlama:** I rith 2021, sholáthair an **Líonra Foghlama d'ocht mol** áit fhisiceach ina bhféadfadh foireann na Seirbhíse Tacaíochta um Chuimsiú Gníomhach, i gcomhar leis an tSeirbhís Tacaíochta um Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (FLCT) tacaí duine le duine agus grúpa bhig a sholáthar d'fhoghlaimeoirí. Anois cuimsíonn foireann an Mhoil Fhoghlama 11 bhall foirne ar fud Champais BOO sa réigiún. |

| | | |
|---|---|---|
| | (STGS) chun líonra a fhorbairt de Mhoil Fhoghlama Féinrochtana ar fud na gcampas mór sa Rannóg FET.<br>• Trí hoibriú le comhpháirtithe pobail agus Soláthar BOO, tacóidh AISS le roinnt Tionscadal Píolótacha Earnáil-Dhírithe atá dírithe ar Cheantair ina bhfuil Go Leor Dífhostaíochta. | Tá ról sainithe ag na moil sin sa champas agus gníomhaíonn siad mar éadan siopa um raon de thacaí foghlama agus iad ag soláthar acmhainní agus saoráidí chun tacú le foghlaim fhéintreoraithe agus foghlaim faoi stiúir teagascóirí. Roghnaíodh na hionaid dóibh chun díriú ar fhoghlaimeoirí a thagann ó áiteanna ina mbíonn go leor dífhostaíochta/áiteanna díothaithe agus ghlac foireann na mol ról ríthábhachtach maidir le tacaí spriocdhírithe duine le duine a sholáthar d'fhoghlaimeoirí le linn Phaindéim COVID-19. Trí hoibriú leis an bhfoireann FLCT, forbraíodh sraith clár Moodle ar líne i mol fíorúil chun tacú le hobair an líonra de mhoil fhoghlama.<br>Tá úsáid na teicneolaíochta ag croílár obair na mol agus tá fáilte curtha ag baill foirne roimh go leor ghnéithe nuálacha teicneolaíochta chun soláthar a gcuid seirbhísí a fheabhsú. Chuimsigh comhar idir foireann an TELSS agus na mol in 2021: ról ceannaireachta digití á nglacadh ag foireann na mol mar chuid de Líonra na gCuradh Digiteach; rannpháirtíocht i bhforbairt ghairmiúil agus i dtacaíocht agus cur chun cinn i réimsí lárnacha mar UDL agus teicneolaíochtaí cúnta; dea-chleachtas a roinnt trí Thaispeáin & FLCL; oibriú le TELSS agus curaidh dhigiteacha ar thionscadail lárnacha chun acmhainní foirne agus foghlaimeora a fhorbairt. Freisin cuireadh tús le hobair ar Spás Digiteach an Mhoil Foghlama ar Moodle chun cur leis na tacaí a chuirtear ar fáil sna moil agus chun tacú le riachtanais fhoghlama aonair na bhfoghlaimeoirí chomh maith leis na curaclaim a chur ar fáil. Teastaíonn tacar scileanna faoi leith ón bhfoireann sna moil freisin agus in 2021, thug an Comhordaitheoir um Fhorbairt Ghairmiúil tacaíocht d'fhoireann Mhol Foghlama AISS chun tabhairt faoi oiliúint spriocdhírithe FGL i raon ábhar. Áiríodh leo siúd, GDPR, Cosaint Leanaí Tusla, AHEAD Start, cúrsaí oiliúna náisiúnta ar líne ar thacú le foghlaimeoirí faoi mhíchumas i mBreisoideachas agus in Ardoideachas, Aithint LYIT na Foghlama Roimhe Ré (L9), Teicneolaíocht Chúnta, TU agus Cumas Éireann (L6) agus WRAT V.<br>• In 2021, seoladh an **Chairt um Fhoghlaimeoirí FET** freisin. Eolaí iomlán sothuighte é seo do gach foghlaimeoirí a chláraíonn le cúrsa FET ar bith. Leagtar amach leis luachanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus cuirtear creat ar fáil a cheadaíonn d'fhoghlaimeoirí agus dár bhfoireann, agus do |

| | | |
|---|---|---|
| | | chleachtóirí foghlama a gcuid freagrachtaí faoi seach a bheith ar eolas acu agus iad a thuiscint. Tá sé bunaithe ar phrionsabal an chomhair agus an chomhoibrithe idir foghlaimeoirí agus foireann FET. Tá naisc ghréasáin le hacmhainní tagartha sa Chairt um Fhoghlaimeoirí. Chun cinntiú go mbeidh rochtain i gcónaí ag foireann agus foghlaimeoirí BOO ar an leagan is deireanaí den Chairt agus de bheartais ghaolmhara, féadann baill foirne agus foghlaimeoirí an láithreán gréasáin tiomnaithe a úsáid i gcomhair rochtana.<br>• **Tacaí Comhairleachta a Sholáthar:** Féadann Foghlaimeoirí FET a dhéanann féin-atreorú le haghaidh thacaí comhairleachta rochtain a fháil ar suas le sé sheisiún comhairleachta saor in aisce faoin tSeirbhís Tacaíochta um Chuimsiú Gníomhach. Leanadh ar aghaidh ag soláthar comhairleachta i gcéin trí mheán My Mind i rith 2021 chun cloí le rialacháin ar scaradh sóisialta. Fostaíonn MyMind os cionn 100 gairmí meabhairshláinte oilte agus bíonn foghlaimeoirí in ann an comhairleoir a roghnú a measann siad go n-oirfidh siad is fearr dóibh. Tugtar cód uathúil d'fhoghlaimeoirí a meastar go bhfuil gá acu leis an tseirbhís agus tugann an cód sin cead dóibh a gcuid sé sheisiún saor in aisce a fhuascailt ar láithreán gréasáin MyMind. Scaipeadh os cionn 96 chóid d'fhoghlaimeoirí ar fud Luimnigh & an Chláir i rith 2021 agus tá acmhainní agus físeáin forbartha ag AISS chun tacú le cur i bhfeidhm na seirbhíse.<br>• **Comhionannas Fearas d'Fhoghlaimeoirí:** Tá raon de cháipéisí treorach i bhfeidhm chun comhionannas fearas a chur chun cinn agus a chinntiú d'fhoghlaimeoirí. Áirítear leo siúd Treoirlínte ar Beir Leat d'Fhearas Féin, Treoirlínte ar Chomhionannas Fearas, Measúnú Riachtanas um Chomhionannas Fearas, Treoirlínte ar Úsáid Inghlactha agus Comhaontuithe Iasachta Fearais. Ceann de príomhchúraimí a bhí ag tacaíocht Foghlaimeoirí an Mhoil in 2021 ab ea an deighilt dhigiteach a chúngú i measc na bhfoghlaimeoirí, arbh léir gur éirigh sí mór mar thoradh díreach ar COVID-19. Mar gheall ar an aistriú nach raibh coinne leis ó idirghníomhú aghaidh ar aghaidh sa seomra ranga go foghlaim ar líne, méadaíodh an t-éileamh ar thacaíocht teicneolaíochta d'fhoghlaimeoirí. Ba iad |

| | | |
|---|---|---|
| | | curaidh dhigiteacha na Foghlama le Cuidiú Teicneolaíochta (FLCT) go príomha a chuir oiliúint ar an bhfoireann teagaisc i dteicneolaíochtaí nua agus iad ag obair gan staonadh chun acmhainní a fhorbairt agus ardáin foghlama ar líne a aithint chomh maith le hAipeanna foghlama a thairiscint a bheadh oiriúnach d'fhoghlaimeoirí ar gach leibhéal. Anois ba ghá le foghlaimeoirí freisin aithne a chur ar na hardáin fhoghlama sin ar líne ar nós Zoom, Teams, Padlet, Office365 chun rochtain a fháil ar a gcúrsa. Cuireadh oiliúint ghairid duine le duine agus grúpa sa litearthacht dhigiteach agus in Aipeanna foghlama ar fáil d'fhoghlaimeoirí, agus leanadh ar aghaidh léi sin trí sheisiúin tacaíochta Live Teams sula dtosaíonn cúrsa agus le linn an chúrsa.<br>• **Tacaí d'Fhoghlaimeoirí faoi Mhíchumas:** Bogadh an Ciste d'Fhoghlaimeoirí faoi Mhíchumas ó HEA go SOLAS i mí Iúil 2020 agus anois is é an Ciste d'Fhoghlaimeoirí faoi Mhíchumas (PLC amháin). Agus iad ag déanamh aithrise ar na treoirlínte don FLD, táirgeann na Moil Fhoghlama anois na tacaí céanna d'fhoghlaimeoirí neamh-PLC, bunaithe ar thionscadal píolótach a ritheadh i Mol KRC in 2019. Chun tacú leis an bpróiseas sin, ceapadh meantóir foirne ar bhonn 2 lá in aghaidh na seachtaine chun oibriú le foireann na mol chun na próisis, na hacmhainní agus na teimpléid a fhorbairt le tacú le measúnú riachtanas, tuairisciú LENS agus oiliúint ar fheasacht faoi mhíchumas. Thug baill foirne go léir na mol faoin oiliúint ar Mheasúnú Riachtanas um AHEAD Start in 2021, agus táirgfear an tseirbhís sin d'fhoghlaimeoirí a chláróidh le haghaidh Tacaí Míchumais tríd na moil fhoghlama.<br><br>Soláthraíonn an AISS tacaíocht cóiríochta réasúnta agus phríomhshruthaithe ar fáil laistigh de theagasc campais d'fhoghlaimeoirí a dteastaíonn tacaí míchumais uathu. Chun na riachtanais fhoghlama a aithint agus na huirlisí cearta a úsáid a réitíonn leis an gcineál tacaíochta, cuireadh nós imeachta um Measúnú Riachtanas i bhfeidhm. Déanann ball foirne tacaíochta foghlaimeora nó éascaitheoir taifead ar roghanna an fhoghlaimeora, ar a dtaithí foghlama roimhe sin agus déanann siad measúnú leighis |

| | | |
|---|---|---|
| | | agus GDPR á chomhlíonadh. Córas nua-fhorbartha um thuairisciú atá sa phróiseas measúnaithe riachtanas agus tá leas bainte ag foghlaimeoirí, teagascóirí agus comhordaitheoirí cúrsa as cheana agus iad ag ceapadh pleananna gníomhaíochta chun cabhrú le foghlaimeoirí i gcomhar. Anois féadann foghlaimeoir faoi mhíchumas plean gníomhaíochta a bheith acu atá sonraithe go soiléir chun cearta reachtúla a thuiscint chomh maith le cóiríocht réasúnta i gCampas FET in Inis.<br><br>Cuimsíodh na Tacaí Míchumais a tháirgeann an Rannóg FET sa raon tacaí i rith 2021 agus baill foirne AISS ag dul i dtaithí ar agus ag éirí muiníneach maidir le Measúnuithe Riachtanas agus Pleananna Oideachais Aonair a riar lena n-áirítear Buneolas ar theicneolaíochtaí cúnta cuí agus seisiúin oiliúna leantacha. |
| 1.5 Seirbhísí ardchaighdeáin eolais, treorach, comhairleachta agus tacaíochta dalta/foghlaimeora a chur ar fáil ar fud ár gcuid scoileanna, ionad agus clár. | Tacóidh **Rannóg Scoileanna** an BOO le scoileanna chun creat treoracha scoile uile a fhorbairt agus forbróidh sé níos mó naisc le FET agus Institiúidí Tríú Leibhéal trí Fhóram na gComhairleoirí Treorach (a bunaíodh i nDeireadh Fómhair 2019). Áirítear le gníomhartha le haghaidh 2021:<br>● Creat Treoracha Scoile Uile a fhorbairt. Cuimseoidh sé sin na réimsí foghlama seo a leanas<br>- Féinmhuinín & féintuiscint dhearfach a chothú.<br>- Idirghníomhú go héifeachtach le daoine eile (i bpearsa agus ar líne).<br>- Forbairt & fás le linn an tsaoil.<br>- Straitéisí éifeachtacha um fhoghlaim phearsanta/scrúduithe a chur i bhfeidhm. | Lean Rannóg Scoileanna an BOO ar aghaidh ag forbairt acmhainní agus tacaí le haghaidh scoileanna agus a mol acmhainní – www.lcetbschools.com. seolta. Soláthraíonn an láithreán taisce chuimsitheach acmhainní chun tacú le leas i scoileanna.<br><br>Ceapadh príomhoide agus leas-phríomhoide ó scoileanna BOO chun bord Choistí na Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga (CYPSC). Struchtúr lárnach atá i gCoiste na Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga (CYPSC) atá aitheanta ag an Rialtas chun seirbhísí a phleanáil agus a chomhordú le haghaidh leanaí agus daoine óga i ngach contae in Éirinn.<br><br>Cuimsíonn a sainchúram aoise gach leanbh agus duine óg ó 0 go 24 bliana d'aois.<br>Is é cuspóir an CYSPC ná comhar agus comhoibriú éifeachtach idirghníomhaireachta a chinntiú chun na torthaí is fearr a bhaint amach do leanaí agus dhaoine óga ina gceantar. |

| | | |
|---|---|---|
| | - Roghanna oideachais a dhéanamh ar aon dul le mianta gairme.<br>- Úsáid chuí a bhaint as eolas agus foinsí a bhaineann le gairmeacha.<br>- Saol na hoibre & na ról saoil a thuiscint.<br>- Forbairt ghairme & cinnteoireacht a bhainistiú.<br>Tacaíocht leanúnach agus Forbairt an Fhóraim nua-bhunaithe um Chomhairleoirí Treorach. | |
| 1.6 Tairbhí an oideachais agus na hoiliúna a chur chun cinn do na daoine inár réigiún, agus ach go háirithe cabhrú le gach foghlaimeoir bealaí uathúla dul chun cinn a aithint a chuireann ár gcuid scoileanna, ionad agus clár ar fáil. | Is í aidhm an **tSeirbhís Tacaíochta BOO um Eolas, Earcaíocht agus Threoir an ETB** ná cinntiú go mbíonn eolas agus treoir ina ngné lárnach de phleanáil agus sholáthar BOO. Leanfaidh foirne IRG FET an BOO ar aghaidh obair le foghlaimeoirí in 2021 chun bealaí ar aghaidh a fhorbairt agus plé le saincheisteanna de réir mar a thagann siad chun cinn.<br><br>Osclaíodh Moil Eolais i Luimneach agus in Inis agus treoraíonn ár láithreán gréasáin FET http://learningandskills.ie/contact/ foghlaimeoirí chuig áit tairsí chun coinní a dhéanamh/ceisteanna a chur agus bíonn uimhir shaorghlao 1800 70 70 77 ar fáil d'fhoghlaimeoirí agus don phobal i gcoitinne freisin. | Soláthraíonn an Rannóg FET Seirbhís Tacaíochta ghairmiúil agus rúnda um Eolas, Earcaíocht agus Threoir do gach foghlaimeoir. Bíonn ról ríthábhachtach ag an IRGSS ansin trí thacaí eolais agus treorach soiléire, trédhearcacha agus inrochtana atá dírithe ar an duine roimh iontráil agus le linn cláir, atá ceaptha chun rochtain a éascú d'fhoghlaimeoirí. Áirítear leo siúd: Bileoga réamhiontrála; Freastal ag foireann IRGSS ag aonaigh áitiúla agus réigiúnacha éagsúla agus fóraim eile chun deiseanna FET a chur chun cinn; Moil Eolais i Luimneach agus sa Chlár mar ionaid ilfhreastail; Córas láraithe um eolas agus cheisteanna; Seirbhísí buail isteach; Treoir duine le duine roimh iontráil ar fáil i gColáistí/in Ionaid FET agus in ionaid Phobal ar fud an réigiúin le haghaidh spriocghrúpa atá sainithe go soiléir.<br>Freisin lean an IRGSS ar aghaidh lena chuid oibre comhpháirtíochta le scoileanna, fostóirí, comhpháirtithe ardoideachais agus pobail chun bealaí a fheabhsú le haghaidh ár gcuid foghlaimeoirí FET. Mar shampla in 2021, bhunaigh an IRGSS meitheal oibre le Comhpháirtíocht PAUL chun soláthar treorach ar fud Chathair Luimnigh agus comhar le SICAP a athbhreithniú.<br><br>In 2021, d'fhoilsigh an IRCSS a bPlean Gníomhaíochta nua ar aon dul leis an Straitéis nua FET. Tá sé dírithe ar 5 théama straitéiseach:<br>• Infheictheacht agus soiléire IRGSS a mhéadú ar fud sholáthar FET |

| | | |
|---|---|---|
| | | • Rochtain ar, comhtháthú agus comhsheasmhacht eolais, earcaíochta agus treoracha a fheabhsú laistigh de chláir.<br>• Fáilte a chur roimh an teicneolaíocht agus a húsáid a mhéadú i ngach gné dár gcleachtas.<br>• Tuilleadh comhair idir an IRGSS agus páirtithe leasmhara seachtracha chun tacú leis an bhfoghlaim fadsaoil.<br>• Dearbhú Cáilíochta a chinntiú i soláthar IRG agus ár dtionchar a thomhas<br>D'oibrigh Oifigigh Eolais agus comhairleoirí treorach i gcomhair leis an tSeirbhís Tacaíochta um Rannpháirtíocht Fiontraíochta agus an tseirbhís Tacaíochta um Chuimsiú Gníomhach, chun pacáistí eolais saincheaptha a chur ar fáil do chomhpháirtithe tionscail. Leis na tionscnaimh sin cinntíodh gur cuireadh eolas ábhartha suas le dáta ar fáil do pháirtithe leasmhara faoi gach bealach FET agus na deiseanna atá ar fáil.<br><br>**Conairí ó scoileanna:** Forbairtí lárnach i 2021 ab ea oscailt Tairsí singile um roghanna CAO agus Breisoideachais, a seoladh i mí na Samhna 2021. D'fhreagair BOO Luimnigh agus an Chláir go dearfach don tionscadal sin agus faoi láthair tá 720 cúrsa ar fáil aige tríd an CAO ar fud raon leathan disciplíní. In 2021, d'fheabhsaigh an Rannóg FET freisin a phlé le hearnáil na scoileanna, agus feasacht á hardú faoi roghanna FET do gach dalta. Seo a leanas samplaí den phlé sin:<br>• Cuireadh eolas ar fáil faoi bhealaí agus roghanna FET do 19 scoil BOO, lenar áiríodh seimineár eolais do scoileanna. Forbraíodh Seimineáir Ghréasáin spriocdhírithe Eolais ar PLCanna, Phrintíseachtaí agus Chúrsaí Oiliúna le haghaidh Iar-bhunscoileanna, go háirithe do dhaltaí Idirbhliana.<br>• Oiliúint Barista: Bhí an-éileamh ar an gcúrsa creidiúnaithe City agus Guilds um Barista i measc dhaltaí Idirbhliana agus d'éirigh go maith leis. In 2021, thug 176 dalta Idirbhliana faoi chúrsa Barista agus bhain siad deimhniú amach ann.<br>• Reáchtáladh céad Chomórtas Chef Óg na bliana 2021 i Réigiún na Sionainne ar an 19ú Bealtaine le hiar-bhunscoileanna. Tugadh an-tacaíocht dó ar fud na tíre ó IPC, IHF, Euro-Toques na hÉireann, Éire, BOnna & IOT. |

| | | |
|---|---|---|
| | | • Is í aidhm Thionscnamh Scoileanna Champas Raithin ná feasacht a ardú faoi sholáthar FET le baill foirne treorach, críochnaithe scoile agus teagmhála baile is scoile, gníomhaireachtaí pobail, oibrithe óige agus tuismitheoirí. Déantar é sin trí heispéiris phraiticiúla a chur ar fáil chomh maith le nochtadh do roghanna foghlama agus conairí gairme trí himeachtaí samplála do dhaltaí. Eagraíodh ceardlanna samplála agus Turais Champais i.e. Cúrsa CNC Precision Engineering: Ghlac 7 ngrúpa idirbhliana as sé hiar-bhunscoil páirt i gclár samplála dhá-lá in Innealtóireacht Ríomhchuidithe – CNC; Laethanta Samplála sa Ghruagaireacht: Ghlac cúig ghrúpa de dhaltaí LCA agus Idirbhliana as ceithre scoil páirt i laethanta samplála sa ghruagaireacht i mí na Samhna agus mí na Nollag. Bhí an-tóir ag an tionscnamh sin i measc na rannpháirtithe go léir; Turais Champais.<br><br>Tionscnamh atá i g**Conairí go Printíseacht** a tháirgeann raon cúrsaí a fhéadann duine a thógáil roimh phrintíseacht. Táirgeann na cúrsaí sin bunscileanna atá deartha chun cabhrú le foghlaimeoirí rochtain a fháil ar phrintíseacht iomlán agus aistriú chuici. Tá an struchtúr céanna acu le printíseacht, agus cuirtear na cúrsaí ar chonair chuig printíseacht ar fáil trí mheascán d'oiliúint fostóir-bhunaithe i mbun an phoist agus oiliúint lasmuigh den phost i gColáiste Breisoideachais agus Breisoiliúna. Mar shampla in 2021, mhéadaigh Coláiste FET Luimnigh, Campas Shráid Mulgrave a sholáthar conairí chun Gruagaireacht faoi Chonairí go Printíseacht, Cuntasaíocht faoi Chonairí go Printíseacht agus Scileanna Cócaireachta faoi Chonairí go Printíseacht a chuimsiú. Freisin sholáthair Campas VTOS ar Bhóthar Chill Mocheallóg i gcomhpháirt le LCFE. Cur chuige nua a bhí ansin trínar cuimsíodh oiliúint réamh-phrintíseachta ar leibhéal 4 & 5 QI i dtairiscint shingil d'fhoghlaimeoirí agus phobail áitiúla.<br><br>**Conairí go hArdoideachas:** In 2021, lean an soláthar FET ar aghaidh ag forbairt nasc láidir le hInstitiúidí Ardoideachais sa réigiún. Tá ról ríthábhachtach ag soláthar PLC maidir le dul ar aghaidh go hardoideachas a éascú, agus tá caidrimh sheanbhunaithe aige le hinstitiúidí ardoideachais, trí mheabhráin tuisceana agus phrótacail idir |

| | | |
|---|---|---|
| | | BOOnna agus na hinstitiúidí sin. Bhí na nithe seo a leanas i measc na bhforbairtí nua in 2021:<br>• Ba é líon na bhfoghlaimeoirí a chuaigh ar aghaidh go LIT (TUS Lár an Iarthair atá ann anois) tríd an gComhaontú Dul Ar Aghaidh LCFE/LIT um iontráil 2021 ná 199, le haghaidh iontrála go Bliain 1. Ina theannta sin, rinne tuairim is 14 fhoghlaimeoir iarratas ar Ardiontráil i mBliain 2 de chláir staidéir i LIT.<br>• I mí Aibreáin 2021, cuireadh Comhaontú ar Dhul ar Aghaidh go LIT, Iarratas 2021 i bhfeidhm do gach foghlaimeoir FET. |
| | **Margaíocht FET** an BOO: I rith 2021, leanfaidh an BOO ar aghaidh ag ardú phróifíl an Bhreisoideachais agus na Breisoiliúna trí rannphháirtíocht in imeachtaí lárnacha taispeántais, meáin shóisialta agus meáin chlóite ardchaighdeáin, láithreachais do chomhairleoirí treorach, imeachtaí fógraíochta agus taispeántais.<br>Glacfaidh an Rannóg FET páirt i FET a eagrú agus a chur chun cinn sna himeachtaí ardphróifíle seo a leanas in 2021:<br>• Taispeántas Luimnigh don Innealtóireacht 2021.<br>• Taispeántas Ghairmeacha Printíseachta & Cúrsaí Oiliúna an Iarthair Láir 2021.<br>• Féile Foghlama Fadsaoil Luimnigh 2021.<br>Feachtas ar Fhás le do Phobal agus úsáid mhéadaithe na fógraíochta lena n-áirítear Cláir Fógraí, Scáthláin Bus etc. | In 2021, mar gheall ar shrianta COVID-19, bhí teorainn le gnáthimeachtaí taispeántais. Reáchtáladh go leor leaganacha de na himeachtaí sin ar líne, áfach, agus rinneadh iarrachtaí chun láithreacht an BOO ar na meáin shóisialta agus ar líne a neartú.<br>Ag an am céanna le feachtas náisiúnta don chlár Skills to Advance, cuireadh chun cinn an tionscnamh Skills to Advance agus cúrsaí ar leith le feachtas ilghnéitheach margaíochta, lenar áiríodh na meáin shóisialta, agallaimh ar raidió, fógraí sna nuachtáin agus cláir fógraí. Scaipeadh r-nuachtlitir ar bhonn ráithiúil chuig tionscail i réigiún Luimnigh agus an Chláir, a chuimsigh teistiméireachtaí ó chuideachtaí a raibh plé ag BOO Luimnigh agus an Chláir leo.<br>Tar éis feachtas rathúil margaíochta sna meáin shóisialta ag Provision agus IRGSS gineadh fiosruithe breise i leith oiliúna Dífhostaíochta Paindéime agus oiliúint Oideachais Pobail. Thug Oifigigh Eolais naisc agus treoir le haghaidh na gcúrsaí sin.<br>Rinneadh infheistíocht mhór sa mhargaíocht leis an 'bhFeachtas ar Fhás le do Phobal' agus baineadh níos mó úsáide as an bhfógraíocht le Cláir Fógraí, Scáthláin Bus etc.<br>Ar aon dul leis an Straitéis náisiúnta FET, tar éis Coláiste na todhchaí a fhorbairt i Luimneach agus sa Chlár, rinneadh an soláthar FET a athbhrandáil go 'Coláiste an Bhreisoideachais agus na Breisoiliúna' agus athraíodh an láithreán gréasáin learningandskills.ie go fearann collegeoffet.ie le haghaidh eolais bainteach le soláthar FET Oideachais agus Oiliúna i Luimneach agus sa Chlár. |

| | | |
|---|---|---|
| 1.7. Saoráidí den chaighdeán is airde agus teicneolaíochtaí cuí a chur ar fáil dár gcuid daltaí agus foghlaimeoirí. | Leanfaidh **Rannóg Caipitil agus Soláthair** an BOO ar aghaidh ag cur i bhfeidhm an chláir Ilbhliantúil um Infheistíocht Chaipitiúil i ngach Scoil agus Ionad ar fud an BOO i 2021 chun cinntiú go mbíonn rochtain ag daltaí, foghlaimeoirí agus baill foirne ar shaoráidí oideachais den chaighdeán is airde.<br><br>Áirítear le tionscadail Chaipitil leanúnacha in 2021:<br>• Críochnú Choláiste Chiaráin a bhfuil 800 dalta ann, Cromadh,<br>• Críochnú Choláiste Pobail nua na hInse.<br>• Campas nua Ghaelcholáiste Luimnigh do 750 dalta.<br>• Coláiste Pobail Mhungairit, coláiste nua do 1,000 dalta.<br>• Forbairt Scoil Nua Mol an Óige agus athchumrú iarfhoirgneamh scoile an Ghleanna Rua - campas satailíte píolótach.<br>• Forbairt Nua Scoile i CNS Raheen Woods.<br>• Méadú ar Choláiste Pobail Thuamhan.<br>• Méadú ar Choláiste Pobail na Scairbhe.<br>• Méadú ar Choláiste Pobail Naomh Eoin Bosco, Cill an Dísirt.<br>Ina theannta sin, tacóidh an Rannóg Caipitil agus Soláthair le scoileanna neamh-BOO in 2021 lena n-áirítear:<br>• Gaelscoil Sheoirse Clancy, Cathair Luimnigh.<br>• Gaelscoil Mhíchíl Cíosóg, Ennis.<br>• Scoil Náisiúnta an Chroí Naofa, Móin an Lín.<br>• Gaelscoil Donncha Rua, An tSionainn. | Achoimre ar Éachtaí in 2021:<br>· Foirne Deartha ceaptha in 2021 chun Scoileanna Náisiúnta Pobail nua a thógáil ar láithreáin úrnua le haghaidh Raheen Woods agus Mol an Óige.<br>· Críochnaíodh forbairt an Champais nua do Choláiste Chiaráin in 2021 agus bhog daltaí agus baill foirne isteach sa scoil nua.<br>· Tosaíodh leis an méadú neamhspleách nua ar Choláiste Pobail na hInse ar an láthair agus é le bheith críochnaithe in 2022.<br>· Tugadh chun críche an próiseas tairisceana chun Gaelcholáiste nua Luimnigh a thógáil in 2021 agus ceapadh an Príomhchonraitheoir.<br>· Críochnaíodh an t-athchóiriú ar Choláiste Pobail Náisiúnta an Ghleanna Rua agus bhog daltaí agus an fhoireann isteach i bhfoirgneamh na scoile in 2021.<br>· Deonaíodh cead pleanála do Choláiste Pobail nua Mhungairit agus cuireadh leis an bpróiseas tairisceana chun an Conraitheoir a cheapadh.<br>· Foilsíodh an tairiscint chun Príomhchonraitheoir a cheapadh leis an méadú ar Choláiste Pobail na Scairbhe a thógáil agus é measta go dtosófar an tógáil i R2 2022.<br>· Iarradh faomhadh an DoE le dul ar aghaidh go tairiscint chun an méadú ar Choláiste Pobail Thuamhan a thógáil d'fhonn tosú ar thógáil in 2022.<br>· Faomhadh faighte ón DOE chun Halla GP agus Saoráid SEN a chur le Gaelscoil Mhíchíl Ciosóg agus Aguisín le Tuairisc Chéim 2a á ullmhú ag DT le cur faoi bhráid an DoE.<br>· Iarratas pleanála curtha isteach chun an scoil reatha a leagan agus chun foirgneamh 32 Sheomra Ranga a thógáil i SN Mhóin an Lín.<br>· D'fhaomh an DoE Tuarascáil Chéim 1 um méadú ar Choláiste Pobail Naomh John Bosco, Cill Díseart agus an Fhoireann Deartha ag obair chun iarratas pleanála a ullmhú.<br>· Iarratas pleanála chun Bunscoil nua um Ghaelscoil Donncha Rua curtha faoi bhráid Chomhairle Contae an Chláir.<br>· Bhí an próiseas deartha i gcomhréir le nósanna imeachta an Roinn Oideachais ar siúl ar gach tionscadal scoile i rith 2021. |

| | | |
|---|---|---|
| | • Scoil Náisiúnta Chill an Iúir, Co. Luimnigh.<br>• Scoil Náisiúnta Naomh Muire, Cathair Luimnigh.<br>• Scoil Náisiúnta Naomh Bríde, Saingeal, Luimneach.<br>• Salesian College, Pailís Chaonraí.<br>I rith 2021, leanfaidh an Rannóg Caipitil agus Soláthair ar aghaidh le timthriall phleanáilte d'fheabhsúcháin ar shaoráidí tríd an Scéim Oibreacha Samhraidh, an Scéim Oibreacha Éigeandála agus Scéim na nDeontas Caipitil Spóirt in áiteanna éagsúla. | I dteannta leis na Mórthionscadail atá liostaithe thuas, seo a leanas achoimre ar éachtaí eile in 2021:<br>· I gColáiste na Trócaire, Ráth Caola, tugadh faoin uasghrádú ar leithris agus soilse nua lasmuigh in 2021.<br>· Cuireadh isteach Iarratas ar Chaipiteal Spóirt i dtaobh Choláiste Pobail na Scairbhe. Iarradh tairiscintí le haghaidh an tionscadal Chaipiteal Spóirt don uasghrádú ar raon i gColáiste Pobail Mhíchíl agus tá an tionscadal le bheith críochnaithe in 2022.<br><br>Tionscadail Fhuinnimh:<br>· Iarfheistiú fairsing fuinnimh ar Choláiste Iosaef, Cill Mocheallóg – Céim 1 críochnaithe in 2021. Iarradh tairiscintí le haghaidh Chéim 2 in 2021 agus ceapadh an Conraitheoir, agus tá oibreacha le bheith críochnaithe in 2022.<br>· Tugadh faoi uasghrádú iomlán soilse i gColáiste Pobail Thuamhan i samhradh 2021.<br><br>Breisoideachas & Breisoiliúint:<br>· Tugadh faoi oibreacha leanúnacha uasghrádaithe agus feabhsúcháin ar gach Campas FET i rith 2021 agus i ndáil leo siúd a leanas ach go háirithe<br>· Campas Chromadh – Athchóirithe críochnaithe in 2021 Máistirphlean<br>· Campas Chill Fhíonáin Athsholáthar Fuinneog Éagsúil<br>· Campas na hInse<br>· Campas na Ceapaí Móire - Éagsúil<br>· LCFE - Uasghrádú éigeandála ar fhuinneamh - Céim 2<br>· Campas Raithin - Éagsúil<br>· Campas Ascaill Uí Chonaill - Mionoibreacha éagsúla |

| | | |
|---|---|---|
| 1.8 Plean Oibre Óige a fhorbairt/a chur i bhfeidhm don réigiún. | Lean **Rannóg Scoileanna** an BOO agus Coiste **Oibre don Aos Óg** an BOO de thacú le cur i bhfeidhm Phlean Obair don Aos Óg 2018-2021 a bhfuil sé mar aidhm aige a áirithiú go n-éireoidh leis an BOO ina fhreagrachtaí chun tacú le seirbhísí obair don aos óg a sholáthar, a chomhordú, a riar agus a mheasúnú i réigiún Luimnigh agus an Chláir.<br><br>Chomh maith le maoiniú a riar um Thionscail Óige ina chuirtear béim ar mhíbhuntáiste, tabharfar tosaíocht in 2021 ar thacú leis an Scéim nua spriocdhírithe um Mhaoiniú don Óige UBU. Leis an scéim "UBU - Your Place, Your Space" tógtar le chéile ceithre scéim fhorluiteach atá ann cheana agus é mar aidhm go mbeidh an scéim faoi lán seoil faoi dheireadh 2021.  Seo a leanas a dhéanfaidh soláthar Oibre Óige i rith 2021:<br>● Tacaíocht a sholáthar um thionscadail fhadsheasmhacha de réir mar a thagann a gcritéir óige le bheith faoi réir théarmaí agus coinníollacha UBU Your Place Your Space,<br>● Tacaíocht a sholáthar do thionscadail nua agus mhéadaithe a bunaíodh faoi théarmaí agus choinníollacha UBU Your Place Your Space.<br>● Sraith ceardlann a eagrú agus a sholáthar in 2021 chun acmhainn eagraíochtaí maoinithe a fhorbairt faoi UBU Your Place Your Space. | Cé gur cuireadh isteach go mór air ag COVID-19, lean an Coiste Oibre don Aos Óg ar aghaidh le cruinnithe i gcéin in 2021. Cheadaigh sé sin don Choiste tacú le Bord an BOO chun an ról a chomhlíonadh maidir le tacú le soláthar, comhordú, riar agus measúnú seirbhísí oibre don aos óg i réigiún Luimnigh agus an Chláir.<br><br>Reáchtáladh cruinnithe rialta um Athbhreithniú Ráithiúil le gach tionscadal chun cinntiú go mbeadh an clár spriocdhírithe chomh héifeachtach agus ab fhéidir agus comhlíonadh iomlán na rialacha a ghabhann leis an scéim UBU.<br><br>Cuireadh Ceardlanna éagsúla lena n-áirítear rialacha airgeadais, forbairt agus líonrú, forbairt acmhainne ar fáil do thionscadail chun cinntiú go gcloífí scéim UBU.<br><br>Comhlíontacht agus Cuntasacht um chistí poiblí. Cruinniú ráithiúil le Rannóg Airgeadais BOO Luimnigh agus an Chláir. |

| | | |
|---|---|---|
| 1.9 Leanúint ar aghaidh ag cur chun cinn agus ag forbairt an oideachais lasmuigh mar ghné lárnach de na seirbhísí oideachais. | Faoi OSD leanfaidh **Rannóg Acmhainní Daonna** an BOO ar aghaidh ag tacú le forbairt a dhá Ionaid um Oideachas agus Oiliúint Lasmuigh in 2021 trí thacaíocht a thabhairt do bhaill foirne reatha agus baill foirne a earcú chun éagsúlacht an soláthair oideachais lasmuigh a fheabhsú sna dá hionad is iad sin ná: An tIonad um Oideachas agus Oiliúint Lasmuigh i gCill Fhíonáin agus an tIonad um Oideachas agus Oiliúint Lasmuigh sa Bhoireann. | Leanadh ar aghaidh ag cur chun cinn ionaid an BOO um oideachas agus oiliúint lasmuigh ar fud Ionaid FET, Scoileanna Náisiúnta Pobail agus iar-bhunscoileanna in 2021. Tá leas bainte ag scoileanna as an raon leathan de ghníomhaíochtaí agus shaoráidí atá ar fáil in ionaid na Boirne agus Chill Fhíonáin. Tá cláir leasa forbartha ag an dá scoil i dteannta le scoileanna BOO. Mar gheall ar an bpaindéim dhomhanda a bhí ar siúl in 2021, níorbh fhéidir na hionaid sin a úsáid mar a bhítí in ann a úsáid sna blianta roimhe.<br><br>Lean an Rannóg Acmhainní Daonna ar aghaidh ag tacú le forbairt an dá Ionaid um Oideachas agus Oiliúint Lasmuigh in 2021 trí thacaíocht a thabhairt do bhaill foirne reatha agus baill foirne a earcú chun éagsúlacht an soláthair oideachais lasmuigh a fheabhsú sna dá hionad lasmuigh. |
| | Leanfaidh **Rannóg Scoileanna** an BOO ar aghaidh ag forbairt na dtacaí agus na feasachta corpoideachais le haghaidh scoileanna trínár dá hIonad um Oideachas agus Oiliúint Lasmuigh in 2021. Déanfaidh sé cinnte go dtabharfar deiseanna do dhaltaí plé leis an seomra ranga lasmuigh mar mheán cumhachtach agus uathúil don fhoghlaim agus don fhorbairt. Áirítear le gníomhartha sonracha i rith 2021:<br>● Clár Going Well an CLG ar Fholláine a chur ar aghaidh i gcomhpháirt le Comhairle Contae an Chláir agus Ionad Mhíchíl Ciosóg chun pacáiste a fhorbairt um scoileanna le leas a bhaint as tacaí folláine.<br>● Tacú le scoileanna chun plé le OETCanna le tacú le daltaí a ghabhann don Ghaisce (Dámhachtain an Uachtaráin). Is é misean Dámhachtain an Uachtaráin ná "deiseanna a thabhairt do dhaoine óga a | Leanadh ar aghaidh ag cur chun cinn ionaid an BOO um oideachas agus oiliúint lasmuigh ar fud Scoileanna Náisiúnta Pobail agus iar-bhunscoileanna in 2021.<br><br>Tá leas bainte ag scoileanna as an raon leathan de ghníomhaíochtaí agus shaoráidí atá ar fáil in ionaid na Boirne agus Chill Fhíonáin. Tá cláir leasa forbartha ag an dá scoil i dteannta le scoileanna BOO. Mar gheall ar an bpaindéim dhomhanda a bhí ar siúl in 2021, níorbh fhéidir na hionaid sin a úsáid mar a bhítí in ann a úsáid sna blianta roimhe.<br><br>Bhain Fóram na gComhordaitheoirí Idirbhliana an-úsáid as ionaid oideachais agus oiliúna lasmuigh i rith 2021. Freisin d'eagair Bainisteoirí an dá hionaid um oideachas agus oiliúint lasmuigh cuairteanna scoile chun tacú le scoileanna.<br><br>Tugadh tacaíocht do scoileanna le raon tacaí tríd an rannán leasa ar www.lcetbschools.com le linn phaindéim COVID-19.<br><br>Ghlac daltaí Idirbhliana as gach scoil i mBord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir páirt i ngníomhaíochtaí saincheaptha ar |

| | | |
|---|---|---|
| | n-acmhainn a chomhlíonadh trí dhúshláin phearsanta, an t-aistriú ó dhuine óg go haosach óg a éascú agus a n-acmhainn agus a ról a fheabhsú mar rannpháirtithe gníomhacha sa tsochaí."<br>● Cúrsaí nasctha leis an gcuraclam a chur chun cinn ar fud scoileanna BOO lena n-áirítear<br>- Foghlaim Lasmuigh chun tacú le Corpoideachas & Folláine.<br>- Gearrchúrsa Treodóireachta na Sraithe Sóisearaí a chur ar fáil don CBA ar Threodóireacht.<br>- Imeacht bliantúil Treodóireachta na Scoileanna.<br>- Comórtas Bollánóireachta na Scoileanna<br>- Pacáistí cianfhoghlama a cheapadh le haghaidh scoileanna chun cláir bhreise teoiric-bhunaithe a chur ar fáil le haghaidh scoileanna. | láthair scoile mar fhreagra ar COVID-19 chun tacú leis an gclár folláine i scoileanna.<br>Cuireadh Imeachtaí Bliantúla Treodóireachta agus Bollanóireachta na Scoileanna ar ceal mar thoradh ar an bpaindéim.<br><br>D'oibrigh Rannóg na Scoileanna le bainisteoirí na OETCanna chun pacáistí gníomhaíochta scoil-bhunaithe a dhearadh a cuireadh ar fáil ar láithreáin scoile i rith 2021 mar thoradh ar COVID-19. |
| 1.10: Cláir chúrsaí oiliúna agus cláir phrintíseachta a sholáthar agus a fhorbairt<br><br>Straitéis an BOO 1.4: Freagraí cuí a fhorbairt a fhreastalaíonn ar riachtanais phearsanta, sóisialta agus infhostaitheachta na ndaoine inár bpobail. | **Cúrsaí Oiliúna agus Printíseachtaí a Fhorbairt:**<br>Soláthraíonn **Rannóg FET** an BOO raon de chláir chúrsa oiliúna agus phrintíseachta ar fud réigiún Luimnigh agus an Chláir. Freisin dearaimid agus forbraímid cláir nua um chúrsaí oiliúna agus phrintíseachtaí. Tá na cláir seo a leanas beartaithe i rith 2021:<br>● Tá clár nua um Chúrsa Oiliúna i Manglamóireacht Deochanna le forbairt agus le cur i bhfeidhm i R2_2021. | Comhlíonadh spriocanna um fhorbairt & sholáthar clár nua mar seo a leanas;<br><br>● Cuireadh Cúrsa Oiliúna nua i Manglamóireacht Deochanna i bhfeidhm in 2021<br>● Cuireadh an Printíseacht Náisiúnta Gruagaireachta i bhfeidhm i BOOnna eile in 2021.<br>● Tar éis comhair le hearnáil na teileachumarsáide, tá an BOO ag nuashonrú Dhámhachtain Leibhéal 5 an QQI i Seirbhís do Chustaiméirí. Cuimseoidh an dámhachtain gnéithe d'eispéireas custaiméara (CX). Cuirfidh sé sin soláthar ar fáil don BOO sa réimse sin atá ag dul i méid go tapa.<br>● Sholáthair an BOO Ardchúrsa Ceoil agus Innealtóireachta Fuaime. |

| | | |
|---|---|---|
| | • Cuirfear an Printíseacht Náisiúnta Gruagaireachta i bhfeidhm i 7 BOO eile in 2021.<br>• Tar éis comhair le hearnáil na teileachumarsáide, tá an BOO ag nuashonrú Dhámhachtain Leibhéal 5 an QQI i Seirbhís do Chustaiméirí. Cuimseoidh an dámhachtain gnéithe d'eispéireas custaiméara (CX). Cuirfidh sé sin soláthar ar fáil don BOO sa réimse sin atá ag dul i méid go tapa.<br>• Chun an soláthar reatha Scannán agus Meán a mhéadú, soláthróidh an BOO Ardinnealtóireacht Ceoil agus Fuaime.<br>• Cúrsaí Réamhphrintíseachta a chur ar fáil do dhaoine óga in Ógtheagmháil in 2021, agus treochtaí reatha an mhargaidh saothair tógtha san áireamh agus réimsí spéise agus tacair scile ár gcuid foghlaimeoirí a mheas. Meastar go rachaidh bonneagar foirgneamh i méid sa réigiún i gcaitheamh na gcéad chúpla bliana eile, agus mar sin tá deis ann do dhaoine óga breisoiliúint a dhéanamh agus dul ar aghaidh go deiseanna fostaíochta i dtionscal na foirgníochta.<br>• Cúrsa 6-seachtaine ar fhuinneamh inathnuaite a fhorbairt le soláthar trí hoideachas pobail.<br>• Oidhreacht ón Uisce - tá cúrsa á fhorbairt ag an BOO leis an Ionad um Oideachas agus Oiliúint Lasmuigh, An Bhoireann, agus Comhairle Contae an Chláir. | • Soláthar cúrsaí Réamhphrintíseachta d'aosaigh óga in Ógtheagmháil in 2021.<br>• Cúrsa 6-seachtaine ar fhuinneamh inathnuaite curtha ar fáil trí hoideachas pobail.<br>• Oidhreacht ón Uisce - forbairt cúrsa leis an Ionad um Oideachas agus Oiliúint Lasmuigh, An Bhoireann, agus Comhairle Contae an Chláir.<br>• Scéim "samplála" nua um Phrintíseachtaí le haghaidh dhaltaí Idirbhliana. Chuir an BOO na céad chláir astu sin i bhfeidhm i Meán Fómhair 2020 i Barista chomh maith le Printíseacht Samplála sna hEalaíona Cócaireachta agus bhí soláthar agus clárú leanúnach ar siúl in 2021. |

| | | |
|---|---|---|
| PDA 1.11: Cinntiú go bhfuil na bearta riachtanacha go léir um chosaint leanaí i bhfeidhm i gcomhréir leis na Nósanna Cosanta Leanaí um Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 Straitéis an BOO 1.1: Leanúint ag cur le heispéireas na mac léinn trí mheasúnú, trí churaclam leathan a sholáthar (lena n-áirítear gníomhaíochtaí seach-churaclaim agus comhchuraclaim) agus tacaíochtaí réamhghníomhacha agus coisctheacha do mhic léinn. | Oibreodh **Rannóg Scoileanna** an BOO leis an nGrúpa Comhairleach ar Chosaint agus leis an bhFoireann Tacaíochta Daltaí in 2021 chun oiliúint agus tacaíocht a chur ar fáil do scoileanna maidir le Cosaint, Foireann Tacaíochta Daltaí agus Teagmhais Chriticiúla. I rith 2021, tacóidh Rannóg Scoileanna an BOO le scoileanna chun gabháil don chlár PDST um CPD chun a chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm na Treoirlínte athbhreithnithe Tús Áite do Leanaí.<br>Cuirfear oiliúint ar Bhoird Bhainistíochta agus Baill Foirne Idirchaidrimh Ainmnithe agus ar Leasbhaill Foirne Idirchaidrimh Ainmnithe i ngach scoil. | Bhí oiliúint CDP ar siúl maidir le Cosaint in 2021 agus coimeádtar clár suas le dáta de gach DLP agus DDLP.<br><br>Cuireadh oiliúint athnuachana ar DLPanna agus DDLPanna in 2021.<br><br>Déantar athbhreithniú i gcónaí ar Thacaí agus Acmhainní chun cinntiú go gcloítear le Nósanna Imeachta um Chosaint agus Chosaint Leanaí.<br><br>Cuireadh oiliúint ar gach Bord Bainistíochta trí Zoom agus rinneadh measúnuithe ar na leibhéil sásaimh leis an oiliúint.<br><br>Tá oiliúint éigeantach déanta ag na baill foirne go léir a earcaíodh in 2021 ar Nósanna Imeachta um Chosaint/Chosaint Leanaí le haghaidh Bunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017.<br><br>Rinneadh athbhreithniú le cinntiú gur tiomsaíodh gach seicliosta, athbhreithniú agus dearbhú éigeantach ag scoileanna agus ionaid i ndáil le riachtanais Cosanta Leanaí. |
| 1.12: Tús áite a thabhairt do STEM/STEAM i scoileanna<br><br>Straitéis an BOO 1.1: Leanúint ag cur le heispéireas na mac léinn trí mheasúnú, trí churaclam leathan a sholáthar (lena n-áirítear gníomhaíochtaí seach-churaclaim agus comhchuraclaim) agus tacaíochtaí réamhghníomhacha agus coisctheacha do mhic léinn.<br><br>Straitéis an BOO 2.6: Na freagraí agus na hacmhainní is oiriúnaí a chur ar fáil le freastal ar | Tá an BOO ina bhall gníomhach de Chomhaontas STEM an Iarthair Láir. Bunaíodh an tionscadal sin faoi threoir an tionscail i mí na Nollag 2017 agus áirítear leis Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus braislí réigiúnacha tionscail, Luimneach don Innealtóireacht agus Luimneach do TF. Is í aidhm an Chomhaontais ná daoine óga a spreagadh chun plé le STEM agus spéis a chur ann. Baineann ceannaireacht scaipthe leis an tionscadal; is é sin ná go mbíonn bainisteoirí agus páirtithe leasmhara nasctha le Plean Gníomhaíochta an Iarthair Láir do Phoist agus Fóram Réigiúnach Scileanna an Iarthair Láir, bíonn an BOO agus a chuid scoileanna, príomhoidí, agus múinteoirí tumtha go | I gcomhpháirt le Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, d'eagair Ionad Taighde Éireann BD (RCI) i gCaladh an Treoigh an dara bliain dá chomórtas um dhaltaí meánscoile i Luimneach agus sa Chlár chun úsáid ábhair STEM a chur chun in 2021. D'oibrigh foireann as BD RCI leis an Rannóg Scoileanna de chuid Bhord Oideachais Luimnigh agus an Chláir chun an comórtas spreagúil sin a chur chun cinn a bhain le hábhair STEM agus a gcumas tionchar dearfach a imirt ar an tsláinte.<br><br>D'eagair Rannóg na Scoileanna ceithre chruinniú (ar líne) d'Fhóram na gComhairleoirí Treorach le baill foirne ó Thascfhórsa Réigiúnach Post an Iarthair Láir agus eagraíochtaí a sholáthraíonn printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna i réigiún Luimnigh agus an Chláir. |

| | | |
|---|---|---|
| riachtanais, chuir chuige agus phátrúin oibre athraithe ár ndaonra éagsúil de bhaill foirne, de dhaltaí agus d'fhoghlaimeoirí. | hiomlán san fhís agus geallta go hiomlán chuici agus spreagann siad daoine óga as gach cúlra socheacnamaíoch chun deiseanna a iniúchadh um ghairm i STEM. Oibreoidh Rannóg Scoileanna na BOO leis an Roinn Oideachais agus le Tascfhórsa Réigiúnach an Iarthair Láir um Poist i rith 2021, chun innealtóireacht, STEM, printíseachtaí agus conairí chuig an bhfostaíocht a chur chun cinn trí Fhóram na gComhairleoirí Treorach a bunaíodh i mí Dheireadh Fómhair 2019. | |
| 1.13: Tacaí ardchaighdeáin um fhoghlaim TFC a sholáthar i scoileanna/ionad Straitéis an BOO 1.7: Saoráidí den chaighdeán is airde agus teicneolaíochtaí cuí a chur ar fáil dár gcuid daltaí agus foghlaimeoirí. | I rith 2021, faoi Stiúrthóireacht OSD, soláthróidh Rannóg TFC an BOO deiseanna comhoibritheacha a chuimseoidh ardáin ar líne, lena n-áirítear córas StaffCONNECT an BOO (MS SharePoint) chun tacú le scoileanna agus ionaid BOO. I rith 2021, tacóidh an Rannóg TFC leis na gníomhartha seo a leanas: Cothabháil leanúnach ar láithreáin shonracha SharePoint le haghaidh gach scoil agus oiliúint agus tacaíocht ghaolmhar. Forbairt ghairmiúil leanúnach a sholáthar chun tacú le cur i bhfeidhm Office 365, lena n-áirítear MS Teams a úsáid um chianteagasc agus chianfhoghlaim. Leanúint ar aghaidh ag obair leis an RO chun cumais TFC a fhorbairt a thuilleadh ar fud ár scoileanna agus Coláistí/Ionaid FET, lena n-áirítear rochtain a fháil ar dheontais do threalamh TFC, agus comhairle agus ábhair thacaíochta. Cianrochtain shlán a cumrú trí Thairseach an BOO, ligean do bhaill foirne sonracha ceangal le bonneagar TFC an BOO chun críocha tacú le cuspóirí BOO. Tacaíocht chomhairleach a sholáthar maidir le soláthar TFC. | • Tá baill foirne go léir LCETB cláraithe chun StaffCONNECT (MS SharePoint) a úsáid. Tá gach láithreán scoile forbartha agus leantar ar aghaidh á chothabháil.<br><br>• Tá rochtain iomlán ag gach ball foirne ar Office 365 faoi dheireadh 2021.<br><br>• Baintear úsáid iomlán as MS Teams chun cianteagasc a sholáthar agus srianta COVID19 i bhfeidhm in 2021.<br><br>• Tá rochtain ag na baill foirne riaracháin go léir ar an Tairseach BOO in 2021.<br><br>• Leanann an Rannóg TFC ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta do gach scoil agus ionad LCETB agus chuaigh siad isteach i gConradh nua tríú páirtí um Thacaíocht agus Chothabháil chun cabhrú leis na scoileanna leis na riachtanais TFC go léir.<br><br>• Chabhraigh TFC le gach tionscadal TFC ar fud LCETB lena n-áirítear feistiú iomlán scoile úrnua, Coláiste Chiaráin i gCromadh. |

| | | |
|---|---|---|
| | Monatóireacht ar chrua-earraí/bhogearraí BOO dó sin.<br><br>Soláthróidh Rannóg TFC an BOO deiseanna comhoibritheacha a chuimseoidh ardáin ar líne lena n-áirítear an StaffCONNECT chun tacú lenár gcuid scoileanna agus ionad. I rith 2021, tacóidh an Rannóg TFC leis na gníomhartha seo a leanas:<br>● Cothabháil leanúnach ar láithreáin shonracha MS SharePoint le haghaidh gach scoile agus oiliúint agus tacaíocht ghaolmhar.<br>● Forbairt ghairmiúil leanúnach a chur ar fáil chun tacú le cur i bhfeidhm Office 365. | |
| | Déanfaidh Rannóg Caipitil agus Soláthair an BOO agus an Rannóg TFC cinnte i rith 2021 go leanfar ar aghaidh le dlúthchomhar idir na feidhmeanna Soláthair TFC chun na caighdeáin is airde de chomhlíontacht a chinntiú leis na Nósanna Imeachta, Treoirlínte agus Reachtaíocht ar Sholáthar Poiblí. Leanfar ar aghaidh le Beartas Náisiúnta Soláthair an BOO a chur i bhfeidhm (lena n-áirítear an tsraith de cháipéisí teimpléid um thairiscint os cionn agus faoi bhun thairseacha AE) a chur i bhfeidhm in 2021 maidir le seirbhísí agus trealamh TFC a sholáthar. | • Leanann an Rannóg TFC ar aghaidh ag obair le scoileanna agus ionaid i ndáil lena gcuid riachtanas TFC agus freastal orthu siúd.<br>• D'oibrigh an rannóg Caipitil agus Soláthair i gcomhar leis an rannóg TFC chun Trealamh & Tomhaltáin a sholáthar in 2021 le comhlíontacht a chinntiú le Nósanna Imeachta, Treoirlínte agus Reachtaíocht ar Sholáthar Poiblí chomh maith le cur i bhfeidhm Bheartas Náisiúnta um Sholáthar BOO (lena n-áirítear an tsraith de cháipéisí teimpléid um thairiscint os cionn agus faoi bhun Thairseacha AE) |

| **Sprioc Straitéiseach 2 – Tacaíocht Foirne agus Forbairt Eagraíochta**<br>Aidhm: Timpeallacht oibre thacúil, chomhoibritheach, shábháilte agus shláintiúil trí thacaí freagrúla ábhartha a sholáthar chomh maith le beartais agus nósanna imeachta cuí atá tacaithe ag cultúr d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach. Is é atá i gceist leis sin ná timpeallacht oibre dhearfach a chruthú atá tacaithe ag cultúr measa, dínite agus comhionannais. | | |
|---|---|---|
| Cuspóir ón Ráiteas Straitéise | Gealltanas i bPlean Seirbhíse 2021 | Éachtaí in 2021 |
| 2.1 Baill foirne den scoth a earcú, a fhorbairt agus a choimeád. | Cinnteoidh **Rannóg Acmhainní Daonna** an BOO dea-chleachtas maidir le baill foirne a earcú agus a roghnú ar fud na heagraíochta i rith 2021. Cuimsíonn an próiseas sin sonraíocht ardchaighdeáin duine, tuairiscí poist, cáipéisí agallaimh bunaithe ar inniúlacht chun tacú leis an bpróiseas agallaimh, beartais earcaíochta agus roghnúcháin agus oiliúint le haghaidh ball den bhord agallaimh. | Trí hoibriú i gcomhpháirt le rannóga Scoileanna agus FET an BOO, bhainistigh an Rannóg AD earcú agus roghnú foirne chun seirbhísí a sholáthar agus tacú le soláthar seirbhísí do dhaltaí agus d'fhoghlaimeoirí BOO, agus comhlíonadh á chinntiú le dea-chleachtas agus comhlíonadh oibleagáidí reachtúla i rith 2021.<br>Leanadh ar aghaidh le hagallaimh i gcéin a thabhairt isteach in 2021 mar fhreagra ar phaindéim dhomhanda COVID-19 agus cuireadh oiliúint arís ar fhoireann HR ar úsáid ardáin TF mar Zoom agus cuireadh oiliúint ar bhaill den Bhord Agallaimh ar úsáid na n-ardán sin agus cuireadh treoirlínte agus acmhainní bhfeidhm chun tacú leis na hiarrthóirí agus leis na boird agallaimh le linn an phróisis sin. |
| | Tacóidh **Rannóg Acmhainní Daonna** an BOO le Próiseas Ionduchtúcháin nua a chur i bhfeidhm do bhaill foirne nua chun tacú le forbairt ábhar oiliúna agus ionduchtúcháin atá ábhartha do gach rannóg i rith 2021. | Leanann BOO Luimnigh agus an Chláir orthu ag tacú le cur i bhfeidhm phróiseas ionduchtúcháin do bhaill foirne nua. Mar gheall ar an bPaindéim a bheith fós ar siúl rinneadh é sin ar líne in 2021. |
| 2.2. Beartas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm um fhorbairt leanúnach foirne, a léiríonn cuspóirí na heagraíochta agus a thacaíonn le baill foirne chun a gcuid scileanna a chothabháil agus a fhorbairt ar líne ar aon dul leis na caighdeáin is airde de chleachtas gairmiúil. | Cinnteoidh an **Stiúrthóireacht um Thacaíocht agus Fhorbairt na hEagraíochta** de chuid an BOO go leanfar ar aghaidh ag tairiscint deiseanna um fhorbairt ghairmiúil in 2021 mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil leanúnach. | Cuireadh oiliúint ar gach grád de bhall foirne in 2021 mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil leanúnach. Tugadh tacaíocht do go leor ball foirne tríd an gciste um Fhorbairt Ghairmiúil Foirne chomh maith le hardáin CPD eile mar Moodle, eCollege agus CORE University. Rinneadh oiliúint phraiticiúil ar phacáistí bogearraí in 2021 agus tabharfar faoi thuilleadh oiliúna in 2022. Mar gheall ar an bpaindéim, ba trí mheán an tsoláthair ar líne a rinneadh forbairt ghairmiúil.<br>Déantar CPD agus Breisoiliúint fhoireann TFC ar bhonn leanúnach. Chuimsigh sé sin roinnt laethanta oiliúna ar MS SharePoint, PowerApps, MS Office365 Teams, Zoom etc. in 2021, agus níos mó beartaithe le haghaidh 2022. Ina theannta, d'fhreagair baill foirne don ghá le breisoiliúint a theastaíonn chun freagairt d'athruithe ar an reachtaíocht, lenar áiríodh oiliúint ar líne agus freastal ar sheimineáir in 2021 ar |

| | | |
|---|---|---|
| | | ábhair ar nós: Saoráil Faisnéise, GDPR, Cibearfheasacht, Clár R-fhoghlama ar Tús Áite do Leanaí, Cód Rialachais na gCarthanas, Sábháilteacht Dóiteáin agus Sláinte agus Sábháilteacht.<br><br>Leanann LCETB ar aghaidh ag feabhsú a gcuid cumas foghlama ar líne le sraith d'fhíseáin oiliúna intí a dhéantar a uaslódáil go hInneall Príobháideachais. Tá na físeáin sin ina gcuid freisin den ionduchtú agus den bhunoiliúint le haghaidh gach baill foirne nua a cheaptar chuig Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. |
| 2.3 Baill foirne a chothú, a chur chun cinn agus a spreagadh chun machnamh grinn a dhéanamh ar a gcuid oibre, gabháil do chleachtas aonair agus comhoibritheach de chaighdeán ard, agus ról gníomhach a ghlacadh i ndeiseanna leanúnacha um fhorbairt ghairmiúil, lena n-áirítear plé le pobail chleachtais. | Cinnteoidh **Príomhfheidhmeannach** an BOO go ndéanfar ball foirne a tharmligean ar a mbeidh freagracht as cinntiú go ndéanfar anailís ar riachtanais oiliúna sa bhainistíocht airgeadais ar bhonn bliantúil agus go bhforbrófar agus go gcuirfear i bhfeidhm clár oiliúna ar bhainistíocht airgeadais. | Tá freagracht tarmligthe do bhall foirne as cinntiú go ndéanfar anailís ar riachtanais oiliúna sa bhainistíocht airgeadais ar bhonn bliantúil agus go bhforbrófar agus go gcuirfear i bhfeidhm clár oiliúna ar bhainistíocht airgeadais chun dul i ngleic le haon bhearnaí.<br><br>Bhí cumarsáid maidir le deiseanna CPD riachtanach agus beidh sé riachtanach i gcónaí. Cuimsíonn sé:<br>• Ríomhphoist ball foirne maidir le forbairt ghairmiúil atá le teacht lena n-áirítear naisc um chur in áirithe agus chlárú.<br>• Is féidir le gach ball foirne rochtain a fháil ar Fhéilire Forbartha Gairmiúla ar StaffCONNECT, ar a bhfuil eolas faoi CPD a eagraítear go lárnach (lena n-áirítear oiliúint QA).<br>• Nuacht mhíosúil faoi CPD le roinnt ar Signagelive<br>• Roinntear eolais faoi thionscnaimh nua agus chláir phíolótacha, chleachtas nuálach agus PD i nuachtlitreacha fhoireann FET - e.g. Nuachtlitir QA, TEL Times etc. Aontaíodh ar spriocanna oiliúna aonair le baill foirne agus thug siad faoi CPD a bhí ábhartha dá gcuid réimsí agus mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil leanúnach in 2021.<br>• Thug foireann OSD faoi fhorbairt ghairmiúil leanúnach in 2021 i ndáil le Sláinte & Sábháilteacht. |
| 2.4 Cultúr ceannaireachta, traenála agus meantóireachta a chothú do na baill foirne go léir. | Cinnteoidh **Rannóg Scoileanna** an BOO go mbeidh tacaíocht ag baill foirne scoile chun deiseanna um Fhorbairt Ghairmiúil Leantach (FGL) a thapú i rith 2021. Áireofar le gníomhartha in 2021: | Ghlac múinteoirí scoileanna BOO páirt i raon cuimsitheach de chúrsaí agus sheimineáir forbartha gairmiúla a d'eagair Rannóg na Scoileanna chun freastal ar riachtanais athraithe scoileanna agus forbairt ghairmiúil múinteoirí chun a gcuid ról ceannaireachta i scoileanna a fheabhsú. |

| | | |
|---|---|---|
| | • Tacaíocht bhreise a thabhairt do phríomhoidí agus leas-phríomhoidí nua-cheaptha trí chlár meantóireachta an BOO um Cheannairí Scoile.<br>• Plean oiliúna agus tacaíochta breise a chur i bhfeidhm do Cheannairí Digiteacha agus Cheannairí Curaclaim.<br>• Fóram Comhordaitheoirí Idirbhliana a bhunú chun tacú leis an gclár Idirbhliana.<br>• Múinteoirí a fhorbairt níos mó i réimsí mar churaclam, chúrsaí digiteacha, cuimsitheacht agus tacaíocht do dhaltaí.<br>• Clár athbhreithnithe forbartha gairmiúla don Fhoireann Tacaíochta a chur i bhfeidhm le haghaidh scoileanna agus an méid seo a leanas mar chuid de;<br>○ Tacaíocht Scoile DEIS<br>○ Forbairt Ghairmiúil maidir le hÉiteas a chur chun cinn i scoileanna<br>○ Acmhainní agus breisoiliúint d'Aonaid ASD<br>○ Clár forbartha gairmiúil Guth an Dalta le haghaidh scoileanna<br>○ Oiliúint Chomhairle na nDaltaí le haghaidh scoileanna<br>Líonra Tacaíochta Corpoideachais agus Folláine | Cuireadh seimineáir agus oiliúint tacaíochta ar fáil do bhaill foirne iar-bhunscoile sna réimsí seo a leanas.<br>• Oiliúint do Chinn Bhliana<br>• Oiliúint Braislí Digiteacha agus pobal dea-chleachtais Lá 1<br>• Braisle Comhordaitheoirí d'Fhoireann Tacaíochta Dalta cruinniú Lá 2<br>• Cruinniú ag an Meitheal Oibre ar Fhoghlaim Dhigiteach<br>• Braisle um Cheannaireacht ar Fhoghlaim, Theagasc agus Mheasúnú (LILTA) Lá 1<br>• Seimineár ar líne ar fud an BOO do gach múinteoir, SNA agus ceannaire scoile ar an 30 Samhain 2021 leis an Dr David Coleman a lig don PF labhairt le cohórt mór d'fhoireann an BOO.<br>• Clár meantóireachta um Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí nua-cheaptha.<br>• Ionduchtú agus bunoiliúint do gach múinteoir nua-cheaptha chuig na Coláistí Pobail de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir (Meán Fómhair 2021).<br>• Oiliúint Foirne Tacaíochta Dalta - Éascaíodh cruinnithe leis na foirne tacaíochta dalta aonair i scoileanna an údaráis ag an Stiúrthóir Scoileanna agus Foireann Tacaíochta an Rannóg Scoileanna i BOO, agus na foirne ag leanúint de ról gníomhach a ghlacadh maidir le tacú leis na daltaí i mbaol. Bhí ceithre chruinniú ag comhordaitheoirí na bhfoirne tacaíochta dalta i rith 2021. Bunaíodh grúpa comhairleach don Fhoireann Tacaíochta Dalta i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus éascaíodh oiliúint le haghaidh foirne tacaíochta dalta nua-cheaptha i mí na Nollag 2021 i gcaitheamh dhá lae. Glacadh cur chuige ilghníomhaireachta chun an oiliúint sin a chur ar fáil, a ndearna an Stiúrthóir Scoileanna comhordú uirthi, le hionchur ó raon seirbhísí agus grúpaí i réigiún Luimnigh agus an Chláir lena n-áirítear: NEPS, TUSLA, rannóg AD an BOO, an Tionscadal Cumha do Leanaí, Jigsaw, agus Foireann Tacaíochta an Rannóg Scoileanna sa BOO. |

| | | |
|---|---|---|
| | **Forbairt Ghairmiúil an Rannóg FET** sa BOO: I rith 2021, tabharfaimid deiseanna do bhaill foirne FET cinntiú go bhfuil siad ag freastal ar riachtanais fhoghlaimeora agus úsáid á baint acu as scileanna agus modheolaíochtaí atá cuí agus suas le dáta. Áireofar le gníomhartha in 2021:<br>Gabháil do Chlár Erasmus+ an AE chun deiseanna a thabhairt do bhaill foirne agus d'fhoghlaimeoirí foghlaim i gcomhthéacsanna difriúla VET san Eoraip.<br>Oibriú leis na Foirne Chur i bhFeidhm, le Seirbhísí Corparáideacha agus Bainisteoirí chun tabhairt faoi anailís ar riachtanais oiliúna chun an Fhéilire Forbartha Gairmiúla a fhorbairt le haghaidh 2021.<br>Creat Foghlama agus Forbartha Gairmiúla SOLAS FET a chur i bhfeidhm le haghaidh FET in 2021. | Ceann de na príomhthorthaí a bhfuiltear ag súil leis ón gCreat Straitéiseach FET nua maidir le scileanna a fhorbairt ná 'go dtairgfidh ár dtimpeallacht forbartha gairmiúla raon acmhainní, am, spás agus comhpháirtíochtaí láidre don fhoireann FET a fheabhsóidh a gcuid scileanna agus a bhfolláine.' Tá an réimsí sin ag croílár obair Choláiste FET, agus díríodh acmhainní breise ar fhorbairt na Seirbhíse Tacaíochta um Fhoghlaim agus Fhorbairt Ghairmiúil, a chuimsíonn anois triúr ball foirne mar atá an Comhordaitheoir FFG, Oifigeach Tacaíochta FFG, agus Cúntóir Riaracháin páirtaimseartha.<br>Tríd an bPlean Gníomhaíochta FET um Fhoghlaim agus Fhorbairt Ghairmiúil (2019-2024), tá na struchtúir agus na próisis forbartha ag an Rannóg FET a theastaíonn chun cur chuige córasach a ghlacadh a bhfuil dearbhú cáilíochta déanta air i dtreo riachtanais a aithint agus gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla a phleanáil, a chur ar fáil, a mheasúnú agus a rianú. Cloítear le caighdeáin ghairmiúla trí raon de dheiseanna FFG agus ionchuir sheachtracha atá deartha chun tacú le baill foirne ina gcuid ról, agus béim curtha ar réimsí tosaíochta náisiúnta agus ar fud na heagraíochta.  Gach bliain táirgimid clár fairsing d'fhoghlaim agus d'fhorbairt ghairmiúil do bhaill foirne chun cabhrú le tacaíocht a thabhairt dóibh san obair a dhéanann siad. Tá an fhoghlaim agus an fhorbairt ghairmiúil sin ar aon dul le tosaíochtaí beartais náisiúnta agus áitiúla araon.<br>In 2021, eagraíodh 99 imeacht oiliúna ar an iomlán go lárnach, a raibh baint acu le 2,103 rannpháirtí.<br>Bainimid leas as saineolas ár bhfoirne féin chun ár FFG a sholáthar agus oibrímid le raon de sholáthraithe agus d'oiliúnóirí seachtracha. Bíonn gníomhaíochtaí ar siúl ar feadh tréimhsí difriúla ag brath ar riachtanais, ó cheardlanna leathlae agus lá iomláin go saindioplómaí agus céimeanna máistreachta, go húsáid ardán foghlama.<br>Ó bhí 2017 ann, tá suaitheantais dhigiteacha á n-eisiúint ag an Rannóg FET don fhoghlaim agus don fhorbairt ghairmiúil go léir a eagraítear go lárnach. Tháinig úsáid suaitheantas digiteach chun cinn tar éis go ndearnadh príomhshruthú ar aschur ag Comhpháirtíocht Straitéiseach Erasmus Plus - EDGE (Enhancing the delivery of Guidance and Employability/Soláthar Treorach agus Infhostaitheachta a Fheabhsú).<br>Bronntar suaitheantais ar Leibhéal Láithreáin i Moodle. Faoi mhí na |

| | | |
|---|---|---|
| | | Nollag 2021, bhí 143 suaitheantas aonair cruthaithe agus bhí thart ar 5230 suaitheantas bronnta ar bhaill foirne.<br><br>**Deiseanna Idirnáisiúnta trí Erasmus Plus**<br>Cé nárbh fhéidir dul ar aghaidh le turais Erasmus Plus ar feadh 2 bhliana, bliain shuntasach ab ea 2021 sa mhéid is gur chuir PLDSS isteach ár gcéad iarratas Creidiúnaithe riamh le haghaidh tionscadal soghluaisteachta um baill foirne agus fhoghlaimeoirí faoin gclár nua Erasmus+. D'éirigh leis na trí cinn go léir, rud a chiallaíonn maoiniú seasta ilbhliantúil le haghaidh gníomhaíochtaí agus bealach simplí maoinithe. Freisin d'óstaigh an Rannóg FET seisiúin eolais ar Erasmus le hoifigigh fhorbartha Léargas - agus bhí 35 bhall foirne i láthair aige.<br><br>**Fás agus Forbairt na Seirbhíse Tacaíochta TEL FET**<br>Ba í 2021 an bhliain ba shuntasaí do Sheirbhís Tacaíochta TEL ó bunaíodh an BOO. Tháinig méadú sa bhliain ar an bhfoireann faoi stiúir an Oifigigh Forbartha TEL, ar a bhfuil seachtar ball anois, lena n-áirítear bunú ceithre ról nua i bpríomhréimsí na Foghlama Ar Líne agus Cumaisc agus Tacaíocht TEL do Phrintíseacht.<br>Tá an tSeirbhís Tacaíochta TEL agus an tSeirbhís Tacaíochta Foghlama & Forbartha Gairmiúla araon freagrach as cur i bhfeidhm na Straitéisí TEL agus PLD faoi seach sa Rannóg FET. Is é an sprioc-chohórt ná 1,000 ball foirne na Rannóige FET, lena n-áirítear cleachtóirí foghlama, bainisteoirí agus foireann tacaíochta agus riaracháin. Is é atá i gceist le hobair na Seirbhíse Tacaíochta TEL ná tionscnaimh straitéiseacha a chur i bhfeidhm ar fud na seirbhíse i bhFoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta. Oibríonn an tSeirbhís Tacaíochta PLD le TEL agus leis na Grúpaí Forfheidhmithe Straitéiseacha eile chun cabhrú le haghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí forbartha gairmiúla laistigh de gach tionscnamh straitéiseach.<br><br>**Cúrsa Teagaisc agus Foghlama ar Líne V2**<br>Cuireadh níos mó ná sé seachtaine den chlár sin ar fáil i mí Mheán Fómhair 2021 Leis an gcúrsa sin baineadh leas as samhail nua soláthair a chuimsigh ranganna seachtainiúla beo, piarghrúpaí agus gníomhaíochtaí |

| | | |
|---|---|---|
| | | aisioncronacha. Stiúir an cúrsa seo aon rannpháirtí déag trí bhuneolas ar theagasc agus fhoghlaim chumaisc ar líne. Déantar measúnú ar gach leagan den chlár agus is é an toradh a bhíonn air ná feabhsúcháin ar mhodh soláthair agus ábhar. Leis an tsamhail nua piarthacaíochta faoi stiúir Cleachtóirí Foghlama mar mheantóirí, cuireadh níos mó feabhais ar mhodh an tsoláthair.<br><br>**Wriggle Connect**<br>Leanamar orainn ag ceadúnú, ag cur chun cinn agus ag úsáid an ardán Wriggle Connect chun tacú le foghlaim fhéinbhainistithe in ardáin fhaofa Microsoft agus i bhfeidhmchláir a úsáidtear i dTeagasc agus Foghlaim. Úsáideann 226 Ball Foirne FET dár gcuid an t-ardán agus in 2021, eisíodh 478 teastas chuig 100 ball foirne FET a thug faoi chúrsaí ar an ardán. Léirigh tuarascáil i mí na Samhna gur chaith gach úsáideoir 11.22 uair an chloig ar an meán ar an ardán; 1,885.34 uair an chloig san iomlán atá ansin.<br>Bhí an chuid is mó den Fhorbairt Ghairmiúil TELSS deartha chun freastal ar riachtanais ball foirne ar an talamh. I measc roinnt samplaí bhí béim ar **Mheasúnú Digiteach** i Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair 2021, le hacmhainní físe, ceardlanna agus clinicí. Le sraith ceardlann ar cuireadh tús leo i mí na Samhna 2021 ar úsáid rúibrice um theagasc agus mheasúnú, tógadh le chéile Cleachtóirí Foghlama as réimsí ábhair FET chun oibriú go comhoibritheach ar fhorbairt rúibrice.<br>Lean ár gcuid **Taispeántas & TEL** ar aghaidh le 24 sheisiún in 2021. Sna hionchuir bheaga sin den scoth ag am lóin, a bhíonn gach ceann ar siúl ar feadh níos lú ná 30 nóiméad, taispeántar dea-chleachtas in úsáid na dteicneolaíochtaí foghlama ar fud FET. Déantar na hionchuir sin ag Cleachtóirí Foghlama le haghaidh Cleachtóirí Foghlama agus déantar iad a thaifeadadh agus cuirtear ar fáil iad i gCainéal Sruthaithe Show & TEL.<br><br>I dteannta leis an PLD a dheartar agus a chuirtear ar fáil go háitiúil, chuir Seirbhís Tacaíochta TEL chun cinn agus thacaigh siad le rannpháirtíocht foirne sna Teastais Leibhéal 7 & 8 san Fhoghlaim agus sa Teicneolaíocht ó NCI agus Suaitheantas Digiteach an Fhóram Teagaisc agus Foghlama i nDearadh Uilíoch don Fhoghlaim (Universal Design for Learning/UDL) – |

| | | |
|---|---|---|
| | | Féach lch.42). Freisin ghlacamar páirt in imeachtaí lárnacha náisiúnta PD ar nós FETFest agus Seimineár Gréasáin Wriggle TEL.<br><br>Lean an tseirbhís ar aghaidh ag cur béime ar chomhar agus ar phobail chleachtais a thógáil in 2021. Lean na **Curaidh Dhigiteacha** ar aghaidh ag glacadh ról lárnach i nascadh leis an TELSS agus i dtacú le baill foirne ar leibhéal áitiúil le Teicneolaíochtaí Foghlama a ghlacadh. In 2021, bhain na curaidh leas as deiseanna um fhoghlaim ghairmiúil TEL, thug siad piarthacaíocht i dtionscnaimh lárnacha, agus bhí ról ceannaireachta acu maidir le TEL ina gcuid campas. Lean úsáid an Chrios Foghlama TEL mar thairseach chomhoibritheach ar aghaidh ag dul i méid a bhuí do róil na gcuradh digiteach agus na mball foirne eile ar fud FET.<br><br>Is é a bhíonn i gceist le hobair laethúil ríthábhachtach na Seirbhíse Tacaíochta TEL ná tacaíocht duine le duine nó tacaíocht ghrúpa uaireanta a sholáthar don Fhoireann FET go léir ar fud an réigiúin. Úsáideann baill foirne an Crios Foghlama TEL chun teagmháil a dhéanamh le pobal FET níos mó nó úsáideann siad an seoladh ríomhphoist TEL@LCETB.IE chun tacaíocht a iarraidh díreach ó TELSS. In 2021, chuireamar ár ngné **iarr clinic** lenár gcuid seirbhísí áit a bhféadann baill foirne cruinnithe duine le duine a eagrú ar líne le ball den fhoireann TEL chun freagra a fháil ar aon cheist bainteach le TEL nó déileáil le haon riachtanais tacaíochta. Freisin leanamar orainn ag forbairt acmhainní lenar áiríodh Seiceálaithe Scileanna a thacaíonn le baill foirne chun féinrochtain a fháil ar scileanna agus riachtanais oiliúna a aithint agus plé leo. |
| | Tá struchtúr **Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta** an BOO deartha chun ceannaireacht agus nuáil a chur chun cinn thar gach grád foirne. I rith 2021, leanfar ar aghaidh le cleachtadh na gcruinnithe struchtúrtha rialta foirne, i rannóga agus idir rannóga. Áirítear le gníomhartha breise in 2021:<br>Tacú le rannpháirtíocht ball foirne i bhfóraim náisiúnta éagsúla, i líonraí agus meithleacha oibre, agus ar an mbealach sin deiseanna a thabhairt um fhorbairt | Ghlac baill foirne ón Rannóg C & P páirt san Fhóram Soláthair Náisiúnta agus san Fhóram Foirgneamh.<br><br>Phléigh baill foirne LCETB le OGP, EPS agus BOOnna eile ar thairiscintí náisiúnta agus earnála.<br><br>Ionadaíocht ag baill foirne i gcruinnithe fóraim ETBI ar Rialachas Corparáideach, Cosaint Sonraí/Saoráil Faisnéise agus Comhlíontacht Rialachais. |

| | | |
|---|---|---|
| | beartas agus nósanna imeachta chomh maith dea-chleachtas a chur chun cinn. | |
| 2.5 Feasacht ghníomhach ar shláinte, shábháilteacht agus leas a chur chun cinn do gach ball foirne agus foghlaimeoir ar leibhéal pearsanta agus eagraíochta. | Tacóidh **Rannóg Scoileanna** an BOO le pobail scoile in 2021 chun ceannaireacht agus saineolas a fhorbairt tríd na gníomhartha seo a leanas:<br>● Leanfar ar aghaidh ag eagrú cruinnithe rialta ag Fóram na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí in 2021.<br>● Cuirfear i bhfeidhm tacaíocht chun ceannaireacht scaipthe a chuir i bhfeidhm ag an leibhéal cuí i rith 2021 agus cuimseofar rannpháirtíocht Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí ag gach cruinniú Ceannaire Scoile.<br>● Cuirfear oiliúint ar Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí meantóra chun oibriú le Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí nua-cheaptha in 2021.<br>● Éascófar baill foirne scoile chun plé le Fóraim Náisiúnta agus ról a ghlacadh leo lena n-áirítear Líonra na bPríomhoidí ETBI, an Chomhdháil Náisiúnta Oideachais um Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí agus Clár Ionduchtúcháin an ETBI um Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí nua. | D'éascaigh Rannóg Scoileanna an ETBI cruinnithe seachtainiúla ag Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí i rith 2021 chun tacú le scoileanna leis na dúshláin a bhaineann le scoileanna a bhainistiú i rith COVID-19. Eagraíodh cruinnithe chun ról a thabhairt do Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí araon. Forbraíodh acmhainní agus scaipeadh chuig scoileanna iad trí ríomhphost agus freisin ar an gCainéal tiomnaithe ar Microsoft Teams le haghaidh Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí.<br><br>Cuireadh meantóireacht ar fáil do gach Príomhoidí agus Leas-Phríomhoide nua-cheaptha i rith 2021.<br>Ghlac Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí páirt i gComhdháil TFC ETBI a d'eagair an Rannóg Scoileanna de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i mí an Mheithimh 2021 – www.ictconference.ie.<br><br>Freisin bhain Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí leas as ceithre chomhdháil ar líne a d'eagair ETBI le tacú le scoileanna in 2021. |

| | | |
|---|---|---|
| | **Sláinte agus Sábháilteacht:** Oibríonn **Rannóg Seirbhísí Corparáideacha** ETBI faoin **Stiúrthóireacht OSD** leis na Rannóga Scoileanna agus FET chun Comhlíontacht Sláinte agus Sábháilteachta a chinntiú. Cuimsíonn sé sin déanamh cinnte go bhfuil Coistí Sláinte & Sábháilteachta i bhfeidhm i ngach scoil BOO agus ionad FET agus Cláir Oiliúna S&S a choimeád ar fud na heagraíochta iomláine.<br><br>Seo a leanas a dhéanfaidh an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha in 2021:<br>• Tabharfar faoi Anailís ar Riachtanais Oiliúna i dtaobh riachtanais Oiliúna S&S (idir riachtanais éigeantacha agus roghnacha).<br>• Eagrófar sceideal oiliúna mar fhreagra ar an méid thuas.<br>• Coimeádfar an Clár Oiliúna S&S.<br>• Modúl Ionduchtúcháin ar Shláinte agus Shábháilteacht a fhorbairt le haghaidh gach baill foirne nua agus reatha.<br>• Iniúchadh a dhéanamh ar gach scoil agus ionad um Chomhlíontacht Sláinte agus Sábháilteachta. | Bhí idirchaidreamh ag an Rannóg Caipitil agus Soláthair leis an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha chun sonraí ábhartha a sholáthar faoi Chleachtais Sláinte & Sábháilteachta i ndáil le Tionscadail Chaipitil.<br><br>Modúl Oiliúna Sláinte agus Sábháilteachta forbartha mar chuid den phróiseas ionduchtúcháin do bhaill foirne nua.<br><br>Riachtanais oiliúna aitheanta sna réimsí Garchabhair Ghairme, Maor Dóiteáin agus Obair ag Arda.<br><br>Thug ceathrar ball foirne faoin Dioplóma Sainchuspóra i Sláinte agus Sábháilteacht.<br><br>Iniúchadh déanta ar Ráitis Sábháilteachta Choimhdeacha Scoileanna.<br><br>Freastalaíonn an tOifigeach Sláinte agus Sábháilteachta ar:<br><br>• Cruinnithe gach coicís ag Bainistíocht Saoráidí IBEC<br>• Cruinnithe líonraithe BOO.<br><br>Forbairt leanúnach Modúl ar líne ar Shláinte agus Shábháilteacht le cur i bhfeidhm do bhaill foirne reatha agus nua.<br><br>Úsáideann LCETB Bogearraí Pegasus, córas a fhógraíonn athruithe ar an reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta agus a chinntíonn go bhfuilimid suas le dáta lenár riachtanais chomhlíontachta. |
| | **Bainistíocht Riosca:** Oibriú leis na Coistí Airgeadais agus Iniúchóireachta agus Riosca; i rith 2021 aithneoidh an BOO, déanfaidh sé measúnú, monatóireacht agus bainistíocht ar riosca i gcomhthéacs a chuid oibríochtaí go léir agus déanfaidh sé cinnte go mbeidh socruithe foirmiúla agus trédhearcacha i bhfeidhm le haghaidh iniúchóireachta inmheánaí agus seachtraí. Tá próiseas i bhfeidhm ag an BOO a dearadh chun na rioscaí móra a aithint a ghabhann le torthaí an eintitis a bhaint amach agus déileáil leis na rioscaí sin. Tacaíonn an Coiste | Bainistíocht Riosca: Tugadh faomhadh don Bheartas um Bainistíocht Riosca Chorparáidigh in 2017 agus, bunaithe ar phlean gnó ullmhaithe, soláthraíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir clár riosca a léiríonn Tacaíocht Eagraíochta, Breisoideachas agus Breisoiliúint agus Scoileanna. Is doiciméad beo é an Clár Rioscaí a dhéantar a nuashonrú de réir mar a dhéantar rioscaí nua a shainaithint, nó de réir mar a dhéantar dóchúlacht/déine na rioscaí a leasú mar gheall ar rialuithe oiriúnacha a chur i bhfeidhm chun an riosca a laghdú/a bhaint. |

| | | |
|---|---|---|
| | Iniúchóireachta agus Riosca leis an mBord leis an ról sin. | |
| | Leanfaidh an BOO ar aghaidh ag cur chun cinn **fholláine foirne** in 2021 lena n-áirítear:<br>• Cur chun cinn leanúnach an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe a thugann eolas, comhairle agus tacaíocht d'fhostaithe BOO le cabhrú le folláine agus leas a fheabhsú.<br>• Deiseanna um Fhorbairt Ghairmiúil.<br>• Cur i bhfeidhm beartas faoin gCód Iompair, Comhionannas Fostaíochta, Beartais éagsúla ar Shaoire, Cód Eitice, Dualgas na hEarnála Poiblí.<br>• Acmhainní folláine | Tugtar cuireadh do gach ball foirne BOO chuig seimineár gréasáin an Rannóg Scoileanna 'Muintearas inár Scoileanna' gach Nollaig chomh maith le haon seimineáir ghréasáin a eagraítear do thuismitheoirí.<br><br>I rith COVID cuireadh baill foirne ar an eolas go rialta faoi thionscnaimh fholláine chun cabhrú leo agus iad ag obair sa bhaile.<br><br>Cuireadh baill foirne ar an eolas go rialta faoi bhearta sábháilteachta a cuireadh i bhfeidhm i rith COVID-19 chun iad a chosaint agus iad ag obair inár gcuid scoileanna agus ionad.<br><br>Thug na baill foirne ar fad faoi oiliúint sláinte agus sábháilteachta COVID-19 agus dearbhaíodh dóibh i gcónaí go raibh tús áite á thabhairt dá sláinte agus dá sábháilteacht ag BOOLC.<br><br>Tá acmhainní folláine ar fáil do na baill foirne go léir trínár soláthraithe Seirbhíse Cúnaimh d'Fhostaithe agus tá rochtain ag na baill foirne ar na hacmhainní sin go léir ar líne. |
| | Oibreoidh **Rannóg na Scoileanna** de chuid an BOO leis an Roinn Oideachais agus a Seirbhísí Tacaíochta chun *Creat Folláine na Roinne Oideachais le haghaidh Cleachtais i Scoileanna* a chur chun feidhme agus a leabú ar mhaithe le folláine scoláirí inár scoileanna a chur chun cinn agus tacú léi. | Thionóil Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir cruinniú príomhoidí scoile lena chinntiú go gcuirfí na riachtanais chun 400 uair an chloig d'fholláine a sholáthar sa tSraith Shóisearach sa tráthchlár in 2021.<br><br>***JigSaw - One Good SchoolTM Initiative***<br>Tá páirt á glacadh ag gach scoil i Luimneach i scoileanna an BOO anois i dTionscnamh *Jigsaw's One Good SchoolTM*.<br><br>Rinneadh dul chun cinn maith ar na hullmhúcháin do sholáthar cianseirbhíse comhairleoireachta ag Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna na Ceapaí Móire chun tacú le daoine óga in Oirthear Luimnigh. |

| | | |
|---|---|---|
| 2.6 Na freagraí agus na hacmhainní is oiriúnaí a chur ar fáil le freastal ar riachtanais, ar chuir chuige agus ar phátrúin oibre atá ag athrú de chuid ár ndaonra éagsúil de bhaill foirne, de scoláirí agus d'fhoghlaimeoirí. | In 2021, agus iad ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin a bhí an mar gheall ar phaindéim dhomhanda leanúnach COVID-19, leanadh le tacaíocht a thabhairt do na baill foirne san aistriú go ciantheagasc agus cianfhoghlaim chun tacú le riachtanais gach scoláire agus gach foghlaimeora de chuid an BOO.<br><br>Thacaigh **Stiúrthóireacht Tacaíochta agus Forbartha na hEagraíochta** de chuid an BOO leis na baill foirne trí oiliúint agus trí bhonneagar chun tacú leis an gcianobair chun soláthar réidh an teagaisc agus na foghlama a chinntiú agus leanúnachas sholáthar BOO thar rannóga Scoileanna agus FET BOO. | Lena chinntiú go bhféadfadh Scoileanna agus Ionaid leanúint ag feidhmiú le linn phaindéim COVID, rinne an Roinn C & P idirchaidreamh leanúnach le Scoileanna agus le FET lena chinntiú go raibh an leibhéal cuí TCP i bhfeidhm agus gur cuireadh mionoibreacha riachtanacha i gcrích. Sholáthair OSD acmhainní agus tacaíocht láithreach agus leanúnach do na baill foirne, do na scoláirí agus do na foghlaimeoirí sa Phríomhoifig, sna Scoileanna agus in Ionaid FET chun cianobair a éascú agus lena chinntiú go mbeadh siad i mbun feidhme i gcónaí le linn na paindéime. Áiríodh leis an tacaíocht sin soláthar gléasanna leictreonacha, an leibhéal cuí TCP agus aon oibreacha cothabhála/athstruchtúraithe riachtanacha de réir mar ba ghá. |
| | Tacóidh **Rannóg Scoileanna** an BOO le timpeallacht oibre dhearfach agus thacúil in 2021 trí ghrúpaí comhairleacha a fhorbairt chun tacaíocht a sholáthar sna príomhréimsí seo a leanas:<br>● Clár Riosca, lena n-áirítear Cosaint,<br>● Sláinte & Sábháilteacht.<br>● Riachtanais Speisialta Oideachais.<br>● Scoileanna lán-Ghaeilge.<br>● Tuismitheoirí & Caomhnóirí.<br>● Foghlaim Dhigiteach.<br>Curaclam lena n-áirítear Teagasc & Foghlaim. | Tionóladh ceithre chruinniú de gach Grúpa Comhairleach le linn 2021. Sna cruinnithe sin rinneadh athbhreithniú ar Théarmaí Tagartha, róil agus freagrachtaí comhaontaithe na ngrúpaí agus d'ullmhaigh siad ábhar a cuireadh i láthair ag cruinnithe seachtainiúla Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí le linn 2021.<br><br>Tionóladh cuairteanna scoile agus cruinnithe le scoileanna chun timpeallacht oibre dhearfach agus thacúil a chothú in 2021.<br>Ghlac múinteoirí scoileanna an BOO páirt i gcúrsaí agus i seimineáir forbartha gairmiúla a d'eagair Rannóg na Scoileanna chun freastal ar riachtanais scoileanna atá ag athrú agus ar fhorbairt ghairmiúil múinteoirí chun a gcuid ról ceannaireachta i scoileanna a fheabhsú. Cuireadh seimineáir agus oiliúint tacaíochta ar fáil do bhaill foirne iar-bhunscoile sna réimsí seo a leanas.<br><br>• Oiliúint do Chinn Bhliana<br>• Oiliúint Braislí Digiteacha agus pobal dea-chleachtais Lá 1 - Braisle Comhordaitheoirí d'Fhoireann Tacaíochta Scoláirí cruinniú Lá 2<br>• Cruinniú ag an Meitheal Oibre ar Fhoghlaim Dhigiteach<br>• Ceannaireacht ar Fhoghlaim, ar Theagasc agus ar Mheasúnú (LILTA) |

| | | |
|---|---|---|
| | | • Seimineár ar líne ar fud an BOO do gach múinteoir, SNA agus ceannaire scoile ar an 30 Samhain 2021 leis an Dr David Coleman a thug an deis don PF labhairt le cohórt mór de bhaill foirne an BOO. |

| **Sprioc Straitéiseach 3: Rialachas Maith**<br>Aidhm: Creat rialachais agus tacaíochta a sholáthar lena n-éascófar soláthar éifeachtach agus éifeachtúil na seirbhísí oideachais agus oiliúna go léir. Baineann sé sin lena chinntiú go dtacófar le cáilíocht sholáthar oideachais agus oiliúna an údaráis trí chórais bhainistíochta agus riaracháin a chomhlíonann na caighdeáin is airde rialachais, i gcomhthéacs cuntasachta, trédhearcachta, comhlíonta, cothromais agus luach ar airgead. | | |
|---|---|---|
| Cuspóir ón Ráiteas Straitéise | Gealltanas i bPlean Seirbhíse 2021 | Éachtaí in 2021 |
| 3.1 A chinntiú go bhfuil struchtúir eagraíochtúla, arna dtacú ag córais láidre riaracháin, ailínithe le tosaíochtaí straitéiseacha atá ag teacht chun cinn. | Tá **Stiúrthóireacht Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta** an BOO ag obair ar fud na heagraíochta chun ullmhacht don aistriú go seirbhísí comhroinnte a chinntiú. Cuireadh tús le comhoibriú idir-rannach AD/Párolla ar chur chun feidhme an aistrithe go Seirbhísí Comhroinnte in 2019, agus leanadh le rannpháirtíocht in 2020 agus leanfar léi tuilleadh in 2021. Sainaithníodh treoraí aistrithe in Acmhainní Daonna agus sa Phárolla araon agus tá na Treoraithe Aistrithe sin ag comhoibriú agus ag críochnú an obair réamh-aistrithe a theastaíonn chun an BOO a ullmhú dá aistriú go Seirbhísí Comhroinnte in 2022. | Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar pharaiméadair chórais TFC na n-acmhainní daonna mar ullmhúchán don aistriú go córas na Seirbhísí Comhroinnte.<br><br>Le linn 2021 lean an BOOLC ag baint úsáid as Sytorus – córas bogearraí Innill Príobháideachta chun comhlíonadh RGCS a bhainistiú. Nuashonraíodh an córas sin chun iarratais ar Shaoráil Faisnéise agus ar rochtain ar shonraí a láimhseáil. Cuireadh córais agus sreafaí oibre AD, TFC isteach sa chóras sin agus athbhreithníodh iad chun comhlíonadh a léiriú.<br><br>Cuireadh tús le comhoibriú idir-rannach AD/Párolla ar chur chun feidhme an aistrithe go Seirbhísí Comhroinnte in 2019, agus leanadh le rannpháirtíocht i rith 2021. D'oibrigh na treoraithe aistrithe sna hAcmhainní Daonna agus sa Phárolla le chéile lena chinntiú go gcríochnófar an obair réamh-aistrithe a theastaíonn chun an BOO a ullmhú dá aistriú go Seirbhísí Comhroinnte in 2022. Tá an BOOTC fós de réir sprice maidir le haistriú go Seirbhísí Comhroinnte in 2022. |
| | Leanfaidh **Roinn Seirbhísí Corparáideacha** an BOO faoin **Stiúrthóireacht Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta** le timthriall athbhreithnithe an bheartais a chur chun feidhme le linn 2021 lena chinntiú go ndéanfar athbhreithniú agus nuashonrú ar gach doiciméad beartais laistigh d'achar ama 3 bliana. | Rinneadh athbhreithniú ar gach Beartas agus Nós Imeachta in 2021 chun comhlíonadh na reachtaíochta agus na nImlitreacha a chinntiú.<br><br>Le linn 2021 thosaigh na Seirbhísí Corparáideacha ag baint úsáid as bogearraí Rialaithe Doiciméad lena chur in iúl do na baill foirne nuair a bheidh beartais le hathbhreithniú.<br><br>Beartas Soláthair Náisiúnta glactha ag an BOO an 15 Deireadh Fómhair 2019; le hathbhreithniú bliantúil ón Roinn Caipitil agus Soláthair chun imlitreacha, treoirlínte agus reachtaíocht nua ar bith a ionchorprú. |

| | | |
|---|---|---|
| | | Faoin bPlean Soláthair Chorparáidigh (PSC) tá roinnt spriocanna agus Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) sainaitheanta ag an rannóg Caipitil agus Soláthair atá nasctha le 7 bpríomhchuspóir. Sannadh gach PTF do rannóg nó do ról laistigh de BOO agus déantar athbhreithniú ar an bplean go rialta. |
| 3.2 Próisis phleanála straitéiseacha agus eagrúcháin a neartú. | Cinnteoidh **Rannóg Caipitil agus Soláthair** an BOO agus **Rannóg Airgeadas** an BOO i rith 2021 go leanfar le dlúthchomhar idir na feidhmeanna Airgeadais agus Soláthair chun na caighdeáin is airde comhlíontachta a chinntiú maidir leis na Nósanna Imeachta, Treoirlínte agus Reachtaíocht ar Sholáthar Poiblí.<br><br>Leanfar le Beartas Náisiúnta Soláthair an BOO a chur chun feidhme (lena n-áirítear an tsraith doiciméad teimpléid um thairiscint os cionn agus faoi bhun thairseacha AE) a chur i bhfeidhm in 2021. | Oibríonn an rannóg Caipitil agus Soláthair leis an rannóg Airgeadais chun monatóireacht a dhéanamh ar réimsí caiteachais neamhchomhlíonta agus iad a íoslaghdú.  Soláthraíonn an rannóg C & S nuashonruithe do thuarascálacha caiteachais ráithiúla a fhoilsíonn an rannóg Airgeadais ar shuíomh gréasáin an BOOLC agus eisíonn siad Tuarascálacha Tairisceana don Choiste Airgeadais ar gach conradh dá ndámhtar luach níos mó ná €100,000.  Déanann baill foirne ón dá Rannóg idirchaidreamh maidir le comhlánú Leathanaigh Chaipitil V15, sonraí na Réadmhaoine, SIC agus gach ceist de chuid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.<br><br>Cuireadh Plean Soláthair Ilbhliantúil BOOLC faoi bhráid BOOÉ de réir an chreata ama agus na riachtanas tuairiscithe.<br>Ghlac foireann na Roinne Caipitil agus Soláthair páirt i bhforbairt ghairmiúil fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil in 2021 maidir le forbairtí i soláthar, bainistíocht tionscadail agus bainistíocht fuinnimh i gcomhthéacs comhlíonadh agus dea-chleachtas a chinntiú ar fud na heagraíochta. |
| 3.3 Caighdeáin arda bainistíochta airgeadais agus riosca a chinntiú, trí iniúchtaí inmheánacha/seachtracha/rialuithe monatóireachta, chun tacú le scoileanna, ionaid agus seirbhísí feidhmiú laistigh de threoirlínte/riachtanas um maoiniú agus rialachas corparáideach. | Oibreoidh **Rannóg Scoileanna** agus **Rannóg FET** an BOO leis na Coistí Airgeadais agus Iniúchóireachta agus Riosca le linn 2021 chun measúnú, monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh go gníomhach ar riosca i gcomhthéacs a chuid oibríochtaí go léir agus cinnteoidh sé go mbeidh socruithe foirmiúla agus trédhearcacha i bhfeidhm le haghaidh iniúchóireacht inmheánach agus sheachtrach. | D'eisigh an Roinn Caipitil agus Soláthair tuarascálacha ar gach tairiscint os cionn €100,000 chuig gach cruinniú den Choiste Airgeadais in 2021. Cuimsítear sa Chlár Riosca gach ceann de na trí rannóg agus rinneadh athbhreithniú air ar bhonn leanúnach le linn 2021 lena chinntiú go raibh sé ag teacht le haon rioscaí nua nó aon athruithe ar dhóchúlacht nó ar thionchar ag brath ar na rialuithe a bhí i bhfeidhm. Cuireadh iad sin i láthair cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta in 2021. Bhí an Clár Riosca ina chuid den Chlár do chruinnithe uile SMT agus OPA in 2021 nuair a nuashonraíodh Plean Gnó bunaithe ar spriocanna straitéiseacha an BOO.<br>. |

| | | |
|---|---|---|
| | Le linn 2021, cinnteoidh Rannóga Scoileanna agus FET an BOO go mbeidh Clár Riosca na Scoileanna / Clár Riosca FET ina mhír ar an gclár oibre do chruinnithe agus go n-athbhreithneoidh Príomhoidí agus Leas-phríomhoidí agus Bainisteoirí Soláthair go rialta é. | Bíonn Bainistíocht Riosca ina mír ar an gclár oibre do chruinnithe uile na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí. Bunaíodh grúpa comhairleach Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí. Rinne an grúpa sin athbhreithniú ar an leagan is déanaí den Chlár Riosca agus tá 'Plean Gníomhaíochta' maidir le húinéireacht agus amlínte a shannadh do gach riosca a sainaithníodh á chur le chéile do 2021.<br>Déanfar moltaí sa Phlean Gníomhaíochta a phlé ag cruinnithe na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí.<br><br>Tá Bainistíocht Riosca ina mír ar an gclár oibre ar gach cruinniú den Ghrúpa Stiúrtha FET.<br>Tacaítear le pleanáil FARR ar sholáthar PLSS agus Printíseachta le ceardlanna a bhaineann go sonrach le catagóir soláthair lena chinntiú go ndéanfar an plean bliantúil a fhorbairt go cruinn/réalaíoch agus go ndéanfar é a ailíniú leis an mbliain chomhfhreagrach den Chomhaontú Pleanála Straitéisí le Solas. |
| | De réir an Chóid, cinnteoidh an Bord go gcuimseofar comhaltaí a bhfuil na sainscileanna, an t-eolas agus an taithí acu sna réimsí ábhartha sin sa cheapachán sna Coistí Iniúchóireachta agus Riosca agus Airgeadais. Déanann an Bord gach ceapachán i gcomhairle le Cathaoirligh na gCoistí. Cuirtear sainchomhairle ar fáil don BOO ar chostas réasúnta ceadaithe chun cuidiú leis na Coistí le réimsí sonracha dá ghnó, más gá. | Scileanna agus Taithí Ábhartha: Tá réimsí cuí scileanna ag na Coistí Airgeadais agus Iniúchóireachta agus Riosca le chéile lena bhfeidhmeanna a chomhlíonadh go dtí an caighdeán riachtanach. Tá tuiscint chuimsitheach ag na baill ar a ról agus cuirtear ionduchtú iomlán ar fáil. Tuigeann na baill go hiomlán go bhfuil sainchomhairle ar fáil más gá. |
| | Cinnteoidh an PF agus Stiúrthóir OSD in 2021 go soláthróidh Cathaoirligh an Choiste Iniúchóireachta agus an Choiste Riosca agus Airgeadais tuarascálacha i scríbhinn ar an obair arna déanamh ag an dá choiste. | Tugtar an t-eolas is déanaí ar fad don Bhord trí Thuarascálacha ó Chathaoirligh an dá Choiste.<br>Cuirtear miontuairiscí faofa gach cruinnithe Coiste faoi bhráid an Phríomh-Bhoird mar thaifead foirmiúil gach cruinnithe a thionóltar agus na míreanna a pléadh. |

| | | |
|---|---|---|
| | Déanfaidh **Roinn Caipitil agus Soláthair** an BOO réadmhaoine an BOO, atá faoina úinéireacht agus ar léas a bhainistiú, lena chinntiú go gcomhlíonfar na ceanglais Reachtúla, Roinne agus Rialachais ar fad. Is éard a bheidh i gceist leis sin ná oibriú go dlúth leis an Rannóg Scoileanna agus an Rannóg FET lena chinntiú go bhfreastalófar ar riachtanais chóiríochta na heagraíochta agus go mbeidh gach Scoil agus foirgneamh FET oiriúnach don fheidhm. | In 2021, bhunaigh an Rannóg C & S clár de réadmhaoine ar léas an BOOLC agus déanfar é seo a nuashonrú amach anseo. D'eisigh an Rannóg C & S gach ábhar réadmhaoine a raibh faomhadh Bhord agus Roinne LCETB ag teastáil ina leith in 2021 chuig Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha chun comhlíonadh Nósanna Imeachta um Rialachas Corparáideach a chinntiú. |
| | Leanfaidh an **PF** agus **Stiúrthóir OSD** le béim a chur arís agus arís eile ar an tábhacht a bhaineann le freastal iomlán ar gach cruinniú do gach bord ar fud na heagraíochta. | Meabhraítear don Bhord i gcónaí an tábhacht a bhaineann le freastal iomlán ar chruinnithe. Mar gheall ar chruinnithe ar líne le linn na Paindéime, tionóladh na cruinnithe go léir ar líne. Bhí an ráta freastail ar na cruinnithe sin an-ard. |
| | Déanfaidh an **PF** agus **Stiúrthóir OSD** féinmheasúnú in 2021 mar a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais maidir le Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú (Teimpléad curtha ar fáil in Aguisín 16 den Chód). | De réir Chód Rialachais na mBord Oideachais agus Oiliúna, tá féinmheasúnú déanta ag an PF agus ag an Stiúrthóir OSD. |
| 3.4 Úsáid éifeachtach acmhainní poiblí a uasmhéadú agus dúbailt seirbhísí a sheachaint. | Leanfaidh **Rannóg Caipitil agus Soláthair** an BOO le réimsí réiteach soláthair a shainaithint agus a chur chun feidhme lena soláthrófar comhlíonadh, luach, éifeachtúlacht agus dea-chleachtas thar ceann an údaráis le linn 2021. | Rinne an Rannóg Caipitil agus Soláthair athbhreithniú in 2021 ar an mBeartas Soláthair Náisiúnta chun imlitreacha, treoirlínte agus reachtaíocht nua ar bith a ionchorprú. Faoin bPlean Soláthair Chorparáidigh (PSC) tá roinnt spriocanna agus Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) sainaitheanta ag an rannóg Caipitil agus Soláthair atá nasctha le 7 bpríomhchuspóir. Sannadh gach PTF do roinn nó do ról laistigh de BOO agus déantar athbhreithniú ar an bplean go rialta. |
| | Cinnteoidh an **PF** agus na **Stiúrthóirí Scoileanna, FET agus OSD** go dtabharfar tacaíocht do scoileanna, d'ionaid agus do | Lean BOOLC le leas a bhaint as Creataí OGP in 2021 nuair a bhí siad ar fáil, lena n-áirítear gach Fóntas, Bainistíocht Saoráidí, Taisteal agus Acmhainní Daonna etc. Tá an BOO ag leanúint le hidirchaidrimh a dhéanamh leis an |

| | | |
|---|---|---|
| | sheirbhísí le creataí soláthair lárnacha agus conarthaí a chuireann an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) i bhfeidhm le linn 2021 a úsáid. | OGP lena chinntiú gur féidir na glúnta creataí amach anseo a oiriúnú do riachtanais earnála/áitiúla. Tá aiseolas á sheoladh trí bhealaí éagsúla lena n-áirítear rannpháirtíocht fhoireann BOOLC ar mheastóireachtaí tairisceana, Clár Féinseirbhíse an OGP etc.<br>D'úsáid BOOLC an creat náisiúnta a chuir an Roinn i bhfeidhm do sholáthar TCP agus soláthairtí gaolmhara chun athoscailt agus oibriú sábháilte scoileanna a chinntiú do scoláirí agus do bhaill foirne. |
| | Forbróidh **Stiúrthóireacht OSD** an BOO Creat Cumarsáide in 2021 chun maitrís Cumarsáide Inmheánaí a chuimsiú ina soiléireofar struchtúir, róil agus freagrachtaí eagraíochtúla, agus ina leagfar amach próisis éifeachtacha chumarsáide agus chinnteoireachta laistigh de Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir lena n-áirítear FET, OSD agus an Rannóg na Scoileanna. Áirítear le gníomhartha breise 2021:<br>● Tacú le bainistíocht agus foireann an BOO trí na teicneolaíochtaí is déanaí agus is éifeachtaí a sholáthar chun cumarsáid a fheabhsú, mar aon leis an oiliúint riachtanach.<br>● Cur chun feidhme leanúnach na Straitéise um Béarla Soiléir.<br>● Forbairt leanúnach ar shuíomh gréasáin LCETB.ie agus ar mheáin shóisialta eile lena chinntiú go bhfuil an BOO ag cur faisnéis ábhartha a bhaineann le hábhar ar fáil dá bhaill foirne agus dá pháirtithe leasmhara.<br>Rannpháirtíocht agus líonrú leanúnach le páirtithe ábhartha ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta (féach 1.8). | Bhí cumarsáid maidir le deiseanna forbartha gairmiúla agus beidh sé riachtanach i gcónaí. Cuimsíonn sé:<br>Ríomhphoist ball foirne maidir le forbairt ghairmiúil atá le teacht lena n-áirítear naisc um chur in áirithe agus chlárú.<br><br>Is féidir le gach ball foirne rochtain a fháil ar Fhéilire Forbartha Gairmiúla ar StaffCONNECT, ar a bhfuil eolas faoi PD a eagraítear go lárnach (lena n-áirítear oiliúint QA).<br><br>Nuacht mhíosúil faoi PD le roinnt ar Signagelive<br><br>Roinntear eolais faoi thionscnaimh nua agus chláir phíolótacha, chleachtas nuálach agus PD i nuachtlitreacha fhoireann FET - e.g. Nuachtlitir QA, TEL Times etc.<br>Cinntíonn Aonad Cumarsáide Tiomnaithe go gcoimeádtar na páirtithe leasmhara seachtracha ar fad ar an eolas trí mhodhanna éagsúla cumarsáide lena n-áirítear úsáid stuama a bhaint as ardáin ábhartha meán sóisialta a nuashonraítear agus a athbhreithnítear ar bhonn leanúnach.<br><br>Tá Straitéis Chumarsáide Inmheánaí i bhfeidhm agus curtha chun feidhme go hiomlán lena chinntiú go roinnfear faisnéis chruinn, thráthúil agus ábhartha ar fud na heagraíochta trí ríomhphost corparáideach agus físeáin chumarsáide, imeachtaí corparáideacha, cruinnithe rannóga agus áitiúla agus trínár struchtúr bainistíochta go príomha. |

| | | |
|---|---|---|
| 3.5 Inbhuanaitheacht agus freagracht chomhshaoil a chur chun cinn ar fud na heagraíochta. | I rith 2021, oibreoidh **Rannóg Caipitil agus Soláthair** an BOO i dtreo Córas Bainistíochta Conarthaí a fhorbairt chun freastal ar riachtanais na heagraíochta. | Dámhadh an tairiscint chun an Córas Bainistíochta Conarthaí nua a fhorbairt in 2021. Tá BOOLC in éineacht le BOOCM san áireamh i gCéim 1 de rolladh amach an chórais nua chuig BOOnna. Bhí an fhoireann Caipitil agus Soláthair rannpháirteach go réamhghníomhach le forbairt an chórais nua agus táthar ag súil go mbeidh sé 'beo' i R2 2022. |
| | Leanfaidh **Rannóg FET** an BOO ag baint úsáid as CSanna le páirtithe leasmhara seachtracha a gcuireann sí deontais agus acmhainní ar fáil dóibh. Beidh meastóireacht agus faireachán ar sheachadadh gníomhaíochtaí FET arna dhéanamh ag na páirtithe leasmhara seachtracha sin i gceist leis freisin. | In 2021, d'aontaigh Soláthar Oideachais agus Oiliúna Pobail ar fud an BOO cur chuige cuíchóirithe comhchuibhithe chun forbairt agus teagmháil a dhéanamh le grúpaí comhpháirtíochta pobail ar fud an réigiúin.<br><br>Rinneadh leathanach gréasáin nua Pobail \| Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir (lcetb.ie) a fhorbairt chun deis a thabhairt do ghrúpaí pobail agus deonacha a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí oideachais a sholáthar do spriocghrúpaí sonraithe d'aosaigh clárú mar chomhpháirtí leis an BOO. Leis na tacaíochtaí a cuireadh ar fáil cuirfear ar chumas daoine fásta faoi mhíbhuntáiste leas a bhaint as oideachas pobail ar chostas íosta nó gan aon chostas. Cuirtear chun cinn sa leathanach gréasáin próiseas ilchéimeanna maidir le comhpháirtithe pobail a chlárú agus cúrsaí a sholáthar ar fud an réigiúin. In 2021, chláraigh breis is 90 comhpháirtí pobail leis an BOO tríd an bpróiseas seo.<br><br>Áirítear ar na príomhchéimeanna:<br>➢ Déanann Grúpaí Pobail iarratas ar dtús chun clárú mar chomhpháirtí pobail leis an BOO.<br>➢ Tabharfaidh an BOO cuireadh gach bliain do pháirtithe cláraithe le hiarratas bulc-uaireanta a dhéanamh ina dtabharfar breac-chuntas leathan ar phlean don bhliain atá le teacht.<br>➢ Nuair a cheadófar an t-iarratas sin, síníonn comhpháirtithe pobail Comhaontú Leibhéal Seirbhíse leis an BOO.<br>➢ Comhlánóidh comhpháirtithe pobail ansin iarratas aonair tarraingthe do gach cúrsa ar leith. |
| 3.6 Córais éifeachtacha um chosaint sonraí, rúndacht agus bainistíochta taifead a chinntiú. | Cinnteoidh **Rannóg Airgeadais** an BOO go mbeidh CS/MT foirmiúil i bhfeidhm ag gach gníomhaireacht sheachtrach dá soláthraíonn an t-údarás deontais/acmhainní i gcomhréir | I rith 2021, bhí CS/MT foirmiúil i bhfeidhm do gach deontas a phróiseáil an Roinn Airgeadais i gcomhréir le hImlitir 13/2014 ón DPER. |

| | | |
|---|---|---|
| | le hImlitir 13/2014 ón DPER. Nuair is cuí, áireofar leis sin Aguisín maidir le Cosaint Sonraí maidir le hAirteagal 28 den RGCS maidir le hAistrithe Sonraí Pearsanta ón Rialálaí go dtí an Próiseálaí. | |
| | Tá córas nua faighte (Inneall Príobháideachta) chun cuidiú le **Comhlíonadh RGCS** BOO a éascú. Leis sin déanfar cur i bhfeidhm Leabhair Oibre um Chomhlíonadh a uathoibriú agus, le linn 2021, cuirfidh an **Rannóg Seirbhísí Corparáideacha** cúnamh ar fáil maidir le hOiliúint agus Iniúchadh ar Scoileanna agus Ionaid maidir le comhlíonadh RGCS. | Tá taispeáint maidir le comhlíonadh ag dul ar aghaidh ar bhonn leanúnach, agus coinnítear beartais uile faoi athbhreithniú buan. Mar thoradh ar an bpaindéim d'fhorbair Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir modúil Oiliúna COVID-19 a bhain úsáid as an Inneall Príobháideachta mar ardán oiliúna. Tá obair ar bun chun an Leabhrán Oibre um Chomhlíonadh a chur i gcrích lena chinntiú go gcomhlíonfaidh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a oibleagáidí faoi Chód Cleachtais CL 0002/2019 maidir le Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú. |
| | Cinnteoidh **Rannóg Seirbhísí Corparáideacha** an BOO go ndéanfar an Córas Bainistíochta Taifead (DSM) á athbhreithniú agus a chur chun feidhme go leanúnach le linn 2021 de réir Bheartas Coinneála Taifead agus Bheartas Bainistíochta Taifead an BOO. | Leantar le hathbhreithniú a dhéanamh ar an nBainistíocht Taifead i gcomhar le Beartais um Chosaint agus um Choinneáil Sonraí agus luach ar airgead á chinntiú.<br><br>Rinne Rannóg um Chomhlíonadh na mBord Oideachais agus Oiliúna athbhreithniú ar thaifid a bhí á gcoinneáil lena chinntiú go gcomhlíonfar Beartas um Choinneáil Taifead agus Beartas Bainistíochta Taifead an BOO. |
| 3.7 Straitéis éifeachtach cumarsáide a fhorbairt. | **Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara an BOO:** I rith 2021, cuirfidh an BOO cultúr comhoibrithe, nuálaíochta agus comhpháirtíochta chun cinn chun deiseanna a fheabhsú dá pháirtithe leasmhara go léir. Áireofar leis sin rannpháirtíocht leanúnach leo seo a leanas:<br>● Coistí Forbartha Pobail Áitiúil Luimnigh agus an Chláir – freagrach as Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail 6 bliana a ullmhú agus monatóireacht a dhéanamh orthu. | In 2021, lean an Rannóg FET dá rannpháirtíocht le fostóirí a threisiú chun ábharthacht a soláthair a chinntiú chun tairbhe fhoghlaimeoirí FET. Chuaigh Seirbhís Tacaíochta um Rannpháirtíocht Fiontraíochta na Rannóige FET i dteagmháil ar leibhéal straitéiseach le réimse leathan páirtithe leasmhara agus fostóirí chun béim a chur ar ról straitéiseach an Údaráis i bhforbairt scileanna san Iarthar Láir. Trí líonrú le Fóram Scileanna Réigiúnach an Iarthair Láir, leis an IDA, leis na Comhairlí áitiúla, le IBEC, le Cuideachtaí Forbartha Pobail áitiúla, le Comhpháirtíocht PAUL, le Fiontair LEO, le FBManna, etc., forbraíodh idirghabhálacha spriocdhírithe trí Skills to Advance agus trí sholáthar eile chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais uasoiliúna an réigiúin. |

| | | |
|---|---|---|
| | ● Fóram Réigiúnach Scileanna an Iarthair Láir - comhpháirtíocht idir na soláthraithe réigiúnacha oideachais agus oiliúna, údaráis áitiúla, oifigí fiontair áitiúla agus eagraíochtaí ábhartha san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach chun soláthar agus éileamh scileanna a mheaitseáil, rud a thacaíonn le fostóirí agus a éascaíonn cruthú post.<br>● Comhaontas Aoisbhá an Chláir agus Aoisbhá Luimnigh – freagrach as an Straitéis agus an Plean Gníomhaíochta Aoisbhá.<br>● Comhpháirtíocht Foghlama Luimnigh trína bhfuair Gradam Chathair Foghlama UNESCO.<br>● Luimneach Digiteach - freagrach as Straitéis Dhigiteach Luimnigh.<br>● Tionscnamh Comhpháirtíochta Bia Luimnigh.<br>● Fóraim Náisiúnta tríd an Roinn Oideachais, BOOÉ, SOLAS, DCEDIY agus dreamanna eile de réir mar is cuí. | Go sonrach in 2021, d'oibrigh an tSeirbhís Tacaíochta um Rannpháirtíocht Fiontraíochta go dlúth le IDA an Iarthair Láir chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais oiliúna scileanna na bhfostaithe a bhfuil baint acu le dúnadh cuideachtaí, trí mhaoiniú Scileanna chun Dul Chun Tosaigh. Le comhoibriú leanúnach le fóraim an tionscail éascaítear forbairt chláir Leibhéal 5 & 6, rud a éascaíonn bealaí chuig an Ardoideachas agus an oiliúint i scileanna sonracha.<br><br>Tá ról lárnach ag Boird Oideachais agus Oiliúna chun tacú le scileanna glasa agus cleachtais inbhuanaitheachta a fhorbairt, trí chomhpháirtíochtaí le príomhpháirtithe leasmhara réigiúnacha, trí thionscnaimh a ardaíonn feasacht agus trí chúrsaí nuálacha a sholáthar. In 2021, chuir an Rannóg FET roinnt tionscnamh nua ar fáil sa réimse seo:<br>• **Dámhachtain Inbhuanaitheachta SOLAS** – d'oibrigh an tSeirbhís Tacaíochta um Rannpháirtíocht Fiontraíochta le SOLAS ar thionscnamh píolótach chun modúil inbhuanaitheachta a fhorbairt don earnáil FET. Áiríodh leis an gcomhoibriú sin obair le ceithre Bhord Oideachais agus Oiliúna eile agus an Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl, GCC.<br>• **Líonra Oiliúna agus Oideachais um Fhuinneamh In-athnuaite an Iarthair Láir** - Is comhpháirtí comhoibríoch é an BOO, trína Sheirbhís Tacaíochta um Rannpháirtíocht Fostóirí FET, le Líonra Oiliúna agus Oideachais um Fhuinneamh Inathnuaite an Iarthair Láir, a chuimsíonn Ollscoil Luimnigh, TUS Lár na Tíre, an tIarthar Láir, Coláiste Muirí, MTU. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an líonra seo ar bhealaí reatha agus dul chun cinn san earnáil fuinnimh inathnuaite mar fhreagra ar fhorbairtí sonracha sa réigiún, i.e. Calafort na Sionainne agus Fhainge. Oibríonn sé le geallsealbhóirí Fuinnimh Inathnuaite chun tuiscint ar an bpíblíne tallainne san earnáil seo faoi láthair agus amach anseo agus pleanáil ina leith.<br>• **Straitéis Dhigiteach SMART Luimnigh** - Is gníomhaireacht chomhpháirtíochta é BOO Luimnigh agus an Chláir i Straitéis Dhigiteach SMART Luimnigh agus i Straitéis Dhigiteach Luimnigh. Tá sé ina chathaoirleach freisin ar shraith um Cuimsiú Digiteach na straitéise. Mar chuid de straitéis SMART Luimnigh, tá an Chathair páirteach i dtionscadal Eorpach a bhfuil sé mar aidhm leis go mbeidh |

| | | |
|---|---|---|
| | | sí ar an gcéad Chathair SMART um Fhuinneamh Dearfach in Éirinn. Tá an BOO ag obair faoi láthair le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus Innovate Limerick chun cúrsaí oiriúnacha ar Bhainistíocht Fuinnimh agus iarfheistiú foirgneamh a fhorbairt laistigh den chrios píolótach sainaitheanta Cheathrú Seoirseach straitéis Dhigiteach Luimnigh agus codanna d'eastáit Tithíochta Poiblí. |
| 3.8 Comhaontuithe seirbhíse/meabhrán tuisceana a fhorbairt le gníomhaireachtaí seachtracha dá gcuirimid deontais/acmhainní ar fáil. | Déanfaidh **Rannóg Caipitil agus Soláthair** an BOO, de réir freagrachtaí mar Chomhlacht san Earnáil Phoiblí, a dícheall an sprioc um laghdú 50% ar úsáid fuinnimh agus laghdú 30% ar CO2 a bhaint amach faoi 2030. Le linn 2021, leanfaidh an BOO ag cur infheistíocht leanúnach i mbearta laghdaithe fuinnimh chun cinn trí rannpháirtíocht i gcláir ábhartha lena n-áirítear an Clár Náisiúnta Fuinnimh do Scoileanna le linn 2021.<br>Lean BOOCL le teagmháil a dhéanamh le hAonad Tógála na Roinne Oideachais le linn 2021 chun infheistíocht a uasmhéadú i Scoileanna agus Ionaid BOO lena chinntiú go gcomhlíonfaidh a shaoráidí an reachtaíocht agus na rialacháin ábhartha ar fad agus go mbeidh sé oiriúnach don fheidhm i gcónaí. | Tá an BOO ina bhall den Ghrúpa Stiúrtha, leis an RO agus an SEAI, ar an gClár Píolótach Náisiúnta um Fhuinneamh do Scoileanna. Rinneadh iarfheistiú domhainfhuinnimh ar shé scoil ar fud na tíre lena n-áirítear Céim 1 d'iarfheistiú iomlán fuinnimh ar Choláiste Iósaf, Cill Mocheallóg agus tá Céim 2 le críochnú in 2022. Cuireadh tús le hobair dheartha ar iarfheistiú Choláiste Pobail na hInse in 2021. Cuireadh na Tuairisceáin reachtúla M&T ar úsáid fuinnimh BOO faoi bhráid an SEAI.<br><br>Chuir an SEAI in iúl do BOOLC go raibh laghdú 32% bainte amach aige ar úsáid fuinnimh ar fud na heagraíochta ó 2009, rud a sháraigh sprioc na hEarnála Poiblí de 30%. |
| | Le linn 2021, cinnteoidh **Rannóg na Scoileanna** de chuid an BOO go dtabharfar tacaíocht do scoileanna le páirt a ghlacadh i dTionscnamh na Scoileanna Glasa de chuid An Taisce, lena soláthrófar bainistíocht agus oideachas ar an gcomhshaol a sholáthar. Ina theannta sin, leanfaidh scoileanna ag plé le Clár an Chiste Eorpaigh um Éifeachtúlacht Fuinnimh (EEEF) de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. | Bhí roinnt scoileanna BOO páirteach go gníomhach i dtionscnamh na Scoileanna Glasa de chuid An Taisce agus sa tionscnamh Take 1 ó BOOÉ.<br><br>Soláthraítear le tionscnamhTake 1 clár oideachais chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a leabú i gCuraclam na Sraithe Sóisearaí. Ba é Jack O'Connor, Toscaire Óige na Náisiún Aontaithe d'Éirinn agus iar-mhac léinn de chuid BOOLC ag Coláiste Dheasumhan, An Caisleán Nua, a sheol an Clár, arna fhorbairt ag BOOÉ, ó Nua-Eabhrac. Cuireadh tús le Clár Take 1 le seimineár oiliúna do mhúinteoirí agus do lucht bainistíocht na scoile araon, chun cuidiú le scoileanna BOO an |

| | | |
|---|---|---|
| | | tuiscint riachtanach ar gach SDG a thabhairt do na scoláirí. Mar chuid den acmhainn, tá gach SDG mapáilte ar thorthaí foghlama ábhar na Sraithe Sóisearaí, ag léiriú an acmhainneacht atá ann faoi láthair laistigh de na curaclaim nua. |
| | Oibreoidh **Rannóg FET** an BOO leis an Rannóg Caipitil agus Soláthair, SOLAS agus an DFHERIS le linn 2021 lena chinntiú go gcuirfear Clár pleanáilte Infheistíochta Caipitil agus Bonneagair chun feidhme ar fud na gColáistí agus Ionad FET d'fhonn an eispéireas cúrsa d'fhoghlaimeoirí a fheabhsú agus a chinntiú go mbeidh na saoráidí fáilteach agus oiriúnach don fheidhm. Ina theannta sin, le linn 2021 agus mar chuid dá chur chun cinn um inbhuanaitheacht agus freagracht chomhshaoil:<br>Forbróidh an Rannóg FET Foirgneamhmh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh, NZEB, Ceardlann Taispeána Oiliúna ina Lárionad FET, Campas Éiceanuálaíochta. Nuair a ghlacfar an NZEB go hiomlán sa Tionscal Foirgníochta, déanfar athruithe suntasacha ar na caighdeáin tógála in Éirinn agus éileofar leis go mbeidh teicneolaíochtaí agus modhanna tógála nua ina ngnáthchleachtas sa tionscal. Beidh iarfheistiú tithe agus foirgneamh ina ghné shuntasach maidir leis an NZEB sna blianta atá le teacht. | Ar cheann de phríomhchuspóirí na Rannóige FET tá gréasán campas FET atá oiriúnach don fheidhm, inrochtana agus slán ó thaobh an chomhshaoil de ina soláthraítear rochtain ar sheomraí agus ar acmhainní chun scileanna sonracha a fhorbairt. In 2021, lean an Rannóg FET le feabhas a chur ar a cuid saoráidí lena chinntiú gur féidir le foghlaimeoirí agus baill foirne leas a bhaint as timpeallachtaí teagaisc agus foghlama den scoth.<br>Bonneagar TEL a Fhorbairt: Braitheann glacadh agus úsáid Teicneolaíochtaí Foghlama go mór ar an mbonneagar atá i bhfeidhm chun tacú le húsáid teicneolaíochtaí. Áirítear leis sin, ní hamháin crua-earraí spleácha iontaofa agus leathanbhanda, ach freisin soláthar ceadúnaithe agus tacaíochtaí d'ardáin thábhachtacha a dtacaíonn BOO leo ar nós Office 365, Teams, Moodle, Padlet etc.<br><br>In 2021, rinneadh infheistíocht shuntasach chun deasc choiteann múinteoirí a fhorbairt agus a rolladh amach, chun breis agus 300 ríomhaire nua a fháil agus i gcur i bhfeidhm tosaigh na bPainéal Idirghníomhacha. Cuireadh oiliúint agus tacaíochtaí ar fáil freisin le físeáin teagaisc, bileoga tacaíochta, seimineáir gréasáin Show & TEL agus oiliúint ar an láthair chun freastal ar riachtanais oiliúna.<br><br>I measc feabhsuithe eile in 2021 bhí:<br>· Feabhas ginearálta ar chuma foirgneamh liostaithe, lena n-áirítear dallóga lógó BOO nua ar thosach sráide an fhoirgnimh.<br>· Seomraí ranga ilfheidhmeacha nua<br>· I gCampas/PLC Chromadh: Toisc go mbeifear ag aistriú an tsoláthair go foirgneamh Choláiste Chiaráin i dtús 2022, bhí athchóiriú fairsing ar siúl le saotharlanna nua TF, seomra Grúmaeireachta Ainmhithe den scoth, saotharlanna eolaíochta, seomraí ranga etc.<br>· Campas Éiceanuálaíochta - NZEB agus Iarfheistiú - I ndiaidh na caighdeáin maidir le Foirgneamh Nach Mór Neodrach ó Thaobh |

| | | |
|---|---|---|
| | | Fuinnimh a thabhairt isteach in Éirinn, bhí gá le próiseas uas-scilithe laistigh den tionscal tógála lena chinntiú go dtuigfidh fiontair cad a chiallaíonn na caighdeáin tógála sin dóibh agus conas is féidir leo cloí leo. Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ar cheann de na cúig ionad barr feabhais a thairg oiliúint iarfheistithe in 2021. |
| PDA 3.9 Comhlíonadh ceanglas reachtúla agus rialála a chinntiú | Leanfaidh **Rannóg Airgeadais** agus **Rannóg Acmhainní Daonna** an BOO faoin **OSD** ag obair leis an bhfoireann tionscadail Pinsean Náisiúnta mar fhreagra ar riachtanais bheartais náisiúnta in 2021. | Tá fadhb ar fud earnáil na BOOnna a bhfuiltear ag plé leis ar an leibhéal náisiúnta ag limistéar ESBS na Roinne Oideachais i gcomhar le BOOÉ agus BOOnna aonair. Mar gheall ar shaincheisteanna acmhainne leis An nGrúpa Rochtana, (lena n-áirítear COVID-19 agus baill foirne ag fágáil) níor cuireadh obair forbartha a tosaíodh ar an gCóras CoreHR, d'fhonn BOOnna a thabhairt chun críche maidir le Ranníocaíochtaí Aoisliúntais, trí chomhlíonadh iomlán an chórais, i gcrích de réir an sceidil.<br><br>Tá méid suntasach oibre déanta agus tá comhfhreagras leanúnach ar siúl leis an nGrúpa Rochtana agus ESBS agus tá tástáil á déanamh ar an bhfeidhmiúlacht nua atá á cur ar fáil ag an nGrúpa Rochtana. Tá sé seo ina chuid den Chlár Feabhsaithe Pinsean foriomlán atá á chur chun feidhme ag an Roinn Oideachais agus tá foireann thiomanta sa ESBS curtha i bhfeidhm, atá ag obair ar réiteach a fháil amháin ar chúrsaí Pinsin agus Ranníocaíochta Aoisliúntais. Cuid lárnach de raon feidhme an Chláir Feabhsúcháin Pinsean sin is ea ráitis chruinne maidir le sochair a sholáthar do bhaill scéime pinsin SPS. |
| | Cuirfidh an **PF** agus an **Stiúrthóir OSD** tús in 2021 le hullmhú do phleanáil, do chomhairliúchán agus dá Ráiteas Straitéise do 2022-2026 a chur isteach, de réir Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013. | I dtús 2021, moladh Ráiteas Straitéise Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2022 - 2026. Ceapadh an Ráiteas Straitéise seo chun an bealach do sholáthar oideachais agus oiliúna, obair óige agus feidhmeanna reachtúla eile an údaráis a leagan amach thar thréimhse cúig bliana ó 2022 go 2026. Ba thoradh próisis chomhairliúcháin é, lenar tugadh deiseanna do bhord an BOO, do bhoird bhainistíochta, do bhaill foirne, do scoláirí, d'fhoghlaimeoirí, do thuismitheoirí, do chomhpháirtithe pobail agus do chomhlachtaí ionadaíocha gnó, an tionscail agus fostóirí i Luimneach agus sa Chlár cead cainte a bheith acu maidir le treo an údaráis amach anseo. |

| | | |
|---|---|---|
| | Áiritheoidh an **PF** agus **Stiúrthóir OSD** in 2021 go gcomhlíonfar na spriocdhátaí tuairiscithe. | Bhí ráta comhlíonta 100% ag BOO Luimnigh agus an Chláir lena spriocdhátaí tuairiscithe go léir in 2021. |
| | Cinnteoidh **Rannóg na Scoileanna** de chuid an BOO go gcuirfear na beartais náisiúnta éagsúla chun feidhme le linn 2021 tríd an bpróiseas Féinmheastóireachta Scoile (FMS) atá nasctha leis an gcreat cáilíochta Ag Breathnú ar Ár Scoileanna (LAOS), i ndáil le gach pobal scoile. | Soláthraíodh i gcruinnithe Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí aiseolas luachmhar ar an rannpháirtíocht leanúnach sa phróiseas SSE. Bhí scoileanna gníomhach i gcur chun cinn SSE trí obair Fhoireann Tacaíochta Rannóg na Scoileanna.<br>In Imlitir: 0032/2021 leagtar amach rannpháirtíocht na Cigireachta le gníomhaíochtaí comhairleacha, taighde agus meastóireachta sna scoileanna le linn na scoilbhliana seo caite inar leagadh béim ar na hiarrachtaí sármhaithe a rinne go leor ceannairí scoile, baill foirne, bord, tuismitheoirí agus na seirbhísí tacaíochta chun scoileanna a choinneáil ag feidhmiú go sábháilte agus go héifeachtach, agus chun tacaíocht a thabhairt do na scoláirí sa bhaile, agus scoileanna dúnta go hiomlán nó go páirteach chun an SSE a chríochnú.<br><br>Faoi Imlitir 0040/2020, síneadh an dara timthriall den SSE go dtí Meitheamh 2021 agus bhí an tríú timthriall le tosú i Meán Fómhair 2021. I bhfianaise na ndúshlán breise a bhí ag scoileanna i gcomhthéacs na paindéime agus chun go bhféadfaí comhairliúchán a dhéanamh ar an tríú timthriall den SSE, chuir an Roinn Oideachais síneadh leis an dara timthriall den SSE go dtí Meitheamh 2022. Dá réir sin, cuirfear tús anois leis an tríú timthriall SSE, a bhí le tosú i Meán Fómhair 2021, i Meán Fómhair 2022.<br><br>Ba í an bhéim a cuireadh in obair Fhoireann Tacaíochta Rannóg na Scoileanna ó Mheán Fómhair 2021 féachaint ar an séú céim sa phróiseas SSE – Monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus tionchar a mheas. I scoilbhliain 2021/22, lean scoileanna lena bpleananna agus lena dtosaíochtaí reatha don SSE agus d’úsáid siad an próiseas FMS chun cuidiú leo dul i ngleic leis na dúshláin a tháinig chun cinn i gcomhthéacs na paindéime. |
| | Le linn 2021, déanfaidh **Rannóg FET** an BOO idirchaidreamh le SOLAS maidir le cur chun | Mar gheall ar thionchar COVID-19, chinn SOLAS próiseas an Chomhaontaithe um Pleanáil Straitéiseach le BOOanna a chur siar, rud a |

| | | |
|---|---|---|
| | feidhme an chomhaontaithe straitéisigh feidhmíocht trí bliana 2018-2021. Tugtar breac-chuntas ar ghníomhaíochtaí sonracha in 2021 sa Teimpléad Iarratas ar Leithdháiltí Cistiúcháin 2021 a cuireadh faoi bhráid SOLAS an 24/01/2021. | bhí le tosú in 2021. Cuirfear tús leis an bpróiseas in 2022, agus cuirfear tús le cruinnithe Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i Márta 2022. |

| **Sprioc Straitéiseach 4: Comhpháirtíocht**<br>Aidhm: Freagraí agus tacaíochtaí ábhartha a sholáthar de réir mar a éileoidh an Roinn Oideachais, ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais agus comhpháirtíochtaí éifeachtacha a fhorbairt a fhreagraíonn do na riachtanais oideachais agus oiliúna atá ag teacht chun cinn sa réigiún. Baineann sé sin le freagairt ar oibleagáidí reachtúla agus comhpháirtíochtaí ábhartha a chruthú chun ról an oideachais agus na hoiliúna a chur chun cinn maidir le hiomaíochas eacnamaíoch agus cuimsiú sóisialta ár réigiúin a fhorbairt. | | |
|---|---|---|
| Cuspóir ón Ráiteas Straitéise | Gealltanas i bPlean Seirbhíse 2021 | Éachtaí in 2021 |
| 4.1 Tionscnaimh a fhorbairt mar fhreagra ar riachtanais bheartais náisiúnta na Roinne Oideachais, na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, ranna agus gníomhaireachtaí eile rialtais. | Oibreodh **Rannóg Scoileanna** an BOO leis an nGrúpa Comhairleach ar Chosaint agus leis an bhFoireann Tacaíochta Daltaí in 2021 chun oiliúint agus tacaíocht a chur ar fáil do scoileanna, lena a chinntiú go gcomhlíonfar Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí le haghaidh Bunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017. Baineann sé sin chun na méid seo a leanas a chinntiú:<br>• Go dtuairisceoidh pearsanra uile na scoile gach ábhar imní PF don DLP/D/DLP<br>• Go ndéanfar cásanna a thuairisciú do Stiúrthóir na Scoileanna.<br>• Go leanfaidh DLPanna agus D/DLPanna i Scoileanna BOO Nósanna Imeachta na Roinne um Chosaint Leanaí le haghaidh Bunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017.<br>• Go gcloífidh scoileanna BOOLC le nósanna imeachta 2017 agus iad ag déileáil le líomhaintí nó amhrais faoi mhí-úsáid leanaí.<br>• Oiliúint do DLPanna agus D/DLPanna i Scoileanna BOO.<br>• Oiliúint do Bhoird Bhainistíochta. | Bhailigh Rannóg na Scoileanna de chuid an BOO na seicliostaí, na hathbhreithnithe agus na dearbhuithe éigeantacha go léir ó Bhoird Bhainistíochta na scoile maidir le ceanglais um Chosaint Leanaí. Nuashonraíodh cur i láthair athnuaite Microsoft PowerPoint don fhoireann agus scaipeadh é ar gach scoil do thús na bliana acadúla in 2021. Eagraíodh seimineár gréasáin do gach Príomhoide agus Leas-Phríomhoide maidir le hatreoruithe agus nósanna imeachta um Chosaint Leanaí.<br><br>D'éascaigh Rannóg na Scoileanna cruinniú ar líne do gach Bord Bainistíochta chun róil agus freagrachtaí gach Boird Bainistíochta scoile maidir le Cosaint agus Coimirciú Leanaí a leagan amach.<br><br>Tá oiliúint maidir le Nósanna Imeachta um Choimirciú/Chosaint Leanaí le haghaidh Bunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 éigeantach do gach catagóir foirne. |
| | Leanfaidh **Stiúrthóireacht OSD** an BOO ag tacú leis an lucht bainistíochta agus leis an bhfoireann le linn 2021 lena chinntiú go gcomhlíonfar Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí le haghaidh | Cuirtear oiliúint ionduchtaithe ar gach ball foirne nua-earcaithe agus gné éigeantach den oiliúint sin is ea na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí le haghaidh Bunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017. |

| | | |
|---|---|---|
| | Bunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017. Mar chuid den fhreagracht sin, tá an BOO cláraithe le Láraonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána (CGVU) a sholáthraíonn seirbhís um nochtadh d’eagraíochtaí a bhfuil poist foirne acu nó a sholáthraíonn cúrsaí a mbeidh rochtain rialta gan mhaoirseacht ar leanaí agus ar dhaoine fásta leochaileacha i gceist leo. Mar chuid de phróiseas earcaíochta agus roghnóireachta an BOO, beidh tairiscintí fostaíochta maidir le poist a bhfuiltear ag súil go mbeidh obair le leanaí agus le daoine fásta leochaileacha mar chuid den phost/chúrsa, faoi réir nochtadh CGVU. | Lean BOO Luimnigh an Chláir ag tacú leis an lucht bainistíochta agus leis an bhfoireann le linn 2021 lena chinntiú go gcomhlíonfar Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí le haghaidh Bunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017. Mar chuid den fhreagracht sin, tá an BOO cláraithe le Láraonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána (CGVU) a sholáthraíonn seirbhís um nochtadh d’eagraíochtaí a bhfuil poist foirne acu nó a sholáthraíonn cúrsaí a mbeidh rochtain rialta gan mhaoirseacht ar leanaí agus ar dhaoine fásta leochaileacha i gceist leo. Mar chuid de phróiseas earcaíochta agus roghnóireachta an BOO, beidh tairiscintí fostaíochta maidir le poist a bhfuiltear ag súil go mbeidh obair le leanaí agus le daoine fásta leochaileacha mar chuid den phost/chúrsa, faoi réir nochtadh CGVU. |
| | Leanfaidh **Rannóg FET** an BOO ag obair le Bainisteoirí Soláthair ábhartha agus leis an Oifigeach Forbartha Gairmiúla in 2021 chun comhlíonadh Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí le haghaidh Bunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017 agus Beartais um Chosaint Leanaí, Daoine Óga agus Daoine Fásta Soghonta ar fud na gColáistí/Ionad FET go léir a chinntiú. | In 2021, lean an Rannóg FET chun comhlíonadh corparáideach maidir leis an mBeartas um Chosaint Leanaí, Daoine Óga agus Daoine Fásta Soghonta ar fud na gColáistí/Ionad FET go léir a chinntiú. Seo roinnt samplaí:<br><br>• D'oibrigh an tseirbhís Tacaíochta PLD leis na Gnóthaí Corparáideacha chun Seisiún Faisnéise Straitéiseach um Chosaint Daoine Fásta a sholáthar do Bhainisteoirí agus do Bhainisteoirí Sinsearacha.<br>• Sna hEarnálacha Cúraim (Cúram Sláinte, Cúram Leanaí, Cúram Sóisialta), tairgtear modúil bhreise amhail Garchabhair, Láimhseáil Othar/Láimhsiú Sábháilte, Cosaint Leanaí agus Cosaint do Dhaoine Fásta Soghonta do gach foghlaimeoir.<br><br>Thug an Comhordaitheoir um Fhorbairt Ghairmiúil tacaíocht d’fhoireann an Mhoil Foghlama chun tabhairt faoi oiliúint spriocdhírithe FGL i réimse ábhar. Áiríodh leo siúd, GDPR, Cosaint Leanaí Tusla, AHEAD Start, cúrsaí oiliúna náisiúnta ar líne ar thacú le foghlaimeoirí faoi mhíchumas i mBreisoideachas agus in Ardoideachas, Aithint LYIT na Foghlama Roimhe Ré (L9), Teicneolaíocht Chúnta, TU agus Cumas Éireann (L6) agus WRAT V. |
| | Ar an 17 Nollaig 2019, d’fhógair an tAire Flanagan gealltanas na hÉireann do Chlár nua um Chosaint Dídeanaithe. D’aontaigh Éire leis an UNHCR & AE | **Clár Athlonnaithe Dídeanaithe i gCo. an Chláir** I mí Mheán Fómhair 2021, tháinig seacht dteaghlach Siriacha go Contae an Chláir mar chuid de Chlár nua Athlonnaithe Dídeanaithe. Tá ceithre theaghlach ina gcónaí i Sionainn agus trí |

| | | |
|---|---|---|
| | tearmann a sholáthar do 2,900 duine atá ag teitheadh ó ghéarleanúint sna 4 bliana amach romhainn. De réir mar a dhéantar cinntí maidir le suíomh RRP ag an Leibhéal Náisiúnta, fanfaidh **an BOO** le tuilleadh eolais a fháil maidir le riachtanais agus beidh sé ábalta freagairt de réir mar is gá.<br><br>Tá deiseanna dul chun cinn curtha ar fáil ag Rannóg FET an BOO d'fhoghlaimeoirí atá ag bogadh ar aghaidh ó na cúrsaí RRP agus rinne sé iarracht, nuair b'fhéidir, na foghlaimeoirí sin a chomhtháthú i soláthar príomhshrutha. | theaghlach in Inis. Tá naonúr daoine fásta ón ngrúpa RRP ag freastal ar ranganna Litearthachta ESOL, chomh maith le ranganna Cócaireachta, TF ESOL agus Béarla do Thosaitheoirí. Le cuidiú ón bhFoireann Athlonnaithe Dídeanaithe, bhíomar ag obair go crua chun freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí sin. Is dúshlán ollmhór é na foghlaimeoirí sin a thabhairt go pointe ina mbeidh go leor Béarla acu le feidhmiú mar bhaill ghníomhacha de shochaí na hÉireann. I ndiaidh roinnt fadhbanna tosaigh, tá na foghlaimeoirí RRP ag tosú ag socrú isteach i ranganna agus tuigeann siad an tábhacht a bhaineann le tiomantas a dhéanamh chun léamh, scríobh, labhairt agus éisteacht go héifeachtach i mBéarla. Bealach iontach do na teaghlaigh chun socrú isteach i saol na hÉireann ab ea freastal ar ranganna in Inis agus i Sionainn. Agus na leibhéil an-íseal oideachais tosaigh agus Béarla á gcur san áireamh, níorbh fhéidir i gcónaí foghlaimeoirí RRP a chomhtháthú gan tacaíochtaí diana forlíontacha a chur leis. |
| | I ndeireadh 2019, d'éirigh le **Rannóg FET** an BOO lena iarratas ar mhaoiniú AMIF. Cuireadh tús le tionscadal an AMIF um **Acmhainneacht a Réadú** i mí Eanáir 2021 agus beidh sé ar siúl ar feadh 33 mí. Tá sé deartha chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais a thagann chun cinn as easnaimh struchtúracha agus saincheisteanna um acmhainní a chur ar fáil a thagann lasmuigh de shainchúram gníomhaireachta nó eagraíochta ar leith. Tá dhá théama leathana sa tionscadal seo a bhaineann le sealbhú scileanna teanga agus rannpháirtíocht sa saol eacnamaíoch:<br>● Tá an chéad téama deartha chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh struchtúracha atá ann maidir le rochtain a sholáthar ar leibhéil chuí ESOL ag gach céim den turas foghlama (lena n-áirítear deimhniúcháin creidiúnaithe teanga CEFR).<br>● Baineann an dara téama le rochtain a sholáthar ar threoir oideachais spriocdhírithe d'imircigh fhásta lena n-áirítear cúnamh a sholáthar chun | Tionscnamh 31 mí is ea an Tionscadal "Acmhainneacht a Réadú" arna mhaoiniú trí Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht AE (AMIF) agus cistiú meaitseála á sholáthar ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Tá cuspóirí an tionscadail bunaithe ar chomhairliúchán fairsing lenár dtionscadail chomhpháirtíochta agus ar ár dtaithí féin ar fhorbairt agus ar sholáthar curaclam do phobail imirceach. Tá dhá théama leathana ag an Tionscadal "Acmhainneacht a Réadú" a bhaineann le sealbhú scileanna teanga atá deimhnithe go cuí agus treoir oideachais spriocdhírithe atá deartha chun tacú le rannpháirtíocht agus comhtháthú na bpobal imirceach i saol eacnamaíoch agus sóisialta an réigiúin.<br>Tugann an AISS tacaíocht i gcomhar Thionscadal 'Acmhainneacht a Réadú' AMIF an BOO, comhordaíonn sé é agus cómhaoiníonn sé é agus d'fhreagair sé do Phaindéim COVID-19 trí threoir, teagasc agus foghlaim a aistriú ar líne. Cé gur cuireadh moill ar roinnt gnéithe den treoirthionscadal in 2020 (mar gheall ar dhúnadh Ionad Measúnaithe Cambridge in Ollscoil Luimnigh ní raibh foghlaimeoirí ábalta a gcuid scrúduithe a dhéanamh i mí an Mheithimh 2020 mar a bhí beartaithe ar dtús) cuireadh socruithe eile i bhfeidhm in 2021 lena chinntiú go gcomhlíonfaí torthaí an tionscadail. I rith 2021, d'éascaigh an tionscadal cúrsaí agus scrúduithe deimhnithe do 54 foghlaimeoir san iomlán.<br>Ceann de na gnéithe tábhachtacha den tionscadal ba ea faisnéis agus treoir shonrach d'imircigh a sholáthar agus le linn 2021, d'éascaigh Comhairleoir |

| | | |
|---|---|---|
| | réamhfhoghlaim agus cáilíochtaí a gnóthaíodh ina dtír dhúchais a aithint. | Treorach an AMIF, i gcomhpháirtíocht le comhordaitheoirí soláthair agus baill foirne an méid seo a leanas:<br>• Dearadh agus soláthar clár sé seisiún um Ullmhú don Saol Oibre in Éirinn sa Chlár agus i Luimneach<br>• Cuireadh an chéad Mhol Oideachais in Éirinn ar bun in ionad cóiríochta i gCnoc an Lisín agus cuireadh sraith ríomhairí pearsanta ar fáil trí TEL agus AISS.<br>• Cúrsaí ESOL, teoiric tiománaithe, láimhsiú sábháilte, pas sábháilte agus TFC a thairiscint ar an láthair in ionaid chóiríochta a raibh as a bhfuair daoine poist.<br>• Rochtain níos fearr agus cothrom ar theicneolaíocht a chinntiú<br>• Rochtain ar fhaisnéis ardchaighdeáin a sholáthar trí réimse clinicí Treorach i ngach Ionad Cóiríochta ar an tionscadal seo agus go seachtrach chomh maith<br>• Seisiúin faisnéise dlí á gcur ar fáil do chónaitheoirí nua in ionaid ar bhonn leanúnach<br>• Mar thoradh ar oibriú i gcomhar le gníomhaireachtaí áitiúla cuireadh seirbhís Treorach agus faisnéise ar bun i gceann de na ceantair ard-dífhostaíochta i Luimneach ar Bhóthar an Duga.<br>• Cuireadh grúpa Ban agus Fear ar bun i gCathair Luimnigh a thairgeann cur chuige iomlánaíoch maidir le comhtháthú |
| 4.2 Cultúr comhoibrithe, nuálaíochta agus comhpháirtíochta a chur chun cinn chun deiseanna a fheabhsú dár bpáirtithe leasmhara go léir sa réigiún. | Leanfaidh **Rannóg Caipitil agus Soláthair** an BOO le tionscadail a bhainistiú agus a sholáthar do scoileanna neamh-BOO i rith 2021 chun an úsáid is cost-éifeachtaí agus is éifeachtaí as maoiniú poiblí a chinntiú.<br>Le linn 2021, oibreoidh an BOO leis na scoileanna neamh-BOO seo a leanas lena chinntiú go n-éireoidh le tionscadail dul chun cinn lena soláthar trí straitéisí éifeachtacha bainistíochta tionscadail a chur chun feidhme:<br>• Gaelscoil Sheoirse Clancy, Cathair Luimnigh.<br>• Scoil Náisiúnta Le Chéile, Cathair Luimnigh.<br>• Gaelscoil Mhíchíl Cíosóg, Ennis.<br>• Meánscoil Naomh Iósaf, Rinn na Spáinneach.<br>• Scoil Náisiúnta an Chroí Naofa, Móin an Lín. | Lean an Roinn Caipitil & Soláthair ag obair go comhoibríoch agus i gcomhpháirtíocht chun soláthar tionscadal nuálach éagsúil neamh-BOO a chur chun cinn de réir CSanna agus Nósanna Imeachta na Roinne Oideachais in 2021 dár bpáirtithe leasmhara go léir inár réigiún. |

| | | |
|---|---|---|
| | • Gaelscoil Donncha Rua, An tSionainn<br>• Scoil Náisiúnta Chill an Iúir, Co. Luimnigh. | |
| 4.3 Naisc le fiontraíocht a neartú chun deiseanna a uasmhéadú dár scoláirí agus foghlaimeoirí agus cur le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch an réigiúin. | I gcomhréir le Fóram Réigiúnach Scileanna an Iarthair Láir (MWRSF), an Straitéis Scileanna Náisiúnta agus an Plean Gníomhaíochta do phoist, tá **Seirbhís Tacaíochta um Rannpháirtíocht Fiontraíochta (EESS)** bunaithe ag Rannóg FET an BOO. Le linn 2021, leanfaidh an EESS ag obair le réimse leathan páirtithe, fostóirí agus foghlaimeoirí chun rannpháirtíocht fostóirí a mhéadú idir an BOO agus comhlachtaí amhail MWRSF, an Cumann Tráchtála, OFÁnna, IBEC, IDA agus RCS, rud a chuirfidh ar chumas an BOO aghaidh a thabhairt ar shainriachtanais oiliúna agus cláir shaincheaptha a dhearadh nuair is gá.<br><br>Le linn 2021 déanfaidh an EESS an méid seo a leanas:<br>• Leanúint le bheith ina bhall gníomhach d'Fhóram Scileanna Réigiúnach an Iarthair Láir.<br>• Leanúint lena chinntiú go ndéantar na riachtanais tionscail a mheaitseáil le soláthraithe oideachais trí ionadaíocht BOO ar an gCumannn, Fóram Reigiúnach Scileanna an Iathair Láir, OFÁanna, FÉ, IBEC.<br>• Leanúint le cnuasghrúpaí tionscail a fhorbairt san Iarthar Láir i.e. Fáilteachas agus Turasóireacht, Innealtóireacht, IT, Miondíol.<br>• Oibriú le 'Luimneach don Innealtóireacht' a sholáthraíonn nasc díreach d'fhostóirí chun buíon printíseach, teicneoirí agus innealtóirí a fhorbairt chun freastal ar éilimh shonracha na hearnála innealtóireachta san Iarthar Láir.<br>• Feasacht ar chustam breise agus oiliúint imréitigh custaim ardleibhéil a thabhairt isteach | In 2021, lean an Rannóg FET dá rannpháirtíocht le fostóirí a threisiú chun ábharthacht a soláthair a chinntiú chun tairbhe fhoghlaimeoirí FET. Chuaigh Seirbhís Tacaíochta um Rannpháirtíocht Fiontraíochta na Rannóige FET i dteagmháil ar leibhéal straitéiseach le réimse leathan páirtithe leasmhara agus fostóirí chun béim a chur ar ról straitéiseach an Údaráis i bhforbairt scileanna san Iarthar Láir.<br><br>Trí líonrú le Fóram Scileanna Réigiúnach an Iarthair Láir, leis an IDA, leis na Comhairlí áitiúla, le IBEC, le Cuideachtaí Forbartha Pobail áitiúla, le Comhpháirtíocht PAUL, le Fiontair LEO, le FBManna, etc., forbraíodh idirghabhálacha spriocdhírithe trí Skills to Advance agus trí sholáthar eile chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais uasoiliúna an réigiúin.<br><br>Go sonrach in 2021, d'oibrigh an tSeirbhís Tacaíochta um Rannpháirtíocht Fiontraíochta go dlúth le IDA an Iarthair Láir chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais oiliúna scileanna na bhfostaithe a bhfuil baint acu le dúnadh cuideachtaí, trí mhaoiniú Scileanna chun Dul Chun Tosaigh. Le comhoibriú leanúnach le fóraim an tionscail éascaítear forbairt chláir Leibhéal 5 & 6, rud a éascaíonn bealaí chuig an Ardoideachas agus an oiliúint i scileanna sonracha.<br>I gcomhar le Fóram Réigiúnach Scileanna an Iarthair Láir, le cnuasach scileanna Luimnigh do TF agus le Code Institute, sholáthair an Rannóg FET Dioplóma i bhForbairt Bogearraí a bhí dírithe ar mhná a mhealladh chun obair in TF. Is freagairt dhíreach é an clár sin ar ghanntanas scileanna in TF agus ar ghannionadaíocht na mban in ETIM. Cuimsítear sa chlár Forbartha Bogearraí 12 mhí seo socrúchán oibre 3 mhí sa tionscal. Sholáthair cuideachtaí rannpháirteacha meantóireacht tionscail do na foghlaimeoirí go léir lena n-áirítear HR Locker, Becton Dickinson, Jaguar Land Rover, General Motors, Fi-Serv, Transact Campus, Dell, WP Engine agus Action Point. Ghlac 47 foghlaimeoir páirt sa chlár in 2021.<br><br>Chomh maith leis sin, tríd an gclár Explore, lean an Rannóg FET ag tacú le hUas-sciliú digiteach Fostaithe Scothaosta. Díríodh an clár ar dtús ar an earnáil déantúsaíochta sular leathnaíodh é in 2020 agus in 2021 chun cuidiú le fostóirí |

| | | |
|---|---|---|
| | do na baill foirne maidir le lóistíocht de réir mar a éireoidh impleachtaí Brexit níos soiléire le linn 2021.<br>• Bonn scileanna na bhfostaithe san Fháilteachas, sa Turasóireacht agus san Fhóillíocht a neartú trí Champas Fáilteachais an Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna agus trí sholáthar eile maidir le roinnt tionscnamh a sholáthar in 2021.<br>• Páirt a ghlacadh i bhforbairt CRM um Fhorbairt Straitéiseach Rannpháirtíochta Fostóirí (SEED) le BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma. | Miondíola agus Fáilteachais agus iad ag forbairt láithreacht ar líne dá ngnó. Clár oiliúna digiteach lánmhaoinithe is ea Explore a sholáthraíonn na Fóraim Réigiúnacha Scileanna i gcomhpháirtíocht leis na Boird Oideachais & Oiliúna thar ceann na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. In 2021, ghlac 40 Cuideachta i Réigiún an Iarthair Láir páirt sa chlár Explore agus thug 72 fostaí faoi oiliúint i scileanna digiteacha.<br><br>I mí Feabhra 2021, sheol an Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna, Campas Fáilteachais clár ceannaireachta nua, Ag Forbairt Ceannairí don Fháilteachas agus don Turasóireacht, Mórdhámhachtain QQI Leibhéal 6 atá dírithe ar oiliúint spriocdhírithe a sholáthar don tionscal fáilteachais ag an am dúshlánach seo. Forbraíodh trí chlár go náisiúnta i gcomhar le comhpháirtithe tionscail, ag tairiscint deiseanna uasoiliúna dóibh siúd a bhfuil róil ceannaireachta foirne agus bainistíochta maoirseachta acu. Cuireann sé bealaí gairme soiléire tarraingteacha ar fáil dóibh siúd a oibríonn san earnáil.<br><br>Bronnadh "Aitheantas d'Oideachas Cócaireachta Ardchaighdeáin, Cumann Domhanda na Sochaithe Chócairí" ar Champas Fáilteachais FET in 2021. Is é Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir an chéad BOO agus an dara coláiste in Éirinn a fuair an creidiúnú seo. Cuireann sé seo an Campas Fáilteachais sa réimse idirnáisiúnta le coláistí san Áise, san Astráil agus i SAM. Tá ardán idirnáisiúnta ag an gCampas Fáilteachais agus beidh sé i dteagmháil le comhghleacaithe agus le foghlaimeoirí idirnáisiúnta.<br><br>Agus ár naisc le Comhpháirtíocht Forbartha Fiontraíochta Luimnigh (LEDP) á gcruthú, chomhoibrigh SDOG na Rannóige FET, Campas Bhóthar Chill Mocheallóg agus Scileanna don Obair le Córais Rialaithe Ard-Déantúsaíochta (AMCS), Luimneach chun cúrsa oiliúna nuálach a bhaineann go sainiúil leis an tionscal a fhorbairt d'fhoghlaimeoirí ar mian leo oiliúint a fháil mar Ghníomhaire Tacaíochta Teicniúla laistigh den Earnáil Seirbhísí Comhshaoil. Cuireadh an tionscnamh sin chun cinn le modúil nua i réimsí amhail anailís sonraí, réiteach fadhbanna agus taithí an chustaiméara. Chomh maith leis sin, tá modúl oiliúna ceithre pháirt forbartha ag AMCS, a sholáthraíonn siad go hinmheánach dár bhfoghlaimeoirí FET. Ag críoch an chúrsa nua sin faigheann na foghlaimeoirí socrúchán oibre seachtaine le AMCS ina n-oifigí i Luimneach. |

| | | |
|---|---|---|
| 4.4 Comhpháirtíochtaí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta a fhorbairt chun an dea-chleachtas a roinnt agus chun cur lenár bpróifíl mar phríomhsholáthraí oideachais agus oiliúna ardchaighdeáin. | **Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara an BOO:** I rith 2021, cuirfidh an BOO cultúr comhoibrithe, nuálaíochta agus comhpháirtíochta chun cinn chun deiseanna a fheabhsú dá pháirtithe leasmhara go léir. Áireofar leis sin rannpháirtíocht leanúnach leo seo a leanas:<br>● Coistí Forbartha Pobail Áitiúil Luimnigh agus an Chláir – freagrach as Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail 6 bliana a ullmhú agus monatóireacht a dhéanamh orthu.<br>● Fóram Réigiúnach Scileanna an Iarthair Láir - comhpháirtíocht idir na soláthraithe réigiúnacha oideachais agus oiliúna, údaráis áitiúla, oifigí fiontair áitiúla agus eagraíochtaí ábhartha san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach chun soláthar agus éileamh scileanna a mheaitseáil, rud a thacaíonn le fostóirí agus a éascaíonn cruthú post.<br>● Comhaontas Aoisbhá an Chláir agus Aoisbhá Luimnigh – freagrach as an Straitéis agus an Plean Gníomhaíochta Aoisbhá.<br>● Comhpháirtíocht Foghlama Luimnigh trína bhfuair Gradam Chathair Foghlama UNESCO.<br>● Luimneach Digiteach - freagrach as Straitéis Dhigiteach Luimnigh.<br>● Tionscnamh Comhpháirtíochta Bia Luimnigh.<br>● Fóraim Náisiúnta tríd an Roinn Oideachais, BOOÉ, SOLAS, DCEDIY agus dreamanna eile de réir mar is cuí. | ● Tá an BOO réamhghníomhach ina chur chuige chun deiseanna oiliúna uasoiliúna agus athoiliúna a sholáthar sna Ceantair Ard-Dífhostaíochta do chohóirt tosaíochta na hearnála FET. Comhoibrímid le raon leathan grúpaí agus eagraíochtaí pobail, chun díriú ar dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus ar dhaoine leochaileacha socheacnamaíocha, amhail daoine a fhágann an scoil go luath, agus an baol ann go mbeidh siad dífhostaithe go fadtéarmach. Oibrímid i gcomhar le hoibrithe cáis ón DEASP chun iad a chur ar an eolas faoi chúrsaí nua agus chun obair a dhéanamh ar atreoruithe. Oibrímid i gcomhar le rannóg athnuachana Chomhairle Cathrach Luimnigh agus bímid i dteagmháil le fostóirí trínár Seirbhísí Tacaíochta agus Teagmhála Fostóirí chun socrúcháin oibre agus deiseanna fostaíochta a dhaingniú.<br>● Déantar ionadaíocht do BOO Luimnigh agus an Chláir freisin ar Ghrúpa Oibre BOOÉ um Chuimsiú Gníomhach, a rinne maoirseacht ar thaighde agus ar fhorbairt Páipéir Seasaimh um Chuimsiú Gníomhach don Earnáil FET.<br>● Bhí AISS BOO Luimnigh agus an Chláir mar chuid d'Ionchur Earnála BOOÉ ag comhdháil Bhliantúil AHEAD Athcheangal 2021 - Cuimsiú a Chur i gcroílár na foghlama agus na tacaíochta ar líne.<br>● In 2021, lean an soláthar Óige ag obair le príomhpháirtithe, amhail Ionaid Oiliúna Pobail agus LTInna amhail tionscadal promhaidh Céim ar Chéim, Cumann Meabhairshláinte Luimnigh, Headway, Feirm Shóisialta an Dúin.<br>● I rith na bliana, choinnigh an fhoireann VESD/STA naisc láidre le hEagraíochtaí Reachtúla agus Deonacha amhail an DEASP, FSS, agus Infhostaitheacht an Chláir, Faisnéis do Shaoránaigh agus Cuideachta Forbartha Áitiúil an Chláir (CLDC).<br>● Lean Seirbhís Oideachais Pobail an Chláir ag tacú le Líonra Foghlama Thuaisceart an Chláir agus na líonraí ar fud an chontae trí eolas a scaipeadh trí Líonra an Chláir don Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil www.clarelearningnetwork.org. Tá PF an Chláir ina ionadaí ar Ghrúpa Chomhaontas Aoisbhá an Chláir agus tá sé ina cheannaire ar an nGrúpa Oibre um Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil.<br>● In 2021, lean Croíscileanna Luimnigh ar aghaidh ag plé le heagraíochtaí sa phobal a thacaíonn le foghlaimeoirí a bhfuil |

| | | |
|---|---|---|
| | | riachtanais bhreise acu, amhail Headway, an Líonra Náisiúnta Foghlama, Iníonacha na Carthanachta, Bráithre na Carthanachta, agus Rehab. Tá na cúrsaí in Headway dírithe ar chonair chun fostaíochta d'fhoghlaimeoirí. |
| 4.5 Naisc le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile a neartú i soláthar seirbhísí poiblí ar fud an réigiúin agus folláine na scoláirí/foghlaimeora agus na mball foirne a chur chun cinn agus tacú léi. | Leanfaidh **Rannóg Scoileanna** an BOO ar aghaidh ag forbairt na dtacaí agus na feasachta corpoideachais le haghaidh scoileanna trínár dá hIonad um Oideachas agus Oiliúint Lasmuigh in 2021. Déanfaidh sé cinnte go dtabharfar deiseanna do dhaltaí plé leis an seomra ranga lasmuigh mar mheán cumhachtach agus uathúil don fhoghlaim agus don fhorbairt. Áirítear le gníomhartha sonracha i rith 2021:<br>● Clár Going Well an CLG ar Fholláine a chur ar aghaidh i gcomhpháirt le Comhairle Contae an Chláir agus Ionad Mhíchíl Ciosóg chun pacáiste a fhorbairt um scoileanna le leas a bhaint as tacaí folláine.<br>● Tacú le scoileanna chun plé le OETCanna le tacú le daltaí a ghabhann don Ghaisce (Dámhachtain an Uachtaráin). Is é misean Dhámhachtain an Uachtaráin ná "deiseanna a thabhairt do dhaoine óga a n-acmhainn a chomhlíonadh trí dhúshláin phearsanta, an t-aistriú ó dhuine óg go haosach óg a éascú agus a n-acmhainn agus a ról a fheabhsú mar rannpháirtithe gníomhacha sa tsochaí."<br>● Cúrsaí nasctha leis an gcuraclam a chur chun cinn ar fud scoileanna BOO lena n-áirítear<br>- Foghlaim Lasmuigh chun tacú le Corpoideachas & Folláine.<br>- Gearrchúrsa Treodóireachta na Sraithe Sóisearaí a chur ar fáil don CBA ar Threodóireacht. | Chuir Rannóg na Scoileanna de chuid an BOO Clár Going Well an CLG ar Fholláine chun cinn agus thacaigh sí leis i gcomhpháirt le Comhairle Contae an Chláir agus Ionad Mhíchíl Ciosóg in 2021. Eagraíodh cuairteanna scoile chun deis a thabhairt do scoláirí taitneamh agus tairbhe a bhaint as an eispéiris chultúrtha thar an-suntasach seo.<br><br>D'eagraigh comhordaitheoir Chomhpháirtíocht Áitiúil na hÓige Cruthaithí turais lae do ghrúpaí éagsúla chuig Ionad Mhíchíl Ciosóg.<br><br>Ghlac daltaí Idirbhliana as gach scoil i mBord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir páirt i ngníomhaíochtaí saincheaptha ar láthair scoile mar fhreagra ar COVID-19 chun tacú leis an gclár folláine i scoileanna.<br><br>Tá cláir fholláine forbartha ag an dá cheann i gcomhar le scoileanna BOO, a bhí ina dtacaíocht agus ina n-acmhainn luachmhar chun tacú le folláine scoláirí/foghlaimeora agus ball foirne.<br><br>Bhain Fóram na gComhordaitheoirí Idirbhliana an-úsáid as ionaid oideachais agus oiliúna lasmuigh i rith 2021. Freisin d'eagair Bainisteoirí an dá hionaid um oideachas agus oiliúint lasmuigh cuairteanna scoile chun tacú le scoileanna.<br><br>Tugadh tacaíocht do scoileanna le raon tacaí tríd an rannán leasa ar www.lcetbschools.com le linn phaindéim COVID-19. |

| | | |
|---|---|---|
| | - Imeacht bliantúil Treodóireachta na Scoileanna.<br>- Comórtas Bollánóireachta na Scoileanna<br>- Pacáistí cianfhoghlama a cheapadh le haghaidh scoileanna chun cláir bhreise teoiric-bhunaithe a chur ar fáil le haghaidh scoileanna. | |

**Aguisín 2**

**Soláthar agus Seirbhísí**

**SCOILEANNA**

**Scoileanna Náisiúnta Pobail**

SNP Mhol an Óige, Inis Díomáin, Co. an Chláir (ina gcuimsítear Seomra Ranga Satailíte an Ghleanna Rua, An Gleann Rua, Co. Luimnigh)
SNP Choill Raithin, uaim Gréine, Co. an Chláir

**Coláistí Pobail**

Coláiste Chaladh an Treoigh, Caladh an Treoigh, Co. Luimnigh
Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh
Coláiste Íde agus lósaf, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh
Coláiste Iósaf, Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh
Coláiste Mhuire, Eas Géitine, Co. Luimnigh
Coláiste na Trócaire, Ráth Caola, Co. Luimnigh
Coláiste Dheasumhan/Gaelcholáiste Uí Chonba, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh
Coláiste Pobail na hInse/Gaelcholáiste an Chláir, Inis, Co. an Chláir
Gairmscoil Inis Díomáin, Inis Díomáin, Co. an Chláir
Gaelcholáiste Luimnigh, Meal Sior Anraí, Luimneach
Coláiste Hazelwood, Droim Collachair, Co. Luimnigh
Coláiste Pobail Mhungairit, Mungairit, Co. Luimnigh
Coláiste Pobail na Scairbhe, an Scairbh, Co. an Chláir
Coláiste Pobail Naomh Anna, Cill Dalua, Co. an Chláir
Coláiste Pobail Naomh Eoin Bosco, Cill an Dísirt, Co. an Chláir
Coláiste Pobail Naomh Iósaf, Cill Chaoi, Co. an Chláir
Coláiste Pobail Naomh Micheál, Cill Mhichíl, Co. an Chláir
Coláiste Pobail Thuamhan, Páirce Mhaoilis, Luimneach

**Scoileanna Pobail**

Pobalscoil Eoin Baiste, An tOspidéal, Co. Luimnigh
Pobalscoil Chill Rois, Cill Rois, Co. an Chláir
Pobalscoil Naomh Caimín, An tSionainn, Co. an Chláir
Scoil Chuimsitheach Phádraig, An tSionainn, Co. an Chláir

**FEIDHM OBAIR DON AOS ÓG**

Seirbhísí do Chathair agus do Chontae Luimnigh
Coláiste Breisoideachais & Oiliúna, Campas Ascaill Uí Chonaill, Luimneach
Seirbhísí do Chontae an Chláir
Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, Inis, Co. an Chláir

**COLÁISTE BREISOIDEACHAIS & OILIÚNA**

Campas Mhainistir na Féile, Mountmahon, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh
Campas na Ceapaí Móire, Dromsally, An Cheapach Mhór, Co. Luimnigh
Campas Chromadh, An tSráid Ard, Cromadh, Co. Luimnigh
Campas Orgánach/An tIonad Glas, An Cheathrú Mhór Thiar, Dromcollogher, Co. Luimnigh
Campas na hInse, Páirc Ghnó Chluain Ráda, Cluain Ráda, Inis, Co. an Chláir
Campas Inis Díomáin, Sráid an Teampaill, Inis Díomáin, Co. an Chláir
Campas an Ospidéil, An Phríomhshráid, An tOspidéal, Co. Luimnigh
Campas an Fháilteachais, Páirc LEDP, Roxboro, Luimneach
Campas Bhóthar Chill Mocheallóg, Bóthar Chill Mocheallóg, Luimneach

Campas Bhaile Chill Mocheallóg, Bóthar an Iarnróid, Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh
Campas Chill Rois, Bóthar Cooraclare Road, Cill Rois, Co. an Chláir
Campas Shráid na Cathrach, Bóthar an Bhaile Aird, Sráid na Cathrach, Co. an Chláir
LCFE Campas Shráid Mulgrave, Sráid Mulgrave, Luimneach
Campas an Chaisleáin Nua Thiar, Bóthar an Stáisiúin/Bóthar Mhuire, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh
O'Connell Avenue Campus, Technical Institute, O'Connell Avenue, Limerick
Campas Raithin, Ascaill Cloughkeating, Páirc Ghnó Raithin, Luimneach
Campas Éiceanuálaíochta, Páirc LEDP, Roxboro, Luimneach
Campas Acadamh Óige Mhaigh Rois, Na Cuanta, Bóthar Chnoc an Lisín, Maigh Rois, Luimneach
Campas na Scairbhe, Baile Driú, An Scairbh, Co. an Chláir
Campas Seanghualann, An Phríomhshráid, Seanghualainn, Co. Luimnigh
Campas na Sionainne, Eastát Tionscail na Sionainne, An tSionainn, Co. an Chláir
Campas Bhaile na Sionainne, Brú na Sionna, An tSionainn, Co. an Chláir
Campas Thuaim Gréine, Áras Bhriain Bhórú, An Phríomhshráid, Tuaim Gréine, Co. an Chláir
Campas Chrosaire Theach na Faire, Bóthar Chill Liaile, Luimneach
Ionaid Oiliúna Pobail
Cathair Luimnigh - faoi choimirce Sheirbhís Óige Luimnigh
Inis - faoi choimirce Sheirbhís Óige Luimnigh

**SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA BREISOIDEACHAIS & OILIÚNA**
Seirbhís Tacaíochta Faisnéise, Earcaíochta agus Treorach
    Cathair agus Contae Luimnigh - Coláiste FET, Campas Ascaill Uí Chonaill, Cathair Luimnigh
    Contae an Chláir - Coláiste FET, Campas na hInse, Inis, Co. an Chláir
    Seirbhís Tacaíochta um Rannphháirtíocht Fiontraíochta
    Coláiste FET, Campas Raithin, Luimneach
    Seirbhís Tacaíochta um Chuimsiú Gníomhach
    Coláiste FET, Campas Bhóthar Chill Mocheallóg, Luimneach
Seirbhís Tacaíochta um Nuálaíocht, Forbairt agus Cáilíocht
Taighde, Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta agus Forbairt Ghairmiúil - Coláiste FET, Campas Bhóthar Chill Mocheallóg, Luimneach
Dearbhú Cáilíochta - Coláiste FET, Campas na hInse, Inis, Co. an Chláir

**SOLÁTHAR OIDEACHAIS & OILIÚNA ALLAMUIGH**
Ionad Oideachais & Oiliúna Allamuigh Bhoirne, Béal an Chloga, Co. an Chláir
Ionad Oideachais & Oiliúna Allamuigh Chill Fhíonáin, Cill Fhíonáin, Co. Luimnigh

**SOLÁTHAR OIDEACHAIS CEOIL**
Scoil Cheoil Luimnigh
Music Generation Chathair Luimnigh
Music Generation Chontae Luimnigh
Music Generation an Chláir

**SOLÁTHAR OIDEACHAIS PRÍOSÚIN**
Ionad Oideachais, Príosún Luimnigh, Sráid Mulgrave, Luimneach

**Aguisín 3**
**Gluais Giorrúchán**

| | |
|---|---|
| AEGI | Tionscnamh Treorach Oideachais d'Aosaigh |
| AMIF | An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht |
| BTEI | An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas |
| CBA | Measúnú Bunaithe sa Seomra Ranga |
| CE | Príomhfheidhmeannach |
| CC | Coláistí Pobail |
| CEFR | Creat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha |
| CFE | Coláiste Breisoideachais & Oiliúna |
| CGVU | Láraonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána |
| CL | Imlitir |
| CNS | Scoileanna Náisiúnta Pobail |
| CPD | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach |
| CSO | An Phríomh-Oifig Staidrimh |
| DCEDIY | An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige |
| DEASP | An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí |
| DEIS | Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna |
| DE | An Roinn Oideachais |
| DFHERIS | An Roinn Ardoideachais agus Breisoideachais, Oiliúna agus Fostaíochta |
| DLP | Teagmhálaí Ainmnithe |
| DPER | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe |
| ESOL | Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile |
| FARR | Iarratas agus Tuairisciú ar Leithdháileadh Maoinithe |
| FET | Breisoideachas agus Breisoiliúint: |
| RGCS | An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí |
| GV | Grinnfhiosrúchan an Gharda Síochána |
| S&S | Sláinte agus Sábháilteacht |
| IA | Measúnú Tosaigh |
| ICT | Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide |
| IRG | Faisnéise, Earcaíocht agus Treoir |
| LAOS | An Creat le haghaidh 'Ag Breathnú ar Ár Scoileanna' |
| LCDC | Coiste Forbartha Pobail Áitiúil |
| LDC | Cuideachta Forbartha Áitiúil |
| LECP | Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail |

| | |
|---|---|
| MAPP | Plean Soláthair Ilbhliantúil |
| MT | Meabhrán Tuisceana |
| MWRSF | Fóram Réigiúnach Scileanna an Iarthair Láir |
| NALA | An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh |
| nZEB | Caighdeán maidir le Foirgnimh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh |
| OETC | Breisoideachas agus Breisoiliúint Allamuigh |
| OGP | An Oifig um Sholáthar Rialtais |
| OSD | Tacaíocht agus Forbairt na hEagraíochta |
| PD | Forbairt Ghairmiúil |
| PDA | Comhaontú Seachadta Feidhmíochta |
| PDST | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí |
| PLC | An Iar-Ardteistiméireacht |
| PLSS | Córas Tacaíochta Foghlaimeora Clár |
| QA | Dearbhú Cáilíochta |
| QQI | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann |
| CS | Comhaontú Seirbhíse |
| SMT | Foireann Shinsearach Bhainistíochta |
| SPA | Comhaontú Straitéiseach Feidhmíochta |
| SOLAS | An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna |
| SSE | Féinmheasúnú Scoileanna |
| STEAM | Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Ealaín agus Matamaitic |
| ETIM | Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic |
| TEL | Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta |
| TESOL | Béarla a Theagasc do Chainteoirí Teangacha Eile |
| TNA | Anailís ar Riachtanais Oiliúna |
| UDL | Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim |
| VLE | Timpeallacht Fhíorúil Foghlama |
| VEC | Coiste Gairmoideachais |
| SDOG | Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais |
| WSE | Meastóireacht ar an Scoil Uile |